www.gaelsceal.ie

A bhfuil i ndán don Ghaeltacht

L. 7

Concubhar Ó Liatháin

L. 9

Páidí Ó Lionáird

L. 10 - 11

Creamadh nó 'Resomation', Céard é do rogha adhlactha?

L. 16 - 17

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 23

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

10.06.2011

"Tá an ealaín chomh tábhachtach céanna leis na bóithre"

Páraic Breathnach ar thodhchaí Ealaín na Gaeltachta

Treasa Bhreathnach

TÁ laghdú ollmhór i ndán do bhuiséad caipitil Údarás na Gaeltachta agus an baol ann d'eagraíochtaí áirithe a bheith buailte dá bharr.

Tá Ealaín na Gaeltachta i lár comhráití faoi láthair agus iad ag iarraidh bhuille sin an bháis a sheachaint.

Tá siad i mbun comhráití le seachtain anuas le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an gComhairle Ealaíon agus iad ag iarraidh teacht ar réiteach scéal maoinithe leanúnach Ealaín na Gaeltachta.

Deir Steve Ó Cualáin, Bainisteoir Pleanála agus Polasaí Údarás na Gaeltachta, "Tá idirbheartaíocht ar bun leis an Chomhairle Ealaíon. Bhí plé againn leo an tseachtain seo, agus measaim, agus mé sách dóchasach faoi, go mbeidh toradh na hoibre sin le feiceáil againn taobh istigh de choicís."

Ritheann an maoiniú don eagraíocht ar feadh na bliana dialainne, rud a chiallaíonn go dtiocfaidh deireadh leis an maoiniú reatha sin ag deireadh na bliana.

Cuireann Údarás na Gaeltachta 50% den bhuiséad ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta, airgead a thagann as buiséad caipitil an Údaráis. Is iad an Chomhairle Ealaíon a chuireann an 50% eile den bhuiséad, is é sin €800,000, ar fáil.

Bunaíodh Ealaín na Gaeltachta in 1996 agus is é an aidhm atá acu ná forbairt a dhéanamh ar an ealaín sa Ghaeltacht.

Tá siad mar chomhlacht agus lárionad tacaíochta d'ealaíontóirí agus féilte ealaíon sna Gaeltachtaí.

Is fochomhlacht iad Ealaín na Gaeltachta d'Údarás na Gaeltachta. Tá triúr áisitheoir ealaíon fostaithe ag Ealaín na Gaeltachta faoi láthair, duine ó dheas, duine ó thuaidh agus duine san Iarthar agus an comhlacht i mbun an plean ealaíon a foilsíodh in 2005 a chur i bhfeidhm.

Ar lean ar leathanach 3

Aimsir na Scrúdaithe linn!

[PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Daltaí ó Scoil Chuimsitheach na Trionóide i mBaile Munna i mbun oibre maidin Dé Chéadaoin. Thosaigh níos mó ná 115,000 dalta na scrúduithe stáit Dé Céadaoin na seachtaine seo le 59,000 ag déanamh na hArdteiste agus 56,000 ag déanamh an Teastais Shóisearaigh.

Thosaigh na scrúduithe le Béarla, Páipéar a hAon agus ceapadh i gcoitinne gur páipéar cóir a bhí ann agus bhí idir mhúinteoirí agus daltaí sásta leis. Sa tráthnóna bhí Eacnamaíocht Bhaile ar siúl don Ardteist agus bhí Béarla, Páipéar a Dó ag lucht an Teastais Shóisearaigh. Tá Tíreolaíocht agus Mata, Páipéar a hAon á ndéanamh inniu ag na scoláirí Ardteiste. Chríochnaigh lucht an Teastais Shóisearaigh Béarla agus Gaeilge an tseachtain seo agus tá Tíreolaíocht agus Mata, Páipéar a hAon fós le déanamh inniu. Beidh na scrúduithe stáit ar fad críochnaithe don bhliain seo Dé hAoine, 24 Meitheamh.

IDIRNÁISIÚNTA

Na céadta éigniú curtha i leith Gaddafi

Seosamh Ó Riain

IS fada go raibh an t-amhras ann, ach anois tá roinnt fianaise ina leith go bhfuil saighdiúirí dílis do Muammar Gaddafi ag úsáid ionsaithe gnéis mar uirlis troda sa chogadh sa Libia.

Sin an méid a thug Príomh-Ionchúisitheoir sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta sa Háig, Luis Moreno-Ocampo, le fios Dé Céadaoin.

Tá sé ag cur i leith Gaddafi gurb é an deachtóir féin a ghríosaigh a chuid saighdiúirí chun na céadta bean a éigniú, in iarracht na mná a náiriú agus a chéile comhraic sna fórsaí freasúra a lagú dá thoradh.

Ní amháin sin, ach tá fianaise ag Moreno-Ocampo gur cheannaigh réimeas na Libia Viagra agus gur chuir siad ar fáil é dá gcuid saighdiúirí chun sporadh sa bhreis a thabhairt dóibh dul i mbun ionsaithe gnéis.

Is dócha go gcuirfidh Moreno-Ocampo éigniú leis na coireanna cogaidh a chuirtear i leith Gaddafi cheana.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Líomhaintí mí-úsáide i gcoinne an tí altranais 'Rostrevor'

Treasa Bhreathnach

TÁ socruithe déanta ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) chun an teach altranais 'Rostrevor' i mBaile Átha Cliath a dhúnadh tar éis líomhaintí i gcoinne roinnt de na fostaithe, líomhaintí a bhain le mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid ó bhéal.

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag cuardach lóistín eile don 23 seanduine a bhí ina gcónaí sa teach altranais.

Baineann na líomhaintí i dtaobh mí-úsáid ó bhéal agus mí-úsáid fhisiciúil le cúigear de na daoine a bhí ina gcónaí ann agus téann na líomhaintí siar chomh fada le 2008. Rinneadh na líomhaintí seo don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).

Deir an tÚdarás gurbh ábhar imní dóibh, "na tuairiscí de thitim, gortuithe agus eachtraí" sa teach. Scaoil triúr den fhoireann oibre an t-eolas seo nuair a bhí iniúchadh á dhéanamh ar an teach an mhí seo caite.

Líomhain amháin a rinne siad ná go mbíodh cúntóir cúraim, ar fear é, a dtugtar 'Care Assistant P' air sa mhionscríbhinn, go rialta ag tabhairt seanbhean go dtí an leithreas leis féin. Deir an tÚdarás sa mhionscríbhinn a rinne siad, "Nuair a dhéanann sé é seo, deir an fhoireann oibre go gcloiseann siad [an bhean] ag screadaíl agus go dtarlaíonn sé seo go rialta."

Deirtear chomh maith gur bhuail an cúntóir cúraim céanna cloigeann seanfhir in aghaidh dorais in 2010. Is é an scéal a dúirt sé leis an gcuid eile den fhoireann a insint, dá gceisteodh mac an fhir iad faoin mbrú craicinn agus faoin bhfuil ar éadan a athar, gur thit an seanfhear agus gur bhuail sé a chloigeann i gcoinne ardaitheora (hoist).

Tuairiscíodh an cás seo go dtí úinéirí an tí altranais ag an am ach is cosúil nach ndearna siad tada faoi.

Rinneadh líomhain eile i gcoinne an chúntóra cúraim chéanna, go raibh sé feicthe ag tabhairt buille do chónaitheoir eile san éadan nuair a bhí sé á chur sa leaba.

Dar le HIQA, bhí faitíos ar roinnt den fhoireann oibre agus iad ag tabhairt fianaise go gcaillfeadh siad a bpost.

Bhí roinnt acu ag brath ar a bpost sa teach altranais dá víosaí oibre sa tír, agus faitíos orthu dá gcaillfeadh siad a bpost go mbeadh orthu Éire a fhágáil.

Tugadh poiblíocht do roinnt líomhaintí mí-úsáide sa teach le blianta beaga anuas agus dá bharr baineadh an cúntóir cúraim sin de chlár an Bhoird Altranais i mí na Nollag 2010.

Baineadh beirt altra eile den chlár chomh maith, ceann acu siúd ná úinéir an tí altranais 'Rostrevor', Therése Lipsett.

Deir HIQA, cé gur iarr siad ar Therése Lipsett seasamh siar ón teach altranais, go raibh baint aici leis fós suas go dtí 22 Márta.

Deir an tAire Stáit do Mhíchumas, Comhionannas agus Meabhair-Shláinte, Kathleen Lynch, go dtaispeánainn an cás seo an gá atá ann le reachtaíocht sceithire (*whistleblower*), mar gheall go raibh faitíos ar thriúr sa chás seo a bpost a chailleadh.

Ceist laghdaithe ráta úis ár bpacáiste tarrthála ardaithe ag an bhfreasúra

Treasa Bhreathnach

BHÍ ceisteanna le freagairt ag an Taoiseach Enda Kenny arú inné, faoi ráta úis na hÉireann ar an bpacáiste tarrthála agus faoin bhfáth nár ardaigh sé an cheist le ceannairí an Aontais Eorpaigh.

Tá brú á chur chomh maith ar an Taoiseach agus ar an Aire Airgeadais Michael Noonan ag ceannaire na Fraince, Nicolas Sarkozy, agus é ag iarraidh an ráta cánach corparáide a laghdú ó 12.5%. Caithfidh an Fhrainc tacaíocht a fháil ó 27 tír san Aontas Eorpach don laghdú cánach seo.

Dar leis an Taoiseach Enda Kenny tá sé 'mí-fhéaráilte' nach mbeadh an laghdú céanna ráta úis ag Éirinn agus ag tíortha eile. Síleann an Taoiseach Kenny go bhfuil 'leasanna náisiúnta' ag cur bac ar Éirinn laghdú a fháil ina ráta úis, an laghdú céanna agus a fuair an Ghréig agus an Phortaingéil.

Bhí sé ag freagairt líomhaintí an fhreasúra nár éirigh leis an rialtas margadh a fháil chun a ráta úis ar an bpacáiste tarrthála a laghdú. Deir Mary Lou McDonald ó Shinn Féin go raibh an Taoiseach ag seasamh siar ó bheith ag éileamh go laghdófaí an ráta úis.

Deir ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, nár ardaigh an Taoiseach Enda Kenny ceist an ráta úis le ceannairí an Aontais Eorpaigh ag aon chruinniú a bhí aige leo le déanaí. D'éiligh sé ar an Taoiseach go n-ardódh sé an cheist ag an chéad chruinniú eile ar an 17 Meitheamh. Deir an Taoiseach go ndéanfaidh sé é sin.

Go dtí seo tá rialtas na hÉireann tar éis €15.6 billiún a fháil ón bpacáiste tarrthála ar ráta úis 5.8% agus má tharlaíonn sé go bhfaigheann an rialtas laghdú ar an ráta úis sin, beidh sé á chur i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair / mí na Samhna seo chugainn. Má bhíonn ráta úis nua i gceist is ar €24.6 billiún a bheidh sé, an méid a bheidh ar fáil ag Éirinn ón bhfómhar ar aghaidh.

Tús curtha le réiteach fhadhb na scáileastát

Treasa Bhreathnach

Tá Coiste Comhordaithe Náisiúnta nua bunaithe ag an rialtas chun déileáil le fadhb na scáileastát in Éirinn. Bunaíodh an coiste seo mar thoradh ar fhoilseacháin nua a thaispeánann go bhfuil níos mó ná 30,000 teach sa tír atá folamh nó nach bhfuil fiú críochnaithe fós. Taispeánann an tuarascáil go bhfuil 1,600 eastát sa tír ar gá obair mhór a dhéanamh orthu.

Is é an tAire Stáit do Thithíocht agus Pleanáil sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Liam Penrose, a bheidh mar chathaoirleach ar an gcoiste. Is é an aidhm a bheidh ag an gcoiste ná cúrsaí a bhainistiú ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta. Labhair an tAire Penrose ag seoladh na tuarascála deiridh de chuid an Ghrúpa Comhairliúcháin ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe (Advisory Group on Unfinished Housing Developments). Ghlaoigh an tAire Penrose ar na baincéirí, ar na forbróirí, ar NAMA, agus ar na húdaráis áitiúla oibriú le chéile sa chaoi agus go mbeadh réiteach na faidhbe ar fáil.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Oifig na Gaillimhe :
00353-91-536201

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Féile na gCurrachaí ar an Spidéal, Co. na Gaillimhe

NÍL TADA EATARTHU! Níl mórán idir na foirne seo ag rásaíocht go dtí an chéad chasadh le linn Fhéile Rásaí na Gaillimhe ar an Spidéal ar an deireadh seachtaine seo caite. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN.

Ráiseanna Bhéal Bán

Gan dubh d'ionga eatarthu ag Ráiseanna Bhéal Bán 2011 a bhí ar siúl ar thráigh an Bhéil Bháin i gCorca Dhuibhne an deireadh seachtaine seo caite [PIC: BREANDÁN MAC GEARAILT]

Deireadh le curiarracht an '*Naked Adventurer*'

Treasa Bhreathnach

BHÍ ar an bhfear Éireannach, Keith Whelan, a churiarracht dhomhanda a bheith ar an bhfear is óige chun an tAigéan Indiach a thrasnú leis féin, a fhágáil i leataobh an tseachtain seo. Bhí sé i gceist go dtógfadh an turas seo 14 seachtain. Ghlaonn Keith '*The Naked Adventurer*' air féin mar gheall go mbíonn sé ag iomrá agus é nocht chun deargadh (*chafing*), a thagann de bharr shalann na farraige ar éadach, a sheachaint.

Chaith tonn trasna a chábáin chodlata é agus ghearr sé a chloigeann nuair a bhí sé 200 cilimeádar amach ó chósta thiar na hAstráile. Deir sé go raibh sé ina chodladh nuair a tharla an eachtra, "Bhí iontas orm, go hiondúil is féidir leat tonn a chloisteáil, níor chuala mé dada. Ó shin tá sé ráite gurbh fhéidir gur míol mór a bhí ann, ach níl a fhios agam." Bhí gearradh 8 cm ar a chloigeann agus ní raibh sé féin in ann fuáil a dhéanamh air féin. Rinneadh lastlong Sheapánach é a tharrtháil agus rinneadh damáiste dá bhád iomrá nuair a bhí sé á thabhairt ar an lastlong.

Beidh ar Keith Whelan a churiarracht a chur ar ceal mar gheall ar an méid ama a thógfaidh sé chun an bád a dheisiú, rud a fhágfaidh nach mbeidh an aimsir feiliúnach don iomrá.

Bhí Keith ag bailiú maoiniú don eagraíocht charthanach, 'Keep a Child Alive' agus deir urlabhraí dá gcuid, "Breathnóidh sé isteach sa scéal chun é a dhéanamh arís an bhliain seo chugainn ach braithfidh sé sin ar a chuid urraitheoirí."

Is as Contae Chill Dara é Keith, agus bhí sé ag caitheamh éadaí nuair a rinneadh é a tharrtháil.

"Tá an ealaín chomh tábhachtach céanna leis na bóithre"

Páraic Breathnach ar thodhchaí Ealaín na Gaeltachta

Ar lean ó leathanach a hoan

Cuireann siad suas le 25 sparánacht ar fáil d'ealaíontóirí aonair in aghaidh na bliana agus tacaíocht eile neamhmhaoinithe ar fáil d'ealaíontóirí agus eagrais ealaíon i rith na bliana.

Deir Micheál Ó Fearraigh, atá fostaithe ag Údarás na Gaeltachta mar fheidhmeannach forbartha d'Ealaín na Gaeltachta, "Tá cinntí á ndéanamh faoi láthair faoi bhuiséad Ealaín na Gaeltachta idir an dá eagraíocht agus an comhlacht neamhspleách Ealaín na Gaeltachta, díreach mar a bhí cinntí á ndéanamh ar an mbuiséad anuraidh."

Cé go mbíonn na comhráití céanna á ndéanamh gach bliain ar bhuiséad Ealaín na Gaeltachta, ní gach bliain a bhíonn buiséad Údarás na Gaeltachta laghdaithe chomh mór agus cinntí substaintiúla le déanamh acu dá bharr.

Ní mó ná dóchasach atá Páraic Breathnach, an t-aisteoir, ealaíontóir agus stiúrthóir agus bunaitheoir féilte ealaíon. "Níl aon seans go gcuirfidh an Chomhairle Ealaíon suas an 50% breise den mhaoiniú d'Ealaín na Gaeltachta má tharraingíonn Údarás na Gaeltachta a gcuid maoinithe siar," a deir sé.

Deir sé chomh maith, "Tá an ealaín chomh tábhachtach céanna leis na bóithre sa Ghaeltacht agus ba cheart go bhfeicfeadh an tÚdarás é sin. Is í an earnáil is mó a bhfuil dul chun cinn ann ná an earnáil físe agus chultúrtha sna Gaeltachtaí agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dó.

Tá níos mó seans go dtiocfaidh forbairt ar an earnáil físe agus chultúrtha sna Gaeltachtaí, ná mar shampla an earnáil éisc! Ba cheart don Údarás tús áite a thabhairt don ealaín."

Bhí ráitis ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge sa Seanad inné, áit a raibh an tAire Stáit Dinny McGinley i láthair agus é ag éisteacht le ráitis na Seanadóirí nuathofa.

D'ardaigh an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ceist Ealaín na Gaeltachta agus bhí sé ag iarraidh deimhniú a fháil ón Aire McGinley ar thodhchaí maoinithe an chomhlachta. Deir an Seanadóir Ó Clochartaigh, "Thóg sé fiche bliain orainn infreastruchtúr ealaíon a chur ar aghaidh sna Gaeltachtaí agus níor mhaith linn go mbeadh aon dochar déanta don infreastruchtúr sin."

Feachtas

Campa Samhraidh
An Muileann gCearr

Scoil Naomh Fhinín

Campa A: 4ú—8ú Iúil/ *July*

Aoisghrúpa: 10—15 bliana d'aois/ *years old*

Campa B: 11ú—15ú Iúil/ *July*

Aoisghrúpa: 8—12 bliana d'aois/ *years old*

Foghlaim na Gaeilge, Spórt, Ceol, Craic, Damhsa, Drámaíocht, Turas lae

Costas/*Cost*: €70

Eolas/ *Information:* 087 9046136

Rphost/ *Email*: ursula.feachtas@gmail.com

(Please do not contact St. Finian's for info on Campaí Samhraidh)

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

"Ba cheart dó seasamh suas agus é féin a chur in aithne"

Ba bhall den DUP a rinne gearán faoi Tom Elliot a bheith ar thórramh Caitliceach ach tá go leor tacaíochta ag Elliot taobh istigh den Ord Buí.

Anton Mac Cába

BA chomhalta den Pháirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) a rinne gearán leis an Ord Buí mar go ndearna Tom Elliott, ceannaire Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP), agus Danny Kennedy ón bpáirtí, freastal ar Aifreann. Sin líomhain a dhéanann foinsí sa UUP.

Rinne Elliott agus Kennedy, gur fir bhuí iad, freastal ar thórramh an Chonstábla Ronan Kerr, ar mharaigh an Fíor-IRA é dhá mhí ó shin. Fuair an tArd-Lóiste litir ghearáin ó lóiste amháin i mBéal Feirste. Tá 1,200 lóiste san Ord. Ní fios an duine nó an lóiste a rinne an gearán.

Dúirt urlabhraí thar ceann an Oird go mbeadh an chéad chruinniú eile den Ard-Lóiste ann an 15 Meitheamh.

Dúirt sé nach raibh rud ar bith eile le rá aige.

Ach dúirt foinse sinsearach san Ord: "Ní dóigh liom go dtarlóidh rud ar bith dá bharr seo. Téann fir bhuí chuig tórraimh Chaitliceacha an t-am ar fad."

Dúirt Ross Hussey, Comhalta den Tionól Reachtach ón UUP, gur chuir seasamh an ghearánaí fearg air. "Ba cheart dó seasamh suas agus é féin a chur in aithne," arsa Hussey.

Is fear buí é Hussey. Bhí sé féin ar thórramh Ronan Kerr. Tá sé ag déanamh freastail ar thórraimh Chaitliceacha ó bhí sé ina ghasúr óg.

Tom Elliot, ceannaire an UUP agus fear buí.

Tá sé in éadan rialacha an Oird ag comhalta bheith i láthair ag Aifreann. Ach tá sé coitianta, go háirithe faoin tuath, ag fir bhuí bheith ar Aifreann. Dúirt fear buí as baile cois teorann nár labhair sé le fear buí ar bith a cháin Elliott agus Kennedy. "Cibé lóiste mar ar tharla seo, ba cheart é a chiceáil amach ag an tús," ar seisean. "De ghnáth, tagann an gearán ó do lóiste féin. Ba cheart nach mbeadh duine ábalta gearán a dhéanamh faoi dhuine i lóiste agus contae eile.

"Cé mhéad comhalta den Ord a théann chuig tórraimh comharsan, go dtugtar cuireadh dóibh dul chuig bainiseacha? Dá gcuirfí an riail i bhfeidhm, dhíbreofaí cuid mhór ball den Ord."

Tá dream san Ord a thugann tacaíocht don ghearán. Is le 'Orange Reformation' a bhaineann siad, den chuid is mó. Dar le hOrange Reformation, tá siad ann leis an Phrotastúnachas a chur ar ais san Ord. Dúirt séiplíneach, an tUrramach David McCarthy, gur ceart Elliott agus Kennedy a dhíbirt. Is ministir Preispitéireach i mBéal Feirste é McCarthy. "Tá sé den bharúil gur cheart don Ord bheith ag seinm an trumpa ar son an Reifirméisin, agus go bhfuil sé ró-liobrálach," arsa ministir Preispitéireach eile.

Imní ann faoi "fhuadach na n-imreoirí"

"Tá an chontúirt ann sa tuaisceart go gcríochnóimid le foireann Phrotastúnach do phobal Protastúnach": Éamonn McCann

Anton Mac Caba

TÁ imreoirí ón tuaisceart in ann imirt le foireann Phoblacht na hÉireann de bharr Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tugann sé cead do gach duine a bheirtear ó thuaidh pas Éireannach a fháil. Den chuid is mó, is imreoirí ó chúlra Caitliceach atá ag aistriú ó dheas.

Cuireann sé seo imní ar an iriseoir Éamonn McCann. "Tá an chontúirt ann sa tuaisceart go gcríochnóimid le foireann Phrotastúnach do phobal Protastúnach," ar seisean. "Tá an chontúirt ann go mbeadh sé cosúil le Celtic agus Rangers. In Albain, tá sé sin ina chúis leis an seicteachas. In ionad daoine a thabhairt le chéile, thiocfadh leis an sacar daoine a thiomáint óna chéile."

Níl McCann sásta le Cumann Sacair na hÉireann (FAI - an eagraíocht ó dheas). "Ní thuigeann siad an rud lena bhfuil siad ag plé," ar seisean.

Shéan urlabhraí thar cheann an FAI go raibh siad ag earcú imreoirí ón tuaisceart ar an bhonn gur Caitlicigh iad. "Tagann daoine chugainn - tuismitheoirí, clubanna, imreoirí - ag rá gur mhaith leo imirt do Phoblacht na hÉireann," arsa an t-urlabhraí.

Ba é Alan Kernaghan an chéad imreoir tuaisceartach a d'imir do Phoblacht na hÉireann. Ba Phrotastúnach a rugadh i Sasana é, gurb as Beannchar dá thuismitheoirí. Nuair nár thug foireann an tuaiscirt seans dó, d'athraigh sé a dhílseacht.

Dar le go leor Caitliceach, ní bhaineann foireann an tuaiscirt leo. Tá na clubanna tacaíochta i gceantair Phrotastúnacha. I measc na n-ainmeacha atá orthu tá *Portadown Loyal*, *Woodvale Loyal* agus *Black Dog Loyal*. Tá nod ann don chultúr Gaelach, áfach; *Hounds of Ulster* atá ar chlub amháin acu.

Tá fadhb leis an seicteachas i measc thacadóirí an tuaiscirt. Thar na blianta, tá imreoirí Caitliceacha á maslú - ag cuid de lucht tacaíochta a bhfoirne féin. I mí Feabhra, bhí buíon de lucht tacaíochta an tuaiscirt ag ceol an amhrán seicteach 'We are the Billy Boys' tar éis cluiche i mBaile Átha Cliath. Rinne siad imeaglú ar a raibh i dteach tábhairne. Fuair Neil Lennon masla agus ansin bagairt báis agus é ag imirt don tuaisceart - mar gur Caitliceach ón Lorgain é a bhí ag imirt do Cheiltigh Ghlaschú.

Chuir an masla agus an bhagairt olc ar go leor den lucht tacaíochta. Dúirt Derek Hussey ó Chumann Tacaíochta Chaisleán na Deirge gurb é dearcadh an ghnáth-thacadóir gur imir sé don tuaisceart agus go ndearna sé a sheacht ndícheall. "Bhí an Club Tacadóirí againne ar a shon," ar seisean. "Am ar bith go raibh an liathróid aige, thugadh siad bualadh bos dó." Mar sin féin, thug an droch¬íde ar Lennon éirí as an sacar idirnáisiúnta.

Tá imreoirí ó chúlra Caitliceach/náisiúnach ag imirt leis an tuaisceart ar fad. D'imir Niall McGinn peil Ghaelach don Domhnach Mór i dTír Eoghain, agus bhí sé ar fhoireann faoi 21 an chontae. Roghnaíodh ar fhoireann an tuaiscirt é agus é ag imirt le foireann Chathair Dhoire i Sraith na hÉireann. Tá sé anois le Ceiltigh Ghlaschú. Níos luaithe sa bhliain, cuireadh piléir sa phost chuige. Is as cathair Dhoire do Paddy McCourt. Bhíodh seisean ag imirt le Cathair Dhoire fosta, é anois le Ceiltigh Ghlaschú chomh maith.

Bhí, in am amháin, ceangal láidir idir foireann Chathair Dhoire agus foireann an tuaiscirt. Ba iar-imreoirí tuaisceartacha go leor den fhoireann bainistíochta. Bhíodh Anne Fox ag obair leis an chlub. Nuair a chuireadh foireann Thuaisceart Éireann scairt ar imreoir is minic gurbh fhearr leis imirt le Poblacht na hÉireann, go dtí gur labhair an bainsteoir leis. Dar le Anne, "Déarfadh seisean, muna dtapaíonn tú an deis seo, b'fhéidir nach nglaofar ort, agus b'fhéidir nach mbeidh tú choíche i d'imreoir idirnáisiúnta."

Go dtí na 1950idí, bhíodh imreoirí ón deisceart ag imirt don tuaisceart. Ba eagraíocht uile-Éireannach a bhíodh san IFA, a bunaíodh in 1880. Bunaíodh an FAI i 1921, ach níor aithin an IFA ar feadh i bhfad é.

Is féidir an taobh spóirt den scéal seo a léamh ar l. 31.

5 eagraíocht Ghaeilge le teacht le chéile mar "Aonad Pleanála"

Comhoibriú níos foirmiúla agus níos struchtúraithe i ndán d'eagraíochtaí Gaeilge

Le Ciarán Mac Fhearghusa, i mBaile Átha Cliath

TÁ plé idir lámha ag cúig eagraíocht bhunmhaoinithe ón stát maidir le teacht le chéile chun feidhmiú mar Aonad Pleanála amháin ar son chur chun cinn na Gaeilge.

Is iad Comhluadar, Glór na nGael, Comhaltas Uladh, Seachtain na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge na heagraíochtaí sin.

Is mar fhreagra atá sé ar an tSamhail Nua Maoinithe, treoir a tháinig ón gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas siar in 2009, maidir le líon na n-eagraíochtaí Gaeilge a laghdú.

Dar le Feargal Ó Cuilinn, Stiúrthóir Comhluadar, "Tá an-chomhoibriú idir na heagraíochtaí atá ag feidhmiú i measc an phobail agus ag obair ar an talamh ar fud na tíre. Is rud an-nádúrtha é go mbeadh gaol láidir idir na heagraíochtaí sin ach más féidir linn teacht ar bhealach chun ár gcuid oibre a bhaint amach ar bhealaí níos éifeachtúla táimse go hiomlán ina bhfabhar."

"Tá buntáistí ann ó thaobh soláthar seirbhísí do phobal na Gaeilge agus ar mhaithe le pobal na Gaeilge is féidir linn gach réimse a chlúdach ón gcliabhán go dtí an tseanaois. Tá an obair atá ar siúl ag na heagraíochtaí fite fuaite faoina chéile agus tá comhoibriú ag tarlú ar bhonn neamhfhoirmiúil i gcónaí. Ach tá muid anois ag iarraidh é a chur ar bhonn níos foirmiúla agus níos struchtúraithe."

Feargal Ó Cuilinn, Comhluadar
PIC: COMHLUADAR

"Tá sé deacair seirbhís amháin a sholáthar agus easpa roghanna ann leis na seirbhísí eile. Tá ceantair ann le teaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge. Tá sé deacair ag aon eagraíocht bheag amháin cosúil linne freastal ar riachtanais gach tuismitheora ach le foireann níos mó ag feidhmiú ar phlean oibre aontaithe idir na heagraíochtaí ciallaíonn sé go mbeidh daoine ar fáil chun obair Comhluadar a dhéanamh in áiteanna eile sa tír mar chuid dá gcúram mar oifigeach forbartha, le Glór na nGael mar shampla. Níl aon dabht ach go mbeidh sin ar leas na Gaeilge."

"Is féidir liom a rá ag an tráth seo go bhfuil dréachtscéimeanna ann ach tá feoil fós le cur orthu agus an fhoirm bheacht le cinntiú. Ní fios fós cén buiséad a bheidh ar fáil, áfach, ní hamháin do na heagraíochtaí ach chun obair na n-eagraíochtaí a bhaint amach, mar gurb é sin an rud is tábhachtaí. Ní fios ach an oiread cén saghas crutha a bheidh ar earnáil na Gaeilge tar éis na Samhla Nua Maoinithe," arsa an tUasal Ó Cuilinn.

Tuigtear do Gaelscéal go bhfuil Comhluadar bunaithe anois i 6 Sráid Fhearchair, ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge.

Cúrsaí Oideas Gael do chách

Tomaí Ó Conghaile

"IS féidir linn!" a d'fhógair Uachtarán SAM, Barack Obama, nuair a labhair sé os comhair an phobail i mBaile Átha Cliath le déanaí agus is é "Is Féidir Liom" an mana a bheas le cloisteáil i measc foghlaimeoirí Gaeilge i nGleann Cholm Cille le linn an tsamhraidh seo.

Agus spéis sa Ghaeilge á méadú de réir a chéile, tagann daoine as Éirinn agus níos faide i gcéin, Tuaisceart Mheiriceá agus an Eoraip go háirithe, chuig an cheantar beag i ndeisceart Dhún na nGall le freastal ar réimse cúrsaí agus imeachtaí a chuireann Oideas Gael ar fáil gach bliain.

Is iad na gnáthchúrsaí Gaeilge d'fhoghlaimeoirí is mó a mheallann daoine ann, ach dírítear chomh maith orthu siúd atá líofa cheana féin le cúrsaí ardleibhéil Gaeilge.

Bíonn dhá chúrsa cruinnis Gaeilge á dtairiscint, ceann acu i mí Iúil agus an ceann eile i mí Lúnasa. Tá cúrsa in oiliúint mhúinteoirí ar fáil (4-8 Iúil) atá dírithe i mbliana ar na hacmhainní atá ar fáil le Gaeilge a theagasc ar shlite níos éifeachtúla; beidh ceardlanna ar Séideann Sí, Ící Pící agus ar ábhair theagaisc an Áisaonaid i mBéal Feirste.

Beidh cur i láthair á thabhairt ag Donnchadh Ó Baoill, Údarás na Gaeltachta, ar straitéisí nua-aimseartha leis an tuismitheoir a mhealladh isteach chun tacú le hiarrachtaí na scoile.

Bíonn rachairt gach aon bhliain chomh maith ar an chúrsa aistriúcháin 'Ó Bhéarla go Gaeilge' leis an Dr Antain Mac Lochlainn, saineolaí aitheanta a chuireann an t-ábhar ar fáil ar bhealach pléisiúrtha, taitneamhach.

Tá réimse leathan de laethanta saoire cultúrtha ar fáil fosta idir siúl sléibhe, péintéireacht, feadóg agus cláirseach agus staidéar timpeallachta. Tá na cúrsaí seo uile aitheanta ag an Roinn Oideachais do laethanta saoire pearsanta agus tá ráta ar leith ar fáil ag bunmhúinteoirí a chláraíonn dóibh.

Má tá spéis agat leas a bhaint as aon cheann de na himeachtaí seo agus tréimhse a chaitheamh in atmaisféar 'uiledhomhanda' Ghleann Cholm Cille, is féidir tuilleadh eolais a fháil ó www.oideas-gael.com agus ar 074 97 30248.

Soiléirithe

IN eagrán na seachtaine seo caite, bhí scéal ann ar leathanach a haon de Gaelscéal, 'Údarás Spochta' ina ndúradh, "Ní fios go fóill céard atá i ndán do struchtúr agus d'oibrithe an Fhorais san eagraíocht úr," agus tagairt á déanamh don 'Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta' atá luaite sa Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge.

Ní raibh sé i gceist ann todhchaí an Fhorais a cheistiú, tá sé sin cosanta ag Comhaontú Aoine an Chéasta, ach bhí sé i gceist ann ceist a chur maidir leis an ghaol idir an tÚdarás atá beartaithe sa Straitéis agus an Foras.

Ba mhaith le Gaelscéal soiléiriú a dhéanamh ar an scéal a bhí againn coicís ó shin faoi Áis, dáilitheoirí leabhair Ghaeilge. Dúradh sa scéal go bhfuil Áis gan bhainisteoir ó thús 2011, ach 2001 a bhí i gceist againn. Ciallaíonn sé sin go bhfuil Áis deich mbliana gan bhainisteoir agus gan stiúir.

An bhfuil tusa ag iarraidh a bheith páirteach i bhfógra teilifíse RnaG?

Treasa Bhreathnach

TABHARFAIDH foireann RTÉ Raidió na Gaeltachta aghaidh ar Ghleann Colm Cille an deireadh seachtaine seo agus iad i mbun éisteachtaí le cliar a aimsiú dá bhfógra úrnua teilifíse.

Beidh an fógra seo á thaifead i nGleann Colm Cille i nDún na nGall ar 30ú Meitheamh. Beidh RTÉ Raidió na Gaeltachta ag craoladh ó Ghleann Cholm Cille ar an lá sin agus beidh barbaiciú agus féasta beag acu le ceol agus spraoi á chur ar fáil acu do mhuintir an cheantair. Is iad buaiteoirí Ghradaim Chumarsáide an Oireachtais, Rónán Mac Aodha Bhuí agus Eibhlín Ní Chonghaile beirt de na láithreoirí a bheidh san fhógra.

Is in Oideas Gael a bheidh na héisteachtaí ar siúl ó 11rn go dtí 5in agus tá cuireadh oscailte tugtha do gach duine a mbeadh spéis acu a bheith sa bhfógra. Ní gá go mbeadh taithí aisteoireachta agat chun páirt a ghlacadh sa bhfógra.

Beifear ag líonadh 8 bpríomhpháirt agus beidh íocaíocht bheag ar fáil do na daoine a bhainfidh amach na páirteanna seo. Beidh suas le 100 duine breise ag teastáil chun a bheith ag obair go deonach mar aisteoirí breise, nó 'extras'.

Is iad na páirteanna atá le líonadh ná imreoirí peile, cailín atá ina damhsóir gaelach idir 7 agus 12 bhliain d'aois, leaid óg idir 16 - 21 bhliain d'aois a bhfuil spéis aige sa cheol agus triúr ban sna caogaidí nó os a chionn sin ar mhaith leo a bheith ag comhrá agus ag gáire.

Beidh neart aisteoirí breise ag teastáil, lucht CLG, imreoirí agus lucht tacaíochta, múinteoirí, damhsóirí Gaelacha agus neart eile. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.rte.ie/rnag.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

Cinntí an Rialtais chun an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm

Treasa Bhreathnach

AR an Aoine seo caite d'fhógair an tAire Gnóthaí Gaeltachta, Dinny McGinley, cinntí críochnúla an rialtais maidir le sainmhíniú nua ar an nGaeltacht agus an bealach ina mbeidh na cinntí seo á gcur i bhfeidhm.

Beidh sainmhíniú nua ar an nGaeltacht i gceist faoin mBille Gaeltachta atá á réiteach ag an rialtas faoi láthair. Faoi seo beidh critéir theangeolaíochta i gceist dár nGaeltachtaí in áit limistéir gheografacha.

Tá sé i gceist go dtabharfar stádas reachtúil do 'Ghaeltacht ghréasáin', ceantar atá taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta mar atá siad faoi láthair. Is ceantair iad seo den chuid is mó atá lonnaithe i bpobail uirbeacha nó chathrach.

Tá sé i gceist go dtabharfar stádas reachtúil chomh maith do '**Bhailte Seirbhíse Gaeltachta**', is é sin áit ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do cheantar Gaeltachta.

Ba é an uair dheireanach a rinneadh sainiú reachtúil ar an nGaeltacht ná in 1956 agus faoi Alt 3 (2), An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), is é an sainmhíniú a bhí agus atá i gceist don Ghaeltacht ná: "límistéirí sonraithe, is límistéirí ar Gaeilgeoirí mórchuid de na daoine iontu agus límistéirí ina n-aice sin ar dóigh leis an Rialtas gur cheart iad d'áireamh sa Ghaeltacht d'fhonn an Ghaeilge a chaomhaint agus a leathnú mar ghnáthurlabhra."

Dar leis an 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht', d'fhéadfadh go mbeadh trí limistéar Gaeltachta i gceist dár nGaeltachtaí. Limistéir Chatagóir A ina bhfuil breis is 67% dá ndaonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge, limistéir Chatagóir B ina bhfuil idir 44%-66% dá ndaonra iomlán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus limistéir chatagóir C a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge.

Níor luadh aon chéatadán ná sonraí cáilithe an tseachtain seo caite do 'Bhailte Seirbhíse Gaeltachta' ná do 'Ghaeltacht ghréasáin'. Beidh tionchar ag úsáid na teanga sa cheantar ar an stádas Gaeltachta chomh maith, i scoileanna sa cheantar chomh maith le hionaid pobail mar chlubanna spóirt srl.

Dar leis an 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht', "Níor cuireadh aon mheicníocht ná aon chritéir ar fáil sa reachtaíocht," do shainmhíniú na nGaeltachtaí in 1956, "a chuirfeadh ar chumas an Stáit féin nó ar chumas thaighdeoirí Gaeltachta ina dhiaidh sin, idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla pobal teanga."

Dinny McGinley TD, an tAire Stáit don Ghaeltacht

Is é an 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' an mheicníocht a bheas á húsáid ag an rialtas seo chun a gcuid cinntí a dhéanamh agus beidh sí in úsáid acu freisin mar shlat tomhais ar na cinntí céanna.

Níl aon athrú mór i gceist do na heagraíochtaí Stáit a bhfuil dualgais na teangan orthu ar bhonn uile-oileánda. Fanfaidh an fhreagracht do ghnóthaí Gaeltachta, sa Ghaeltacht agus taobh amuigh de, leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh Foras na Gaeilge fós ag comhlíonadh a gcuid dualgas ar bhonn uile-oileánda ach breathnófar ar na féidearthachtaí gurbh fhéidir le Foras na Gaeilge seachadadh a dhéanamh ar eilimintí den Straitéis. Luíonn ról Fhoras na Gaeilge leis an méid a bhí luaite leis sa Straitéis.

Ó thaobh na Gaeltachta de, coinneoidh Údarás na Gaeltachta na freagrachtaí teanga sa nGaeltacht, díreach mar atá i gceist faoi láthair.

Tá roinnt athruithe reachtúla i gceist d'Údarás na Gaeltachta faoi bhille na Gaeltachta. As seo amach beidh sé de chumhacht ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta treoir a thabhairt don Údarás a gcuid acmhainní a dhíriú i dtreo earnálacha fiontraíochta ar leith. Is léir ón bpointe seo, cé go mbeidh cúraimí fiontraíochta á gcoinneáil ag an Údarás, go mbeidh roinnt de neamhspleáchas fiontraíochta an Údaráis á chailleadh acu faoin reachtaíocht nua seo. Tá sé i gceist chomh maith go mbeifear ag comhoibriú le háisíneachtaí fiontraíochta eile.

Is é an t-athrú is mó atá i ndán do struchtúr an Údaráis ná nach mbeidh an bord tofa a thuilleadh ach go mbeidh bord, laghdaithe go mór ó scór go seachtar, ainmnithe ó bhaill tofa i gComhairlí Contae atá lonnaithe sna Gaeltachtaí.

Beidh cead ag Údarás na Gaeltachta príomhfheidhmeannach úr a cheapadh, is príomhfheidhmeannach eatramhach Seán Ó Labhraí, a bhí ag feidhmiú ón uair a chuaigh an príomhfheidhmeannach buan, Pádraig Ó hAoláin, ar scor ag deireadh na bliana seo caite.

Dúirt an tAire McGinley agus é ag fógairt chinntí an rialtais, "Fágann na cinntí rialtais seo go mbainfear leas as na struchtúir atá ann faoi láthair chun an Straitéis a sheachadadh agus go mbeidh deighilt shoiléir idir na feidhmeanna atá ag na príomhpháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht."

Faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, bhí súil go mbunófaí Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta agus go mbeadh an eagraíocht sin freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an oileáin. Is léir anois nach mbeidh sé sin ag tarlú agus is é seo an t-aon phointe ón bhfógra a rinne an tAire McGinley ar an Aoine seo caite nach raibh réamhfhógra ina leith faighte againn faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Deir an tAire McGinley go bhfuil sé ag súil go bhfoilseofar an Bille Gaeltachta, "a luaithe agus is féidir, ag brath ar amchlár reachtaíochta an rialtais."

Céard a bhí le rá ag na heagraíochtaí Gaeilge maidir le todhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta?

Conradh na Gaeilge:

TÁ Conradh na Gaeilge an-sásta gur ghlac an Rialtas leis an éileamh chun cúraimí fiontraíochta agus fostaíochta a fhágáil le hÚdarás na Gaeltachta.....Tá cúpla ceist, áfach, a ardaíodh maidir leis an méid a bhí le rá ag an Aire mar chuid den fhógra: Fógraíodh go mbeidh comhoibriú foirmeálta ag Údarás na Gaeltachta leis an IDA agus Fiontraíocht Éireann amach anseo. Céard is brí leis seo ós rud é go bhfuil caidreamh oibre eatarthu cheana féin?

I leith deiridh le toghchán do bhord an Údaráis - cén fáth gur roghnaíodh an córas seo don todhchaí, córas a bhrisfidh an ceangal idir an tÚdarás agus an pobal? Cén fáth nach mbeadh an córas fógartha ag an Taoiseach sa Dáil ar an 3 Bealtaine le hiarratais a lorg ón bpobal le folúntais ar bhoird Stáit a líonadh, nó an córas ar baineadh úsáid as le baill Bhord TG4 a cheapadh nó córas eile a ligfeadh do bhaill den phobal Gaeltachta iad féin a

chur chun cinn do Bhord an Údaráis.

Conas a bheidh Rialtas na hÉireann in ann cinnte a dhéanamh go mbeidh an Straitéis 20 Bliain do Phoblacht na hÉireann curtha i bhfeidhm anois gan an tÚdarás nua mar a bhí molta sa Straitéis, i. Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta?

Ní fiú Údarás na Gaeltachta a bheith ann gan buiséad ceart chun an obair a chur i gcrích. Rinne an tAire Stáit tagairt don bhuiséad ach tá deimhniú fós de dhíth ón Rialtas go mbeidh buiséad caipitil de €12 milliún ar a laghad ag an Údarás in 2012 chun go mbeidh siad in ann 1,000+ post a chruthú an bhliain seo chugainn.

Guth na Gaeltachta:

FÁILTÍONN muid roimh an chomhoibriú le Fiontraíocht Éireann agus leis an Údarás Forbartha Tionscail (IDA) ach beidh muid ag coinneáil súil ghéar ar an reachtaíocht nuair a fhoilseofar í le cinntiú nach bhfuil aon 'veto' ag aon cheann de na heagraíochtaí sin ar ghníomhaíochtaí an Údaráis.

Caithfear a chinntiú anois go mbeidh soiléiriú á dhéanamh ar ról an Fhorais agus na Roinne i gcur i bhfeidhm na Straitéise taobh amuigh den Ghaeltacht mar is léir go bhfuil éiginnteacht mhór in earnáil na Gaeilge le tamall anuas.

Maidir le comhdhéanamh Bhord an Údaráis, measann muid ó thaobh an daonlathais agus na tréd-hearcachta de gur céim ar gcúl do phobal na Gaeltachta é gan toghchán a bheith ann do Bhord an Údaráis a thuilleadh.....Tá muid in aghaidh an tsocraithe atá ag moladh gur chóir d'Údaráis áitiúla baill an bhoird a ainmniú mar go measann muid go bhféadfadh contúirt láidir a bheith ann go mbeadh coimhlint leasa i gceist agus fosta nach mbeadh na baill sin á n-ainmniú ar mhaithe leis an Ghaeilge agus an Ghaeltacht ach mar pháirt de shocrú 'polaitiúil' ag dáileadh amach post.

Fáiltíonn muid chomh maith roimh an fhógra go mbeidh teorainneacha na Gaeltachta á sainmhíniú de réir critéir theangeolaíochta mar a bhí molta san S.C.T. (2007) agus tá muid ag moladh go mbeadh aitheantas á thabhairt de réir na gcritéar sin do cheantair láidre Ghaeltachta ar nós Rann na Feirste tré atarraingt a dhéanamh ar na foranna toghchánaíochta. Tá sé thar am chomh maith go mbeadh aitheantas á thabhairt do na pobail sin taobh amuigh den Ghaeltacht atá ag obair go deonach ar mhaithe leis an Ghaeilge le blianta fada agus fáiltíonn muid roimhe seo.

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge:

CUIRFIDH an Chomhdháil pé cúnamh is féidir léi ar fáil do phobail Ghaeltachta chun iad a chumasú chun tabhairt faoi phleananna teanga straitéiseacha a ullmhú agus a fheidhmiú a bheidh pobalbhunaithe.

ANAILÍS

A bhfuil i ndán don Ghaeltacht

De réir an ráitis a fógraíodh ar an Aoine seo caite, fágfar Údarás na Gaeltachta ag plé leis an nGaeltacht amháin agus is ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheas an fhreagracht maidir le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá bille nua Gaeltachta le hullmhú le bonn reachtúil a chur faoin méid atá beartaithe ag an rialtas nua a dhéanamh i dtaobh na Gaeltachta.



San alt seo scrúdaíonn **Donncha Ó hÉallaithe** na himpleachtaí don Ghaeltacht a eascraíonn as na cinntí rialtais a d'fhógair an tAire Stáit, Donncha Mac Fhionnlaoich TD agus cuireann sé roinnt moltaí os comhair an rialtais a chabhródh, dar leis, le hathnuachan a dhéanamh ar an nGaeltacht.

AN rud ba shuntasaí faoi na cinntí rialtais maidir leis an nGaeltacht a fógraíodh le gairid ná go mbeidh an tÚdarás ag plé leis an nGaeltacht amháin mar a bhí go dtí seo.

Faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge bhí sé socraithe ag an rialtas deireanach go mbeadh sé mar dhualgas ar an Údarás feidhmiú na straitéise ar fud an stáit a thógáil air féin agus an fócas Gaeltachta a chailliúint. Fáiltím roimh an méid sin.

Bhí an baol ann chomh maith go gcaillfeadh an tÚdarás na feidhmeanna fiontraíochta/cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht. B'shin a bhí beartaithe ag an rialtas deireanach agus á thuar go fairsing sna meáin.

Ach anois tá sé socraithe nach mbainfear na feidhmeanna fiontraíochta den Údarás ach go ndéanfar "meicníocht a fhorbairt chun go mbeidh Údarás na Gaeltachta in ann comhoibriú le háisínteachtaí fiontraíochta eile". Ní fheicim aon deacracht leis sin más comhoibriú a bheas i gceist. Fáiltím roimh an méid sin freisin.

Struchtúr an Údaráis agus an Ghné Dhaonlathach:

Nuair a bunaíodh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 1980, ní mó ná sásta a bhíomar leis ag an am. Gaeltarra faoi ainm nua a bhí á chur ar bun ach amháin go mbeadh seachtar den Bhord de 13 le toghadh go daonlathach. I 1999 méadaíodh líon na gcomhaltaí ar an mBord go 20, 17 acu tofa. Tá sé socraithe ag an rialtas líon na gcomhaltaí ar Bhord an Údaráis "a laghdú go suntasach". Ní dochar ar bith é sin mar tá bord le 20 comhalta rómhór agus róchostasach. Ach tá sé socraithe chomh maith "deireadh a chur leis an riachtanas do thoghcháin".

Is trua go bhfuil an rialtas ag iarraidh an ghné dhaonlathach a bhaineann le roghnú Bhord an Údaráis a bhriseadh ar fad. Bhí an córas toghchánaíochta lochtach ach ní bheadh se deacair é a leigheas.

Ní ag pobal labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht atá formhór na vótaí i gcuid de na toghlaigh Ghaeltachta ach ag daoine ar bheagán Gaeilge a bhfuil cónaí orthu taobh istigh de na teorainneacha oifigiúla. Faoi láthair i dtoghlach na Gaillimhe tá níos mó daoine i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghchán an Údaráis i gcathair na Gaillimhe ná mar atá i nGaeltacht Chonamara Theas, san áit ina labhraítear Gaeilge.

Rinne an tOllamh Micheál Ó Cinnéide léirmheas ar obair an Údaráis i dtuarascáil a foilsíodh sa bhliain 2001 inar dúradh an méid seo a leanas: "Is cinnte go bhfuil gníomhaíochtaí tionsclaíochta an Údaráis tar éis cur go mór le húsáid an Bhéarla sa Ghaeltacht...Tá forbairt thionsclaíoch an Údaráis tar éis an-chuid daoine nach Gaeilgeoirí ó dhúchas iad a mhealladh chun na Gaeltachta." Ar ardaigh aon bhall tofa ar Bhord an Údaráis aon cheist faoin méid a bhí ráite ag an Ollamh Ó Cinnéide ina thuarascáil?

Taobh amuigh de thionchar na ndaoine gan Ghaeilge ar an bpróiseas toghchánaíochta, bhain fadhb eile leis an gcineál boird a bhí á thoghadh. Ba comhairleoirí contae nó iarchomhairleoirí contae an chuid is mó acu. In áit feidhmiú mar stiúrthóirí ar bhord stáit bhíodar ag feidhmiú mar a bheadh comhairleoirí ann. Ní hionann é sin agus a rá nár thug siad aon cheo chuig an mbord. Thug, cinnte, ach níor chinntigh siad go raibh an feidhmeannas ag cloí leis na cuspóirí reachtúla a bhí ar an eagraíocht i dtaobh na Gaeilge.

Easpa spéise ag na Comhaltaí Tofa sa Ghaeilge:

Is beag spéis a léirigh na polaiteoirí a toghadh ar an mBord sa phríomhchúram reachtúil atá ar an Údarás, is é sin "caomhnú is leathadh na Gaeilge mar phríomhmheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh".

Sara reáchtáladh an toghchán deireanach don Údarás in Aibreán 2004 rinne mé mionscagadh ar mhiontuairiscí na gcruinnithe a bhí ag an Údarás thar tréimhse bliana agus fuair mé amach nár ardaíodh ceist na Gaeilge ach aon uair amháin: ar 23ú Eanáir 2004 mhol Brian Ó Domhnaill (Dún na nGall) rún i dtaobh stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach. Sa ghátar ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht is fáillí mór é nach mbíonn na comhaltaí tofa sásta dul i ngleic leis an bhfadhb ag leibhéal an bhoird, go speisialta nuair atá fianaise ann go ndearna obair forbartha an Údaráis dochar millteanach don Ghaeilge siar thar na blianta.

Rinne an tOllamh Micheál Ó Cinnéide léirmheas ar obair an Údaráis i dtuarascáil a foilsíodh sa bhliain 2001 inar dúradh an méid seo a leanas: "Is cinnte go bhfuil gníomhaíochtaí tionsclaíochta an Údaráis tar éis cur go mór le húsáid an Bhéarla sa Ghaeltacht...Tá forbairt thionsclaíoch an Údaráis tar éis an-chuid daoine nach Gaeilgeoirí ó dhúchas iad a mhealladh chun na Gaeltachta." Ar ardaigh aon bhall tofa ar Bhord an Údaráis aon cheist faoin méid a bhí ráite ag an Ollamh Ó Cinnéide ina thuarascáil?

Próiseas Athnuachana sa Ghaeltacht – Moltaí:

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an rialtas nua ag iarraidh gníomhnú ar cheist caomhnaithe na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tógfaidh sé misneach dul i ngleic leis na fadhbanna sóisialta, fostaíochta, cultúrtha agus teanga atá ag bagairt ar an nGaeltacht. Seo a leanas ceithre mholadh a chuirfinn os comhair an rialtais, a bhrostódh an próiseas athnuachana sa Ghaeltacht.

1. An bord atá ann faoi láthair a scor tar éis an chéad chruinniú eile agus bord eatramhach a cheapadh ina áit ar a mbeadh meascán de shaineolaithe ar chúrsaí fiontraíochta/fostaíochta, ar chúrsaí airgeadais/eacnamaíochta, ar mhuireolaíocht agus acmhainní eile nádúrtha, ar thurasóireacht chultúrtha, ar phleanáil teanga, ar fhorbairt pobail agus ar chursaí oideachais agus oiliúna. D'fhéadfadh bord den chineál sin tionchar a imirt sna comhráití agus sa phróiseas comhairliúcháin ar cheart a bheith ann sara ndréachtfaí an Bille nua Gaeltachta.

2. Triúr coimisinéirí a cheapadh leis an nGaeltacht nua a leagan amach, bunaithe go ginearálta ar na critéir theangeolaíochta a bhí molta sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, agus 6 mhí a thabhairt dóibh a gcuid moltaí a réiteach le cur os comhair an rialtais. Mholfainn chomh maith go leagfaí síos go soiléir nach mbeadh aon aitheantas Gaeltachta ag dul d'aon phobal nach bhfuil bunscolaíocht trí mheán na Gaeilge curtha ar fáil ann.

3. Mholfainn go dtosófaí ar an bpleanáil teanga tar éis don rialtas a shocrú céard iad na pobail atá le bheith sa Ghaeltacht nua, rud a shocrófar bunaithe ar chritéir theangeolaíochta. D'fhéadfaí go leor airgid a chaitheamh amú ag ullmhú pleananna cuimsitheacha ar pháipéar do cheantair ina bhfuil an Ghaeilge caillte le fada.

4. Mholfainn go gcuirfí meicníocht ar bun, sa chaoi is go mbeidh ionadaíocht ag pobail labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht ar Bhord an Údaráis nua faoin reachtaíocht atá le hullmhú, le go mbeadh gné dhaonlathach i gcónaí ag an Údarás. Bheinnse glan in aghaidh aon bhaint a bheith ag na Comhairlí Contae le hainmniú daoine ar Bhord an Údaráis. Má tá athnuachan le déanamh ar obair an Údaráis, ní ó chomhairleoirí contae a thiocfaidh na smaointe ach ó dhaoine atá gníomhach ar an talamh ina bpobail féin.

‘Gaels le Chéile’

Anton Mac Cába

SEOLADH tionscnamh nua ‘Gaels le Chéile’ i nGlaschú Dé Sathairn seo caite. Tá Glaschú ar an aon áit amháin mar a bhfuil idir chainteoirí Ghaeilge na hÉireann agus chainteoirí Ghaeilge na hAlban taobh lena chéile. Is eol an ceangal láidir le Dún na nGall. Leis, tá 10% d’iomlán chainteoirí Ghaeilge na hAlban sa tír sa chathair.

Is idir Conradh na Gaeilge agus An Lòchran atá i mbun ‘Gaels le Chéile’. Is é An Lòchran an lár-ionad sa chathair do chultúr Gaelach na hAlban. Tá súil acu Taigh Cèilidh/Cois Tine a chur ar fáil go rialta, mar a seinnfidh ceoltóirí ón dá thír. Beidh, leis, ranganna sa dá Ghaeilge.

Deir Gaeil Ghlaschú nach mbíonn oiread sin teangmhála idir an dá dhream Gael. Bíonn Gaeil na hÉireann ag tarraingt ar an taobh ó dheas den chathair. Bíonn Gaeil na hAlban ag tarraingt ar an taobh thiar, Partaig ach go háirithe. Sa chathair, tá níos mó suime ag Gaeil na hAlban sa Ghaeilge ná sa treo eile.

Mar sin féin, dúirt Eimhín Ó Duanaigh ón gConradh go raibh Gaeilge na hAlban go líofa ag dornán ball. “Is fiú na nascanna a chrúthú,” arsa an Duanach. “Níl difear iontach mór ann (idir an dá theanga). Bím iontach dearfach faoin dtionscnamh.”

Dúirt Duncan Mac Nèill ón Lòchran go mbeadh imeachtaí ‘Gaels le Chéile’ tarraingteach ag an dá phobal Ghaelacha. “Ag achan chéilí, bíonn idir cheoltóirí Éireannacha agus cheoltóirí Albanacha,” ar seisean. “Táimid ag ceiliúradh an cheangail idir an dá thír, idir theanga, cheol, dhamhsa agus amhránaíocht.”

Tá maoiniú ann le sé Chèilidh eile a reáchtáil. Beidh siad seo ann sa Lòchran ó mhí Mheán Fómhair amach.

An tseachtain seo chugainn tá an Conradh ag eagrú Fhéile na Gaeilge sa chathair. Beidh Cór Thaobh a’ Leitheid as Gaoth Dobhair ag canadh ann, agus Ceòlraidh Ghàidhlig Ghlaschu.

“Níl sa Bhriotáinis ach raiméis”

Anton Mac Cába

NÍL sa Bhriotáinis ach raiméis, dar leis an bhreitheamh Fhrancach, Pierre Dillange. Nuair a thosaigh finné sa chúirt in Roazhon (Rennes sa Fhraincis) ag tabhairt an mhionna sa Bhriotáinis, bhris Dillange isteach air: “Cuirimis stop le do ráiteas ansin; ní éistfidh mé le an raiméis agat in aon chor.”

Ní raibh seans ag an fhinné oiread is focal amháin fianaise a thabhairt.

Chothaigh sé seo anchonspóid sa Bhriotáin. Tá an eagraíocht cultúrtha Kevre Breizh ag éileamh ar Roinn Cirt na Fraince an breitheamh a smachtú. Rinne gníomhaithe cultúrtha Briotánacha picéad ar pharlaimint na Briotáine in Roazhon.

Tá Dillange ina Uachtarán ar Chúirt Achomhairc na Briotáine. Rinne sé an cur síos seo ar an teanga le linn achomhairc a rinne beirt náisiúnaithe. Ghearr cúirt níos ísle fíneáil €100 an duine orthu as buama péinte a chaitheamh le comhartha bóthair. Chuir an comhartha síos ar chuid den Bhriotáin mar dhúiche eile, ‘Pays de la Loire’. Dhiúltaigh Dillange don achomharc.

Bhí baint ag Dillange le cás an Bhanphrionsa Diana. Mar bhreitheamh, d’éist Dillange le hagóid a rinne Mohammed el Fayed maidir le bás Diana agus Dodie Al-Fayed. Mhol sé go gceadófaí d’agóid Mohammed Al-Fayed.

NUACHT IDIRNAISIUNTA

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

le Seosamh Ó Riain

The New York Times

U.S. ATTACKED

HIJACKED JETS DESTROY TWIN TOWERS AND HIT PENTAGON IN DAY OF TERROR

A CREEPING HORROR

President Vows to Exact Punishment for ‘Evil’

‘New York Times’
Tiocfaidh Jill Abramson (57) i gcomharbas ar Bill Keller mar phríomh-eagarthóir ar an *‘New York Times’* i mí Mheán Fómhair. Seo an chéad uair a cheap an nuachtán cáiliúil eagarthóir mná ó bunaíodh 160 bliain ó shin é. Tháinig Abramson go dtí *‘The Times’* sa bhliain 1997 ó *‘The Wall Street Journal’*, áit a raibh sí ina hiriseoir iniúchach ar feadh naoi mbliana. Is go tiubh gasta a léirigh sí a cumas ag The Times - fuair sí an post mar eagarthóir Washington in 1999 agus sna sála air sin, ceannasaí an bhiúró in 2000. Tá 1,200 duine ag obair i bhfoireann an tseomra nuachta ann.

E. Coli
Tá 21 Gearmánach agus Sualannach amháin tar éis bás a fháil cheana féin de bharr briseadh amach tréithchineál E. Coli. Ó thús mhí na Bealtaine, tá breis agus 2,230 duine sa Ghearmáin ionfhabhtaithe ag an ngalar, agus tuilleadh cásanna tuairiscithe i dtíortha eile na hEorpa. Thug feidhmeannaigh Ghearmánacha rabhadh do thomhaltóirí fanacht glan ó thrátaí, cúcamair agus leitís, agus ceapadh ag pointe amháin fiú gur seans go raibh cúcamair ón Spáinn taobh thiar den fhadhb. Tugadh le fios, áfach, an deireadh seachtaine seo caite gur dhóichí gurbh é an bhunchúis ná péacáin phónaire ó fheirm orgánach i mBienenbüttel i dtuaisceart na Gearmáine. Níor thug, ámh, tástálacha ar an Luan aon chruthúnas gurb amhlaidh atá an scéal.



Iar-bhean chéile phéidifiligh diúltaithe ag clochar
Dhiúltaigh an clochar Francach, ina raibh Michelle Martin le bogadh isteach, cead di a leithéid a dhéanamh. Brú ón bpobal is cúis leis an diúltú de réir stáisiún teilifíse na Beilge, VRT, oíche Mháirt. Bean chéile an phéidifiligh agus mharfóra, Marc Dutroux, is ea Michelle Martin, agus ciontaíodh in 2004 í as comhpháirteachas a bheith aici i ndúnmharú beirt chailín, Julie Lejeune and Mélissa Russo, nach raibh ach ocht mbliana d’aois. Fuair sí téarma príosúin 30 bliain, agus thar na blianta lorg sí achomharc faoi thrí lena scaoileadh. Theip ar gach uile cheann acu, ach is ar an gceathrú dul síos an mhí seo caite a glacadh lena hiarratas. Bhí roinnt coinníollacha ag baint le cinneadh na cúirte i Mons, sa Bheilg, agus ba é ceann acu an clochar a thabhairt uirthi féin.

Ionsaithe sa Phacastáin
Rinne aerárthaí trodaíochta de chuid na Stát Aontaithe ionsaí ar champa thraenála in iarthuaisceart na Pacastáine Dé Céadaoin. De réir fhórsaí slándála na Pacastáine maraíodh ar a laghad 24 míleatach san ionsaí, agus ar an lá céanna fuair cúigear ceannairceach bás in ionsaí eile ar fheithicil. ‘Drones’ a thugtar ar na haerárthaí seo agus b’shin an cheathrú ionsaí laistigh de shé lá sa tír. Bhásaigh thart ar 20 míleatach Dé Luain in ionsaí agus éilítear gur maraíodh míleatach mór le rá, Ilyas Kashmiri, atá nasctha le al Qaeda, Dé hAoine seo chaite. Níl sé seo deimhnithe, áfach, go hoifigiúil fós.

TRÁCHTAIREACHT

'Teangacha éagsúla'

Concubhar Ó Liatháin

(ón chlé) Concubhar Ó Liathain, Patrick O'Donovan TD agus Máire Nic Niallais, Guth na Gaeltachtaag an lá eolais do pholaiteoirí in Óstán Buswells sa phíomhchathair, Dé Céadaoin, 01 Meitheamh 2011, arna eagrú ag Conradh na Gaeilge agus ag Guth na Gaeltachta. Thug an lá deis do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí bualadh le hionadaithe óna ndáilcheantair féin chun cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta a phlé don tríú bliain as a chéile.

SINNE agus na polaiteoirí, labhraímid teangacha éagsúla agus ní haon iontas, mar sin, gur ar éigean a thuigimid a chéile.

B'shin a cheapas, ar aon nós, go dtí go bhfuair mé cúpla leid nach amhlaidh atá agus mé ag freastal ar Lá Eolais na bPolaiteoirí a reáchtáil Guth na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge in Óstán Buswells, trasna ón Dáil, an tseachtain seo caite.

Cé go raibh an lá seo eagraithe le heolas a thabhairt do pholaiteoirí, creidimse gur níos úsáidí fós atá sé mar lá chun eolas a fháil ó na hionadaithe poiblí céanna mar aon le heolas futhú. Tá cuid mhaith acu nuathofa, neamhthruaillithe go fóill ag an státchóras.

A leithéid sin de pholaiteoir é Patrick O'Donovan ó Fhine Gael, Teachta Dála nuathofa ón gCaisleán Nua i Luimneach. Fear fuinniúil é i mbláth a óige, múinteoir bunscoile agus iarcheannaire ar Ógra Fhine Gael.

In ainneoin a oiliúna múinteora - nó b'fhéidir gurb é seo a léiríonn mórfhadhb mhúineadh na Gaeilge - ní raibh sé ar a chompord ag labhairt linn i nGaeilge agus tar éis an 'cúpla focal' thiontaigh sé ar an mBéarla. Níorbh fhada go rabhmar ag plé na teanga sa chóras oideachais agus ag plé mholadh an Chonartha go mbeadh ábhar eile seachas an Ghaeilge á múineadh trí mheán na Gaeilge chun breis 'normálaithe' a dhéanamh ar an teanga sna scoileanna.

"Ní oibreoidh sé sin," arsa an Teachta Ó Donnabháin. "Tá muinteoirí faoin iomarca brú mar atá an curaclam a mhúineadh, gan ualach breise a chur orthu."

"Ar pléadh an moladh seo leis an INTO?"

Chomh fada agus is eol dom tá an INTO ar aon fhocal leis an gConradh ar an gceist seo, chomh fada agus atá na hacmhainní ann don ghnó.

Thug sé chun cuimhne don TD Ó Donnabháin cara leis atá ag múineadh sa séú rang i scoil i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus nach n-úsáideann an Ghaeilge uair ar bith le linn dó bheith i mbun a chúraim. Is minic a thagann cigirí chuig an rang agus tá siad ar an eolas faoin neamart atá á dhéanamh i múineadh na Gaeilge - is róchuma leo, de réir na hinste atá tugtha don TD seo.

D'aithin sé freisin go bhfuil ag éirí go seoigh le daltaí na Gaelscoile ina cheantar féin. Ní hamháin go bhfuil Gaeilge líofa acu ach tá Fraincis ar a dtoil acu chomh maith.

Aisteach, nach bhfuil, go dtugtar cead a gcinn do thráchtairí bheith ag maíomh sna meáin go gcúngaíonn múineadh na Gaeilge an cumas atá ann teangacha eile, teangacha úsáideacha, cosúil leis an bhFraincis, an Ghearmáinis, an Chantanais agus a leithéid a fhoghlaim?

Nach í an fhírinne go n-éascaíonn ceartmhúineadh na Gaeilge an bealach chun teangacha eile a fhoghlaim?

Spreag sé sin plé níos ginearálta ar éifeacht an 'chórais oideachais' sa tír seo. Cad is féidir a rá faoi chóras oideachais atá ann le 90 éigin bliain agus a bhfuil go fóill ag teip air i múineadh na Gaeilge?

Léiríonn sé laige bunúsach sa chóras nach bhfuil polaiteoirí sásta ná ábalta aghaidh a thabhairt air. Anuas air sin tá státseirbhísigh, an 'rialtas buan' mar a mheabhraigh ár gcara dúinn, tar éis bheith i bhfeighil le linn an ama sin go léir ag déanamh na mbotún céanna i rith an ama sa tslí is go bhfuil an cur chuige mícheart siocaithe i gcóras atá lochtach ó bhonn.

D'aithin sé freisin go bhfuil ag éirí go seoigh le daltaí na Gaelscoile ina cheantar féin. Ní hamháin go bhfuil Gaeilge líofa acu ach tá Fraincis ar a dtoil acu chomh maith. Aisteach, nach bhfuil, go dtugtar cead a gcinn do thráchtairí bheith ag maíomh sna meáin go gcúngaíonn múineadh na Gaeilge an cumas atá ann teangacha eile, teangacha úsáideacha, cosúil leis an bhFraincis, an Ghearmáinis, an Chantanais agus a leithéid a fhoghlaim?

Ní hí an Ghaeilge tús agus deireadh an scéil sin, nó léiríonn an staidéar atá á dhéanamh ag an OECD ar chaighdeáin oideachais go bhfuil ag teip ar an tír seo i réimse ábhar agus dar leis an TD agus é ag labhairt óna thaithí féin, níl na figiúirí sin ag insint iomlán an scéil.

Nuair a dhírigh an comhrá ar an Ardteist agus ceist chonspóideach 'éigeantacht' na Gaeilge, bhí an lasair sa bharrach. Ní raibh aon cheart ag Gluaiseacht na Gaeilge bheith chomh nimhneach do mholadh Enda Kenny deireadh a chur le héigeantacht na Gaeilge, dar leis an Teachta Ó Donnabháin. Cainteoir Gaeilge é an Taoiseach a thóg a pháistí féin le Gaeilge agus atá ar leas na teanga, dar leis.

Sea, tuigimid é sin, an freagra a thugamar dó. Is minic a tharlaíonn an mhír seo i gcomhráití le lucht FG. Cothaíonn sé bearna mhíchompordach sa chomhrá.

Ach seo linn arís. Is cinnte go raibh fáilte nach raibh chomh fuar céanna roimh an moladh go roinnfí an Ghaeilge ina dhá ábhar don Ardteist: Gaeilge Chumarsáideach chun labhairt, tuiscint, léamh agus scríobh na teanga a mhúineadh go héifeachtach do na daltaí, agus Gaeilge Liteartha do lucht na Gaeltachta agus dóibh siúd sa bhreis air sin ar mhaith leo tuiscint níos doimhne a fháil ar shaíocht na teanga.

An port deiridh ag an Teachta gur gá an Ghaeilge a mhúineadh mar theanga nua-aimseartha chumarsáideach agus a chinntiú go bhfuil sí á máistriú ag na daltaí.

Bhí mé tógtha faoin gcomhrá seo leis an Teachta Ó Donnabháin thar mar a bhí mé le go leor eile ar chas mé leo le linn an lá eolais.

Duine den ghlúin atá ag teacht chun cinn é an TD óg seo. Cinnte, tá tuairimí láidre aige i leith na Gaeilge - ach ní ón spéir a fuair sé iad.

Má theastaíonn ó phobal na Gaeilge dul chun cinn a dhéanamh, beidh orainn dul i ngleic leis na tuairimí sin agus roghanna samhlaíocha a chur roimh dhaoine, roghanna a aithníonn nach mairfidh an *status quo*. (Nach ait an scéal é go bhfuil teanga na Laidne 'marbh' ach go dtuigfmid fós an nath cainte sin sa teanga chéanna?)

Tá tuiscint níos fearr agam mar chainteoir Gaeilge agus mar ghníomhaí teanga ar theanga na bpolaiteoirí, ar mheon agus ar riachtanais na bpolaiteoirí, a bhuíochas sin leis an lá eolais seo.

Is maith ann iad na hócáidí seo agus is fearrde sinn mar phobal má bhíonn tuilleadh iarrachtaí dá leithéid chun droichead a thógáil thar bhearnaí na míthuisceana agus an aineolais.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

Tréimhse na meala? Caite agus dearmadta

Páidí Ó Lionáird

IS gnáthach an scéal é nuair a toghtar rialtas nua go mbronntar orthu tréimhse ama le luí isteach leis an obair. Bíonn sé seo fíor i gcás comhrialtais go háirithe agus bítear níos foighní fós leo nuair is rud é nach bhfuil taithí i rialtas ag na polaiteoirí úd - amhail iad siúd atá i seilbh na cumhachta faoi láthair. É sin ráite, tá sé de nós an chéad mheastachán a dhéanamh ar shaothar an rialtais i ndiaidh a gcéad ráithe in oifig.

Is gearr anois go mbeidh a gcéad 100 lá caite i gcumhacht ag an gcomhrialtas reatha agus is méanair dúinn breithiúnas a bhronnadh ar a bhfuil bainte amach ag na hairí atá i gceannas na ranna éagsúla.

Go ginearéalta, d'fhéadfaí a rá go bhfuil a ngaisce féin bainte amach ag an rialtas cheana féin, cuid dá ngeallúintí réamhthoghcháin bainte amach acu mar a dúradar go mbainfeadh.

Dúirt an Taoiseach Enda Kenny go rachadh sé chuig an Aontas Eorpach d'fhonn laghdú i ráta úis aisíocaíochta a lorg ar bheartas tarrthála na hÉireann. Dhein amhlaidh. B'fhéidir nach bhfuil an dúch tirim ar an bpáipéar go fóill ach tá an prionsabal laghdaithe aontaithe.

Níl ann ach sop in áit scuaibe ach fós - an rud a dúirt Brian Lenihan nach bhféadfaí a bhaint amach, baineadh amach é. Don fhormhór sílim go bhfuil móramh na dTDanna agus na nAirí tar éis glacadh leis nach n-éireoidh leo aon bhreis a bhaint amach ó thaobh costaisí nó éilimh eile neamh-riachtanacha. Tús maith... agus mar sin de agus é seo d'ainneoin na gceapachán baill clainne ar fhoirne polaitíochta na gcúlbhinseoirí gur thug an Independent suntas dó níos luaithe sa tseachtain. Tá a fhios acu freisin nach bhfuil oiread is pingin ag na ranna rialtais le caitheamh ar aon ní seachas na nithe atá go hiomlán riachtanach agus fiú sa chás sin, tá cuid de na seirbhísí sin curtha i leataobh freisin.

Anois d'fhonn a gcuid oibre a mheas, táim chun scór as 10 a thabhairt do na hAirí Ranna Rialtais. Beidh an scór seo bunaithe ar an obair atá deanta acu go dtí seo agus/nó an teacht i láthair an phobail atá bainte amach acu.

Ón mbun aníos mar sin agus toisc go bhfuil sé idir eatarthu - ní Aire sóisearach ní sinsearach é ach tá **Willie Penrose** ag dul i bhfeidhm ar dhaoine mar go bhfuil diongbháilteacht le sonrú ann go ndéanfaidh sé beart de réir briathair i leith na gcéadta eastát tithe tréigthe nó folamh atá ar fud fad na tíre. **8/10**

Willie Penrose.
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Paul Kehoe.
PIC: PHOTOCALL IRELAND

Jimmy Deenihan.
PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND

Phil Hogan.
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Simon Coveney.

Frances Fitzgerald.

Ruairí Quinn.

Leo Varadkar.
PIC: LEON FARRELL PHOTOCALL IRELAND

Joan Burton.

Richard Bruton.

Pat Rabbitte.

Brendan Howlin.

Dr James Reilly.

Príomh-Aoire agus Cosaint - Paul Kehoe. Pé rud faoina chúram sa Roinn Cosanta, níl a chuid saothair mar Phríomh-Aoire thar mholadh beirte. Tá sé de nós (ciallmhar) ag rialtais a gcuid teachtaireachtaí ar fad a choimeád comhthreomhar agus de réir pholasaithe a bpáirtithe polaitíochta. Ní maith leis an bpobal an malairt treo a labhrann polaiteoirí a luaithe agus a ghlacann siad seilbh ar chumhacht. Téann siad ó bheith díreach, ionraic agus macánta go caint as dhá thaobh a mbéil. Le Richard Bruton agus Leo Varadkar, is léir nach bhfuil smacht orthu in aon chor go dtí seo agus go bhfuil ábhar buartha ann dá gceannaire. **5/10**

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta - Jimmy Deenihan. Tá an tAire Deenihan ar dhuine de na cainteoirí díreacha sa rialtas nua seo. Ní labhrann sé muna bhfuil rud éigin le rá aige agus fiú ansan, bíonn blas ar an mbeagán uaidh. Tá srianta móra ar a roinn ó thaobh caiteachais de agus ar ndóigh tá a thionchar sin le sonrú i measc na gciorruithe is mó a ghoilleann ar mhuintir na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcoitinne. Ní fheicfear an Plean 20 Bliain á chur i gcrích mar is cóir mar ní chaithfear an t-airgead leis. Dá chuid cainte dhíreach gan aon fhiacail a chur ann caithfear é a mholadh. **6/10**

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil - Phil Hogan. "Phil Mór" mar a bhronntar mar leasainm ar an Aire seo agus is cinnte go líonann a scáil mar fhear seomra gan stró. Bronnann sé údarás air freisin. Seo údarás arbh fhearr leis an bhformhór dínn go gcoinneodh sé chuige féin é áfach toisc nach bhfuil ráite aige ach go bhfuil breis cánach le teacht, go háirithe an tobhach uisce a ghearrfar ar gach teaghlach ar fud na tíre mar bharr ar an oiread eile cánach atá le híoc againn. **6/10**

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia - Simon Coveney. Deirtear nach bhfuil bua na héirime aigne ag an aire úd ach fiú muna bhfuil, is fear tuaithe é a bhfuil taithí an-mhaith aige ar chúrsaí mara bíodh is gur ó sheoltóireacht mheán-aicmeach a thagann an taithí seo. É sin ráite, tá sé soiléir go dteastaíonn uaidh dul chun cinn a dhéanamh in earnáil atá fíor-lárnach i dtéarnamh na tíre. Tá súil agam go n-éiríonn leis. **7/10**

Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige - Frances Fitzgerald. Go dtí seo, seachas caiteachas de €7M a cheadú do sheirbhísí comhairleoireachta um pósadh, leanaí agus lucht méala a fhógairt níl aon rud suntasach cloiste againn ón

Michael Noonan.
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Eamon Gilmore.
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Enda Kenny.
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

roinn seo fós. Cúis an-mhaith cinnte. Anois lena ceart a thabhairt don aire, tá an Roinn seo iomlán nua agus mar sin níl ach sé seachtainí caite aici i mbun na hoifige nua i ndáiríre, mar sin caithfear a bheith foighneach. **6/10**

An Roinn Oideachais agus Scileanna - Ruairí Quinn. Caithfear a rá ar an gcéad dul síos gur dhein Ruairí Quinn jab an-mhaith mar urlabhraí oideachais sa bhfreasúra agus gur minic a chuir sé smacht agus fainic ar Mháire Ní Chochláin an uair a bhí sí ina haire. Cím go ndéanfaidh sé dul chun cinn ag cur polasaithe páiste-lárnaithe na Roinne chun cinn. **7/10**

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Leo Varadkar. Is maith liom an tAire Varadkar. Tá splanc ann agus seachas a chuid cainte mhí-thuisceanach faoi iar-cheannaire agus iar-Thaoiseach Fhine Gael, Garret FitzGerald, sílim go mbíonn sé stuama agus éirimiúil ina chuid oibre. Tá deis a bhéil aige agus muinín aige as é fhéin a chur in iúl agus i láthair. Níl mórán cloiste againn faoi chúrsaí iompair nó spóirt uaidh ach tá an-bhéim á cur ar thurasóireacht ag an rialtas seo. **7/10**

An Roinn Coimirce Sóisialaí - Joan Burton. Bhí gleo agus clampar faoin gceapachán seo. Ísliú céime a dúradh a bhí ann do Burton. N'fheadar-sa faoi sin. Seo an roinn is mó caiteachas dá bhfuil ann faoi láthair faraor ach deis chun cruthaithe freisin. Is ait liom dá bhrí sin go bhfuil tost iomlán uirthi ó ceapadh ann í. **6/10**

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta - Richard Bruton. "Íobartach" eile, dar leis féin, agus is léir nach bhfuil na gonta idir é fein agus an Taoiseach cneasaithe go hiomlán fós. É sin ráite, tá sé i seilbh ceann de na ranna is mó a tharraingeoidh Éire as an bpoll ina bhfuil sí faoi láthair agus le cúpla fógra dearfach fostaíochta le déanaí, b'fhéidir gur féidir cuid den chreidiúint a thabhairt dó. **6/10**

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha - Pat Rabbitte. Binn béal ina thost is léir sa chás seo agus an rud is annamh is iontach freisin ar aon dul le Pat Rabbitte. Ní minic chomh ciúin é nuair a bhí sé ar bhinsí an fhreasúra. Ba bhreá linn a shamhlú go bhféadfadh sé toibreacha gáis agus ola agus mianacha diamaintí agus óir a fhógairt ach chuir sé stop le haon seans dá leithéid i gceann dá phreas-fhógraí tearca. **6/10**

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - Brendan Howlin. Bhí go leor daoine den tuairim go raibh a hata polaitíochta caite i leataobh ag Howlin nuair a thóg sé cathaoir an Chinn Comhairle mar fhear ionaid le roinnt blianta anuas. Níorbh fhíor san is léir. Tá Howlin cumasach agus go maith i mbun a chuid oibre. Bheinn dóchasach go ndéanfaidh sé difríocht. **7/10**

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Cosanta - Alan Shatter. Fear anábalta. Deis a bhéil i gcónaí aige agus cumas cruthanta na ceisteanna a chur - i bhfreasúra. É sin ráite, níl sé imithe i bhfeidhm ar an móramh. 5/10

An Roinn Sláinte - an Dr James Reilly. Bhí an Dr Reilly ina ghiolla idirbheartaíochta ag na dochtúirí comhairleacha nuair a fuair siad a gconarthaí is fearr ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar sin níl éinne is fearr ná é chun aghaidh a thabhairt ar na cúraimí áirithe sin. Bí cinnte áfach gur sin cúram amháin atá curtha ar an méar fhada aige agus nach gcloisfidh muid aon ní faoi go deireadh téarma an rialtais seo má chloisimíd in aon chor. É sin ráite, táim dóchasach go n-éireoidh leis roinnt mhaith a bhaint amach. Ní raibh a iarratas ar éirí as bord na Feidhmeannachta ach siomblach ach sna hamanna seo, tá siombalachas tábhachtach. **7/10**

An Roinn Airgeadais - Michael Noonan. Cad is féidir a rá faoi Noonan nach bhfuil ráite céad agus míle uair cheana. Fear renaissance cinnte. Thosnaigh a athbheochan mar pholaiteoir den ghrád is airde an lá ar thug sé agallamh an-daonna faoi bhail sláinte a mhná céile Florence ar an gclár teilifíse The Frontline i mBealtaine 2010. Is polaiteoir an-chumasach é agus tá a ghreim ar choincheapa airgeadais maith go leor le muinín a chothú i measc an phobail. Cé eile a dtabharfá an roinn seo dó nó di? Ná habair Joan Burton. **8/10**

An Roinn Gnóthaí Eachtracha - An Tánaiste Eamon Gilmore. An bhfuil a fhios ag éinne cén fáth ar iarr Gilmore an Roinn seo? Ní hé go bhfuil an t-uafas ar bun againn thar sáile na laethanta seo seachas bheith ag iarraidh ár gcomharsana a mhealladh chun saoire a chaitheamh inár measc ach ar a laghad fuair sé deis lámh fháilteach a shíneadh amach os comhair na Banríona. Ar aon nós, más fiántas eachtrach a bhí uaidh, fuair sé é. **5/10**

Roinn an Taoisigh - Enda Kenny. Cad atá le rá faoi fhear Mhaigh Eo, athair na Dála? Caithfear a cheart a thabhairt dó. Tá sé tar éis é fhéin a iompar go seoigh ó thóg sé seilbh ar chumhacht na hoifige. Admhaím go raibh amhras orm faoina ábaltacht agus a inniúlacht don bpost is sinsearaí i bpolaitíocht na hÉireann. Bhíos mícheart.

Tá sé ag déanamh rud atá anspéisiúil dar liom - tá sé ag tabhairt urraim oifige ar ais do ghairm an Taoisigh. Tá an tslí ina n-iompraíonn sé é fhéin nach mór Uachtaránúil (más focal é sin). Ar ndóigh bhí an t-ádh dearg leis. Cuairt chuig an Teach Bán i Meiriceá ina chéad seachtain mar Thaoiseach. Ansan bhí cuairt na Banríona agus Obama in aon tseachtain ach fós, caithfidh tú an deis a thapú agus dhein sé é sin go hiontach. Bhíos bródúil as an tslí inar láimhseáil sé é fhéin ar mo shon. An éireoidh leis gach ar gheall sé a bhaint amach? Ní éireoidh ná é ach ar a laghad bainfidh sé triail as! **9/10**

Astu ar fad, tá an Taoiseach ag léiriú misnigh, féin-mhuiníne agus thar aon ní eile, dea-shampla. Tá siad ann a deir nach mbíonn sé ach de mhí-adh ar Fhine Gael teacht i gcomharbacht ar Fhianna Fáil nuair a bhíonn scrios déanta acu san. Cuireann FG na síolta chun feabhais arís agus mar bhuíochas, caithfimídne, an pobal, as oifig iad.

Mar mheán eatarthu ar fad, tá 6.52 (111/170). Níl sé iontach ach tá sé i bhfad os cionn an 50%, tairseach fhíor-thábhachtach i bpósadh ar bith.

Ní aon rud nua é lucht fornirt in Stormont

Eoghan Ó Néill

"MÍNIGH cad go díreach a tharla ar 9 Lúnasa 1971 nuair a cuireadh 300 duine i mbraighdeanas i dTuaisceart Éireann."

B'shin an cheist a bhí ar pháipéar scrúdú staire i scoileanna an Tuaiscirt tamall ó shin.

Scríobh mac le cara liom, "Ciceáil na Sasanaigh isteach doras theach mo Dhaidí agus thug leo é go dtí an Cheis Fhada. Ligeadh saor é in 1976."

Cuimhníonn an scéilín dúinn go bhfuil scéal na dtrioblóidí dubh agus bán do bhunús daoine.

Cuir an cheist thuas i scoil Phrotastúnach sa Tuaisceart agus gheobhaidh tú freagra a thosóidh, "*Northern Ireland was under attack from the IRA and ...*"

Nó thosódh dalta scoile i Sasana le, "*Our soldiers were in the middle between Catholics and Protestants*."

Ritheann an scéilín sin liom nuair a léim faoi Mary Mc Ardle agus an rírá faoina ceapachán mar chomhairleoir ag Stormont.

Tráth den tsaoil bhí Stormont lán de dhaoine a bhí freagrach as forneart is sceimhle.

Polaiteoirí Aontachtacha a bhí á n-íoc go fial ag an cháiníocóir.

Bhí a rialtas féin acu agus ar feadh 50 bliain, shéan siad jabanna ar Chaitlicigh.

Chuir siad an chosmhuintir go príosún nuair a bhuail an fonn iad.

Agus nuair a cheap siad go raibh na dúchasaigh ag éirí dalba chuir siad a gcuid mílísteoirí lena gciapadh.

Níor chaith duine de na bithiúnaigh seo bomaite faoi ghlas.

Feadh na dTrioblóidí chaith go leor Ginearál is Státrúnaithe laethanta is oícheanta fada ag Stormont ag beartú scriosta agus áir, ag pleanáil ionsaithe ar thórraimh agus slad ar chimí gan chosaint.

Mar sin, ní aon rud nua é duine a bhí páirteach i bhforneart a bheith fostaithe ag Stormont.

Ní hionann agus na Ginearáil, na Státrúnaithe, ná na hAontachtaithe áfach chaith Mary Mc Ardle 15 bliain faoi ghlas as an rud a rinne sise.

D'fhulaing sí an cruatan a bhaineann le príosún, lomchuardach, blianta gan saoirse, cailliúint d'óige agus eile.

Agus d'fhulaing a clann lena chois.

Is saoránach í Mary Mc Ardle anois.

Ní féidir caitheamh léi ar shlí difriúil ón chuid eile againn.

Daoradh Mary Travers chun báis.

Dá pianmhaire is atá fulaingt a muintire ní thig í a thabhairt ar ais.

Agus in ainneoin a chreideann teaghlach s'aici ní dóigh liom go ndéanfadh sé a bpian aon pioc níos sofhulaingthe Mary Mc Ardle a bheith briste as a post ag Stormont.

Agus ní bhrisfear.

Nó sa deireadh tuigeann an DUP is an SDLP, an UUP agus an dá rialtas go ndearnadh ceist na gcimí a réiteach ar an lá a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta.

Níl aon dul siar ann.

Ach ní dhearnadh ceist na marbh a réiteach.

Nó, chun go réiteofaí ceist na marbh bheadh ar gach dream an fhírinne iomlán a insint faoina ról sa chogadh.

Bheadh orthu admháil nárbh é an troid ghlórmhar a chuir siad i gcónaí.

Gur minic a rinne siad aighníomhartha.

Bheadh ar rialtas na Breataine a insint don domhan gur eagraigh M15 agus an Brainse Speisialta dronganna sraithmharfóirí dílseacha leis na céadta náisiúnach neamhurchóideacha a mharú.

Tá aithne súl againn ar fad ar Mary Mc Ardle.

Ach an aithneodh duine ar bith againn aghaidh na nGinearál teallaigh a stiúir cogadh a d'fhág na céadta baintreach is baintreach fir is dílleachta ina ndiaidh?

An mbeadh sé de mhisneach ag dílseoirí paraimíleatacha teacht i láthair Choimisiún na Fírinne lá éigin feasta agus a labhairt faoi na Romper Rooms a bhunaigh siad ar Bhóthar na Seanchille chun bás pianmhar fadálach a imirt ar aon Taig a tháinig a dtreo?

Agus na Poblachtaigh?

Siúil suas anuas Bóthar na bhFál agus taispeánfaidh mé duit na háiteanna ar a mharaigh an tIRA na scortha de ghnáthdhaoine a bhí 'san áit mhícheart ag an am mícheart'.

Gach maidin téim síos Bóthar na Seanchille thart ar an áit a raibh siopa sceallóga Frizells agus ar aghaidh thar an áit a raibh an Bayardo Bar. Dhá áit a chuimhníonn an sléacht a rinne an tIRA ar an phobal sin.

Bhí an cogadh sa Tuaisceart mar a bhí gach cogadh.

Danartha. Neamhthrócaireach. Gránna.

Nó sin atá i gceist le cogadh.

Léireodh Coimisiún na Fírinne iomlán na fírinne agus níl aon dream ó thuaidh ag iarraidh iomlán na fírinne.

Scriosfadh sin a leagan féin den fhírinne.

Ach thar aon dream eile cuirfidh rialtas na Breataine i gcoinne Choimisiún na Fírinne neamhspleáchas a bheith ann.

Chaith na mílte dílseoir blianta fada i bpríosún as a bpáirt sa chogadh.

Chaith 20,000 náisiúnach, leithéidí Mary Mc Ardle, tréimhsí an-fhada faoi ghlas.

Is eol dúinn gníomhartha is aghaidheanna is scéal na bPoblachtach is na ndílseoirí seo.

Níor chaith oiread is saighdiúir nó peas aon seal fada faoi ghlas as a bpáirt sa chogadh.

Is é scéal sin na Sasanach agus a n-ainghníomhartha is mó atá le hinsint go fóill.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An cleas is sine sa leabhar

D'IMIR Dinny McGinley agus Fine Gael an cleas is sine sa leabhar orainn sna meáin Ghaeilge ar fad an tseachtain seo caite, cé gur chaith Gaelscéal amhras éigin ar an scéal, agus ráflaí rábacha á scaipeadh go raibh siad chun cumhachtaí fiontraíochta a bhaint d'Údarás na Gaeltachta.

Sa deireadh, choinnigh an tÚdarás a chumhachtaí fiontraíochta ach chaill sé a bhord tofa. Caithfear amharc ar easpa daonlathais mar chúlú agus mar rud diúltach.

Mar sin de, mar atá léirithe ag Donncha Ó hÉallaithe in Gaelscéal na seachtaine seo, ní dócha gur dearbhthosaíocht ceist na Gaeilge don bhord, faraor.

Ba é cruthú post príomh-thosaíocht Bhord an Údaráis i gcónaí - mar a bheifeá ag súil leis ó pholaiteoirí - agus polaiteoirí a bhfuil údarás daonlathach acu, fiú más as dáta ar fad údarás an Bhoird reatha faoin am seo.

Ar ndóigh, tá an-chuid obair mhaith déanta ag Údarás na Gaeltachta trí na blianta ach ní féidir a shéanadh gur bhog na mílte daoine gan Ghaeilge isteach sna Gaeltachtaí mar gheall ar phoist a chruthaigh an tÚdarás le comhlachtaí éagsúla.

Chuir comhlacht amháin cosc ar an Ghaeilge fiú!

Ní dócha gur fhoghlaim mórán acu seo an Ghaeilge agus i ndeireadh na dála, ní raibh orthu sin a dhéanamh.

Tá go maith, ach rinne sé seo andochar don Ghaeilge mar theanga phobail, agus is é sin príomh-chúram an Údaráis, sin an rud a bhfuil cáiníocóirí na hÉireann ag íoc as.

Is é an rud is tábhachtaí ná go ngníomhódh Bord an Údaráis agus Údarás na Gaeltachta ar dhóigh a bheadh ar leas na Gaeilge i gcónaí.

Má tá gníomh ar bith ar aimhleas na Gaeilge, ní ceart dóibh a dhéanamh.

As seo amach, déanfar stádas Gaeltachta a bhronnadh ar cheantair de réir úsáid na Gaeilge "seachas ar limistéir gheografacha mar atá faoi láthair."

Fáiltíonn muid roimh an mhéid sin. Ní ceart ná cóir cainteoir dúchais nó teaghlach Gaelach ar bith a chaitheamh amach as an Ghaeltacht ach tá sé ceart agus cóir ceantair Ghaeltachta a mheas le critéir theangeolaíochta amháin. Ní ceart cúrsaí staire ná eacnamaíochta a chur san áireamh.

Beidh sé sin rud beag níos deacra a mheas gan Scéim Labhairt na Gaeilge.

Ní ceart go mbeadh an stádas céanna ag áit ina maireann an Ghaeilge mar theanga phobail agus áit inar imigh sí i léig ach, ba cheart go mbeadh stádas éigin ag ceantair ina maireann cainteoirí dúchais.

Níorbh fhéidir leanúint ar aghaidh le córas a thug an stádas Gaeltachta céanna do Ros Muc agus do Bhaile Chláir na Gaillimhe.

Tá buntáistí le stádas éigin a choinneáil do cheantair lag-Ghaeltachta, mar shampla, tá meanscoil úr á tógáil i mBaile Chláir na Gaillimhe agus tuigtear go mbeidh sruth lán-Ghaeilge ann - mar gheall ar an stádas Gaeltachta.

Ba cheart gach rud agus is féidir a dhéanamh chun an Ghaeilge a chaomhnú sna ceantair seo agus ba cheart a bheith dearfach seachas díomách; más féidir an Ghaeilge a athbheochan ar shráideanna Bhéal Feirste, is féidir a dhéanamh i mBearna, i mBaile an Sceilg agus ar an Chlochán Liath.

Cuimhnigh go raibh Gaeilge fós á labhairt i gContae an Chláir agus an Ghaeltacht Oifigiúil á tarraingt ar an léarscáil; tuigtear nach bhfuair Dúlainn agus ceantair thart air aon stádas Gaeltachta ar chúinsí polaitiúla. D'éag an Ghaeilge ann deich mbliana ó shin.

Chomh maith leis an Ghaeltacht 'thraidisiúnta', "Tabharfar stádas reachtúil do chineál nua ceantair, 'Gaeltacht gréasáin', a bheidh lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta reachtúla atá ann faoi láthair. Is ceantair iad seo a mbeidh a bhformhór i bpobail uirbeacha agus a mbeidh toirt bhunúsach chriticiúil de thacaíocht phobail agus Stáit acu don Ghaeilge."

Is rud an-dearfach ar fad é seo agus tá an rialtas le moladh as an moladh misniúil seo a chur chun tosaigh. Beidh le feiceáil cén freagra a bheas air.

Ar ndóigh, tá roinnt de na 'Gaeltachtaí Úra' seo agus na gréasáin seo sna Sé Chontae, an mbeidh aitheantas éigin i ndán do Bhóthar Seoighe mar shampla?

Bheadh sé tuillte níos mó na ceantar ar bith eile.

An mise an t-aon duine nach bhfuil ar Facebook?

Bernie Ní Fhlatharta

TÁ cara agam atá níos óige ná mise agus a bhí den mheon céanna liomsa faoi Facebook ach nach bhfuil seisean anois freisin imithe in éineacht le gach uile dhuine eile.

Tá cuntas aige ar Facebook.

Chonaic mé scannán blianta ó shin, Bodysnatchers, agus tá mé den tuairim go bhfuil Facebook mar an gcéanna.

Bhí mé cinnte go raibh mé ag déanamh an cinneadh ceart fanacht ar an taobh amuigh ach tá mé trína chéile anois de bharr mo chara óg a bheith ag tabhairt isteach don bhrú atá timpeall air.

"Cén fáth a dtug tú isteach?" a d'fhiafraigh mé de. Is é an freagra a thug sé orm ná go raibh a chairde ar fad ar Facebook agus gur cheap sé go raibh sé ag cailleadh go leor mar nach raibh cuntas aige féin.

Bhí a chuid cairde ag caint faoin bpictiúr siúd agus faoin gcaidreamh seo a bhí acu ar Facebook agus bhí seisean ag iarradh a bheith istigh ar an gcraic.

Tuigim dhó is dóigh. Tá sé deacair a bheith difriúil nuair atá tú óg ach níl mise ag tabhairt isteach don bhrú atá timpeall orm.

Tuigim go maith an tábhacht atá leis an idirlíon agus an chaoi ar féidir Facebook a úsáid le haghaidh margaíochta ach níl mórán tuisceana agam cén fáth go dtéann daoine air le teagmháil a dhéanamh lena gcairde gach uile nóiméad den lá.

Níor mhaith liomsa go mbeadh iallach orm gach uile ghné de mo shaol a roinnt leis an domhan.

Sin rud eile.

Tá mo dhóthain trioblóidí agam gan cur leo agus creidim go bhfuil go leor brú ort cairde a ghlacadh nó a dhiúltú ar Facebook.

Cloisim na fadhbanna a bhíonn ag mo ghasúir féin agus an chaoi a gcuireann sé isteach orthu.

Ach feicim freisin an méid teagmhála agus caidreamh atá acu le ciorcal mór ar Facebook.

Ina dhiaidh sin féin, tá sé sách deacair agamsa coinneáil suas le mo chuid cairde ar an bhfón gan trácht ar a bheith ag cur le mo chuid struis.

Is mór an mhaith nach raibh Facebook ann agus mise ag fás suas nó fiú agus mé níos síne (ach níos óige ná mar atá mé anois) mar bheadh an-náire orm faoi na pictiúir a d'fhéadfadh a bheith thuas ar Facebook.

Buíochas le Dia tá mise in ann dearmad a dhéanamh ar na hoícheanta sin nuair a d'ól mé an iomarca agus nár bhreathnaigh mé rómhaith os comhair aon cheamara.

Sin rud eile, ní raibh an fón póca féin againn, ní fiú amháin ceann le ceamara. Ó, is maith an rud é ceart go leor.

CEIST na Seachtaine

Tá daonlathas uainn!: Lucht Léite Gaelscéal

MAR gheall ar an nuacht nach mbeidh toghchán arís ann do bhord Údarás na Gaeltachta, chuir muid an ceist ar lucht léite Gaelscéal an tseachtain seo - An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh bord Údarás na Gaeltachta tofa?

Níl aon amhras faoi ach gur cheap tromlach dár léitheoirí gur tábhachtach go mbeadh bord Údarás na Gaeltachta tofa le 63.6% agaibh ag freagairt 'tá'.

Níor shíl ach 18.2% nach bhfuil sé tábhachtach, an méid céanna agaibh nach bhfuil a fhios agaibh cé acu atá sé tábhachtach nó nach bhfuil.



Ceist na Seachtaine seo: Ar cheart go mbeadh ar mhná tí cáin a íoc ar an ioncam as coláistí samhraidh?

- Tá 63.6%
- Níl 18.2%
- Níl a fhios agam 18.2%

An saol crua nua

Conall Ó Móráin

TÁ an chuma air go bhuil aerfort na Gaillimhe agus aerfort Shligigh le dúnadh mar go bhfuil an rialtas chun stop a chur leis an gcaiteachas ar an dá aerfort de dheasca easpa airgid sa tír. Agus mé ag éisteacht le lucht bainistíochta aerfort na Gaillimhe ag gearán go fíochmhar nach raibh aon chiall leis an gcinneadh bhí mé ag smaoineamh ar cén chuid den abairt 'Níl aon airgead ann' nár thuig an t-urlabhraí.

Seo iad na fíricí. Tá aerfort idirnáisiúnta i Sionainn. Tá aerfort eile a bhfuil cumas ann scaird-eitleáin a ghlacadh ar Chnoc Mhuire. Níl ach uair an chloig idir an dá aerfort seo agus cathair na Gaillimhe, pé treo a thaistlíonn tú. De bharr an mhótarbhealaigh bhreá anois idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh níl ach dhá uair an chloig idir an dá chathair agus an t-aerfort is mó sa tír ansin. Agus ná dearmad an tseirbhís traenach atá i bhfad níos fearr ná mar a bhíodh agus gur féidir leanúint ar aghaidh ag obair ar an ríomhaire ann agus tú ag taisteal.

Conarthai le stróiceadh

Is féidir ceangal díreach a dhéanamh idir na haerfoirt mhóra seo agus aerfoirt mhóra eile ar fud na hEorpa agus na Stát Aontaithe. Ní féidir a leithéid a dhéanamh ó aerfort na Gaillimhe. Cheapfá ón mhéid a dúradh go raibh scuaine fhada d'fheidhmeannaigh ag seasamh ar an rúidbhealach agus iad ar tí conarthaí móra gnó a stróiceadh suas mar go raibh orthu taisteal go dtí aerfort eile. Seo na daoine céanna a bheadh ag taisteal, b'fhéidir, ó Luton i Sasana. Ach ná hiarr orthu na conarthaí a shíniú ar an Mháirt ná ar an gCéadaoin mar níl aon eitilt ó Luton ar na laethanta sin.

Sa pholl céanna

Agus, sula gcaithfear anuas orm agus mé ag scríobh 'nach bhfuil ann ach uair an chloig le teacht ar aerfort eile' is féidir liom a chinntiú go dtógann sé an méid céanna ama taisteal ó dheisceart na príomhchathrach go dtí aerfort Bhaile Átha Cliath i dtuaisceart na cathrach. Níl mé ag moladh in aon chor go mbeadh aon duine ag déanamh idirdhealaithe ar mhuintir an Iarthair agus muintir an Oirthir. Tá muid ar fad sa pholl céanna.

Tá roinnt de mhuintir na Gaillimhe ag gearán go gcuirfidh dúnadh an aerfoirt isteach ar tharraingteacht an Iarthair mar shuíomh do na comhlachtaí idirnáisiúnta atá tar éis lonnú ansin. Raiméis. Tá comhlachtaí áirithe, comhlachtaí feistí leighis mar shampla, lonnaithe san Iarthar mar go bhfuil teacht acu ar lucht oibre oilte i dtimpeallacht ghlan. Níos tábhachtaí fós, agus aontóidh Nicolas Sarkozy leis seo, tá siad anseo mar gheall ar an ráta cánach corparáide sa tír, 12.5%.

QED

Má theastaíonn ó dhaoine aerfort, nach féidir brabach trádála a dhéanamh as de dheasca easpa gnó, a choimeád ar oscailt ritheann sé le ciall go mbeadh orainn breis cánach a bhailiú chun díol as. Chiallódh sé sin go mbeadh orainn an ráta sin de 12.5% a ardú agus dá ndéanfadh d'fhéadfadh muid slán a rá leis na comhlachtaí idirnáisiúnta sin.

Club oíche níos tábhachtaí ná aerfort?

Tá mise tar éis gnó a dhéanamh le boic mhóra ó chomhlachtaí móra domhanda le blianta. Is féidir liom a chinntiú gur fíor-annamh a thagann na hardbhainisteoirí ar cuairt ó Connecticut nó Massachusetts ach go gcuirtear a gcuid leifteanant amach ó na ceanncheathrúna chun súil a chaitheamh ar chúrsaí sa tír seo. Bíonn na ríomhairí sna comhlachtaí seo ag rith go síoraí agus tá teacht ag aon fheidhmeannach, lonnaithe aon áit ar domhan, ar an mbuneolas a bhíonn á lorg ag aon phríomhfheidhmeannach ach brú ar chnaipe.

Aerfort na Gaillimhe

Sa lá atá inniu ann tá an t-idirlíon níos tábhachtaí ná aon aerfort. Is féidir liom a chinntiú go dtagann dhá shórt duine ar cuairt go dtí na comhlachtaí seo, go mór mór na Meiriceánaigh. Tá an meon corparáideach ag buíon amháin de na daoine seo; maireann siad san aer agus is cuma leo cá bhfuil siad, fad is go bhfuil ceangail eitilte idirnáisiúnta ar fáil.

Sa lá atá inniu ann tá an t-idirlíon níos tábhachtaí ná aon aerfort. Is féidir liom a chinntiú go dtagann dhá shórt duine ar cuairt go dtí na comhlachtaí seo, go mór mór na Meiriceánaigh. Tá an meon corparáideach ag buíon amháin de na daoine seo; maireann siad san aer agus is cuma leo cá bhfuil siad, fad is go bhfuil ceangail eitilte idirnáisiúnta ar fáil. An dream eile, is daoine níos sinsearaí de ghnáth iad a oibríonn go crua i rith an lae ach is ar thóir an tsaoil oíche a bhíonn siad ina dhiaidh sin. Arís d'fhéadfadh sé go bhfuil sé níos tábhachtaí go bhfuil clubanna oíche den scoth i nGaillimh ná aon aerfort.

Fána sciála

Bhí urlabhraí an aerfoirt corraithe go maith mar, dar leis, níl ach sé mhí acu le teacht ar bhealach chun tarrtháil a dhéanamh ar an aerfort más féidir. Ach tá deacrachtaí gnó ag an aerfort leis na blianta. Mura raibh a fhios acu gur chóir dóibh foinsí eile ioncaim a lorg sé bliana ó shin, ní sé mhí ó shin, bheinn an-amhrasach fúthu. Níl brabach á dhéanamh ag an aerfort. Caithfidh go dtuigeann daoine faoin am seo nach cás carthanachta atá á rith acu. Níl ach bealach amháin chun aon ghnó a shábháil agus is é sin go ndéanfadh sé brabach. Mura bhfuil dóthain paisinéirí ag taisteal tríd an aerfort ní tharlóidh sé sin. Seo an saol crua nua ina bhfuil muid inár gcónaí. An bhféadfaí gnónna eile a chur isteach ar an gcampas? Tá gnó láidir ag an Pilot Training College in aerfort Phort Láirge mar shampla, nó an bhféadfaí fána sciála (níl mé ag magadh, tá a fhios agam go bhfuil airgead sa ghnó sin) a lonnú ann? Aon rud a thabharfadh daoine agus airgead go dtí an suíomh.

An bhuncheist a chuirfear go mion minic faoi áiseanna eile a dhúnfar as seo amach ná an fearr leaba ospidéil a bheith ag daoine nó aerfort beag (nó áis eile) a shúnn airgead as an gcóras atá bancbhriste. Is é an trua é ach ní féidir an dá rud a bheith againn.

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Ní féidir linn a bheith cinnte faoi nasc idir ghutháin póca agus ailse

Diarmuid Ó Muirgheasa

LE cúpla seachtain anuas tá nuachtáin mórthimpeall an domhain éirithe iontach corraithe ar fad maidir leis an scéal ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (*WHO*) maidir le radaíocht ó fhóin shoghluaiste. Deir foinse amháin gur foilsíodh an scéal in os cionn 3,000 foilseachán mórthimpeall na cruinne, agus is deacair a chreidiúint go raibh an figiúr chomh híseal sin, seachas go raibh sé chomh hard sin.

Cad go díreach a bhí sa scéal? Ceistigh aon duine a léigh na hailt sin agus tá seans maith ann go ndéarfaidh siad go bhfuil ceangal idir an radaíocht úd ó fhóin shoghluaiste agus ailse. Is éin a bhí sna scéalta sna nuachtáin, mar is é sin a bhí i dtuarascáil WHO, nach ea? Ní hea, in aon chor.

A mhalairt an fhírinne. Ar an gcéad dul síos, níor foilsíodh an tuarascáil, foilsíodh preas-eisiúint. Ciallaíonn sé seo gur fíorbheag an seans go bhfuil an tuarascáil léite ag duine ar bith den 3,000 iriseoir úd a rinne tuairisciú uirthi. Ach fiú gan an tuarascáil a léamh, is éasca scéal níos cruinne a thuiscint ar an bpreas-eisiúint ná an rud a tuairiscíodh go forleathan sna meáin.

An rud a dúradh sa phreas-eisiúint ná nach féidir bheith cinnte nach bhfuil ceangal idir an dá rud. Ní hé sin le rá go bhfuil ceangal ann, díreach nach féidir bheith iomlán cinnte nach bhfuil.

Cad chuige an éiginnteacht seo? Den chuid is mó, is ceist ama atá i gceist. Ní raibh fóin shoghluaiste in úsáid go forleathan go dtí tús nó lár na 1990idí. Ciallaíonn sé seo nach féidir scrúdú a dhéanamh go fóill ar aon éifeacht fhadtéarmach atá nó nach bhfuil ag úsáid na bhfón ar shláinte an duine. Smaoinigh ar aispeist (*asbestos*), a thógann 30 bliain i gcásanna áirithe sula dtagann fadhbanna móra chun cinn.

Tá an giúire amuigh go fóill maidir le nasc ar bith idir ghutháin póca agus ailse.

Ach fós féin, i gcás na haispeiste bíonn comharthaí beaga ann i ndiaidh 10 nó 20 bliain. Níl a leithéid de chomharthaí ann i gcás úsáid fón soghluaiste. Tá eisceacht amháin ann - scrúdú amháin a deir go bhfuil baol níos mó ann dóibh siúd is mó a úsáideann a bhfóin, ach deir údair an scrúdaithe sin nach raibh an scrúdú mór a dhóthain le rud ar bith a rá go cinnte.

An rud a bhí sa phreas-eisiúint, mar sin, ná an scéal céanna atá cloiste le tamall fada. Níl aon cheangal cinnte ann, ach is fearr súil a choimeád ar chúrsaí ar aon chaoi. An t-aon áit a ndeirtear sa tuarascáil go bhfuil ceangal cinnte idir fóin phóca agus sláinte an duine ná i gcás úsáid fóin agus tiomáint, ach ní haon nuacht é sin, is cinnte.

Cad go díreach a bhí sa scéal? Ceistigh aon duine a léigh na hailt sin agus tá seans maith ann go ndéarfaidh siad go bhfuil ceangal idir an radaíocht úd ó fhóin shoghluaiste agus ailse. Is éin a bhí sna scéalta sna nuachtáin, mar is é sin a bhí i dtuarascáil WHO, nach ea? Ní hea, in aon chor.

Maidir le fíornuacht, tá saghas iomlán nua ríomhaire le heisiúint ag Google, i gcomhpháirtíocht le Samsung agus Acer, ar 15ú Meitheamh. '*Chromebooks*' a ghlaofar orthu agus, má éiríonn le Google iad a dhíol mar is ceart, d'fhéadfaidís bheith mar chontúirt cheart do cheannasaíocht Microsoft agus Windows, ceannasaíocht atá linn le blianta fada anois.

Deir Google go mbeidh an chéad Chromebook ar fáil ar $349. Ar an méid seo airgid gheobhaidh tú ríomhaire glúine ó Samsung nó Acer atá deartha ón mbun aníos go speisialta le Chrome a úsáid. Tá an dá cheann iontach cosúil lena chéile; scáileán timpeall 12" acu beirt, cadhnaire a mhairfidh ar a laghad sé nó seacht n-uaire an chloig, agus nasc 3G mar rogha chomh maith. Tá céim shuimiúil glactha maidir leis an méarchlár chomh maith, áit a bhfuil an "Caps Lock" imithe, agus cnaipí cuardaigh curtha ina áit.

Bunchloch na ríomhairí seo ná nasc leis an idirlíon, agus admhaíonn Google féin go mbeidh sé seo mar bhac anseo agus ansiúd. As siocair nach bhfuil sa Chromebook ach brabhsálaí, i ndáiríre, níl rogha ann leithéidí Microsoft Word ná Outlook a úsáid. Ina áit sin tá Google Docs agus GMail. Agus úsáid á baint as an teicneolaíocht idirlín is nua, HTML5, is féidir cuid den fheidhmiúlacht a choimeád agus tú as líne. Fós féin, níl mórán maitheasa le Chromebook muna bhfuil nasc agat leis an idirlíon nach mór an t-am uilig.

Cé gur míbhuntáiste é bheith ag brath go hiomlán ar bhrabhsálaí idirlín (samhlaigh do ríomhaire Windows gan ach Firefox nó Internet Explorer air), tá buntáistí leis an gcuid seo den Chromebook chomh maith. De thairbhe go gcoimeádtar chuile rud ar fhreastalaithe (nó "sa scamall", mar a deir daoine) is féidir do chomhaid a aimsiú go héasca ar aon Chromebook in áit ar bith ar domhan. Níl le déanamh ach d'ainm úsáideora agus pasfhocal a bhualadh isteach agus is féidir do ríomhaire "féin", nach mór, a bheith agat ar Chromebook ar bith.

Beidh siad tapa chomh maith mar Chromebooks. Deir Google gur féidir le Chromebook a mhuscailt taobh istigh de 6 shoicind i ndiaidh duit an cnaipe cumhachta a bhrú, i gcodarsnacht le ríomhaire Windows a ghlacann os cionn nóiméid, nó suas le 10 nóiméad sna cásanna is measa. As siocair nach ritheann aon chlár ar an ríomhaire féin, níor chóir go moillfeadh siad, mar a mhoilleann ríomhairí Windows, ach oiread.

Á eisiúint 15ú Meitheamh sna Stáit Aontaithe. Gan dáta in Éirinn go fóill.

Ní bhíonn néal gan ghealán le iCloud

Seosamh Ó Riain

D'FHÓGAIR bunaitheoir Apple, Steve Jobs, an 'iCloud' Dé Luain ag comhdháil an chomhlachta i San Francisco.

Seirbhís saor in aisce í seo a bheas mar an gcéanna le tiomántán crua sa spéir.

Oibreoidh an tseirbhís gan uaim gan stró le do chuid feidhmchlár ar an iPhone, iPad, iPod touch, Mac nó PC chun sonraí a stóráil san iCloud agus ansin an t-eolas siúd a roinnt le do chuid gléasanna eile.

Mar shampla, d'fhéadfadh go ndéanfaí amhráin ó do iPod touch a stóráil san iCloud, agus ansin go roinnfí na hamhráin sin le do iPhone agus iPad.

Agus an rud is fearr ná go dtarlóidh sé seo go huathoibríoch, gan sreang gan aon iarracht ón úsáideoir.

Dá n-athrófaí aon rud ar cheann de do ghléasanna, dhéanfaí do ghléasanna eile a nuashonrú gan sreang, ar an toirt nach mór.

Leis an néal-ríomhaireacht seo, beidh sé ar chumas daoine méideanna móra millteacha de cheol, físeáin, grianghraif agus doiciméid a stóráil ar an ngréasán.

Tá Jobs den tuairim go dtiocfaidh an iCloud in ionad an PC mar an mol digiteach do riachtanais ilmheánacha dhaoine, agus sa bhealach sin go mbeadh sé i bhfad níos éasca dóibh teacht ar a gcuid eolais dhigitigh ar fhóin, táibléid agus an iliomad gléas eile a bhfuil nasc leis an Idirlíon acu.

Cuirfear 5GB spáis ar fáil do dhaoine a chláróidh le Apple do iCloud agus is mór an méid sin mar gheall nach gcuirfear ceol, feidhmchláir, e-leabhair agus Photo Stream san áireamh sa 5GB sin.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Léachtóir (ar théarma seasta) sna réimsí seo:

- **Leigheas (2 phost)**
- **'Leigheas Modhanna 'Cliniciúla' & Oideachas Leighis**
- **Anatamaíocht**
- **Fiseolaíocht**
- **Leigheas & Máinliacht, Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn (leath-am)**
- **Cnáimhseachas & Gínéiceolaíocht (leath-am)***
- **Dlí Míochaine agus Eitic****

Coláiste na hEolaíochta

Léachtóir (ar théarma seasta) sa Bhithcheimic

Spriocdháta: 9 Meitheamh, 2011
***Spriocdháta: 16 Meitheamh, 2011**
**** Spriochdháta: 23 Meitheamh, 2011**

Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratas:
Le haghaidh tuilleadh eolais agus chun iarratas a dhéanamh téigh chuig www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

www.oegaillimh.ie

Glór na nGael

Ag tabhairt aitheantais d'obair na nGael thar lear tríd an gcomórtas Global Gaeilge
Foirmeacha iontrála 2011 ar fáil anois ar www.glornangael.ie

udar.ie

"In aois an tsraidbhaile domhanda... 'sé udar.ie siopa an tsráidbhaile"

Earraí Gaeilge agus Éireannacha ar fáil do Ghaeil in Éirinn agus thar sáile ar
www.udar.ie

GLÓR 50

Glór na nGael ag ceiliúradh 50 bliain d'obair le pobal na Gaeilge ar fud na cruinne

www.glornangael.ie

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar an bpost páirtaimseartha seo a leanas ar chonradh bliana:

Cúntóir Riaracháin, Grád 2, Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo

Tuarastal: €23,541 sa bhliain, pro rata.

Baineann an tuarastal thuasluaite le 'hiontrálaithe nua' san earnáil phoiblí.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná 5.00 p.m., 17 Meitheamh 2011.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Oifig Acmhainní Daonna:
http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/
Ríomhphost: hr@nuigalway.ie
Teil. +353 91 492151 Facs +353 91 494523

**An Oifig Acmhainní Daonna,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
Gaillimh.**

Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais trí ríomhphost ná facs.

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.oegaillimh.ie

COMHAIRLE NA GAELSCOLAÍOCHTA

Príomhfheidhmeannach

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta an eagraíocht ionadaíoch don ghaelscolaíocht ó thuaidh. Bhunaigh an Roinn Oideachais an Chomhairle in 2000 de réir a dualgas faoi Chomhaontú Bhéal Feirste.

I measc na gcritéar riachtanach don phost tá:

- Céim 3ú leibhéal; • teacht ar mhodh cuí iompair;
- scileanna foirfe cumarsáide Béarla agus Gaeilge;
- Taithí 2 bhliain ag forbairt eagraíochta, ag tabhairt ceannasaíochta d'fhoireann, á mbainistiú agus á spreagadh, agus cruthú ar an éifeacht;

Is post conartha é seo le Conradh 4 bliana.
Tuarastal: Pointí Scála NJC 46 - 57 (£39k - £49k).
Beidh Pinsean NILGOSC & liúntas úsáidte cairr ar fáil.

Tuilleadh sonraí le fáil ó: Comhairle na Gaelscolaíochta (Poist), 4 Sráid na Banríona, Béal Feirste BT1 6ED; Guthán 9032 1475 Facs 9032 4475; pomordha@comhairle.org

Dáta deiridh d'iarratais: 12.30 i.n. An Luan, an 20/06/11. Beidh agallaimh an phoist seo ar siúl ar an Chéadaoin an 29 Meitheamh 2011

Is fostóir comhionannais í Comhairle na Gaelscolaíochta a chuireann fáilte ar leith roimh iarratais ón phobal Protastúnach agus ó mhná.

www.comhairle.org

Bhfuil ciorcal Chomhrá ar bun agat?

Síntiúis ar lascaine le fáil do ciorcal comhrá ar phraghas íseal. 'neart ábhair cainte agus díospóireachta in Gaelscéal gach seachtain, bí i lár an aonaigh linn'

Dean teagmháil le Patricia ag: 086 02354251 nó fograi@gaelsceal.ie

CÚRSAÍ SAOIL

An gcuirfear tú, nó an bhfuil eile adhlactha? Céard faoi

Treasa Bhreathnach

AG aois áirithe nó b'fhéidir ag pointe áirithe i do shaol, tosaíonn gach duine ag smaoineamh ar na roghanna éagsúla sochraide. Tá a lán daoine in Éirinn agus iad ag snámh in aghaidh an easa ó thaobh na modhanna sochraide atá á roghnú acu.

Tá ardú suntasach tagtha ar an méid daoine a roghnaíonn créamadh in Éirinn i gcomparáid le roinnt blianta ó shin nuair a bhí formhór na ndaoine ag roghnú a bheith curtha, gan aon smaoineamh go raibh rogha eile acu. Is maith an rud é go bhfuil muintir na hÉireann ag roghnú a bheith créamtha mar níl mórán spáis fágtha sa tír le daoine a chur agus tá praghsanna na suíomhanna adhlactha ag ardú dá bharr. Ní in Éirinn amháin atá fadhb an easpa spáis ann ach tá iarrachtaí áirithe á ndéanamh i dtíortha eile chun réiteach a fháil ar an scéal. Dar le tuairisc de chuid rialtas Shasana a foilsíodh in 2007, deir siad go mbeidh na spásanna adhlactha lán i Sasana agus sa Bhreatain Bheag taobh istigh de 30 bliain.

Tá éagsúlacht praghsanna i gceist le haghaidh láthair adhlactha ar fud na tíre, ag brath ar cén pháirt den tír inar mhaith leat a bheith curtha, méid na reilige, an sagart féin agus na stiúrthóirí sochraide. Creideann Caitlicigh gur comhartha measa do na mairbh é iad a chur agus tugann sé dóchas dóibh don aiséirí, díreach mar a rinne Íosa féin, ach tá créamadh iomlán inghlactha ag Caitlicigh chomh maith.

Is é an praghas is ísle ar uaigh i reilig phlásógach (lawn cemetery) i mBaile Átha Cliath faoi láthair ná timpeall €1,200 agus caithfear táillí a íoc ar a bharr sin leis an uaigh a oscailt. Ardaíonn an praghas ina dhiaidh seo go dtí timpeall €3,000 ar uaigh i reilig phlásógach agus €5,000 i reilig phríobháideach agus is féidir leat suas le €16,000 a íoc agus níos mó arís sna reiligí príobháideacha is sine. Ní minic a íoctar na praghsanna móra seo in Éirinn agus is é an gnáthphraghas a íoctar ar uaigh faoi láthair ná timpeall €3,000. Is reiligí plásógacha an chuid is mó de na reiligí nua atá bunaithe i mBaile Átha Cliath le déanaí. Ar ndóigh tá praghsanna difriúla ar fud na tíre ar uaigheanna agus, mar aon le talamh ar bith eile, go hiondúil tá sé níos daoire i mBaile Átha Cliath ná mar atá i gceantair eile ar fud na tíre. Is éard atá i gceist leis na reiligí seo ná nach mbíonn aon bhláthanna á gcur ar na huaigheanna ná colbha cloiche agus go gcaithfear na clocha cinn a bheith ar an airde chéanna cé gur féidir leo a bheith ar stíleanna difriúla. Ciallaíonn sé seo go mbíonn costas i bhfad níos lú cothabhála i gceist sna reiligí úra seo.

Mar sin tá buntáistí áirithe airgeadais ag baint leis an gcréamadh. D'fhéadfá idir €500 agus €600 a íoc ar chisteog darach (oak casket), laghdú suntasach i gcomparáid le huaigh. In amanna roghnaíonn daoine an créamadh mar gur mhaith leo a bheith curtha lena muintir agus cé nach bhfuil aon spás fágtha in uaigh a muintire do chónra, tá neart spáis ann do shíothla (urns). Tá sé feicthe le blianta beaga anuas go bhfuil an créamadh á roghnú ag i bhfad níos mó seandaoine mar nach bhfuil aon spás fágtha in uaigh a muintire agus gur mhaith leo a bheith curtha leo. Nó, in amanna, is iad an duine deireanach den chlann atá fágtha agus níor mhaith leo, nó níorbh fhéidir leo an t-airgead a chaitheamh ar uaigh do dhuine amháin.

Tá cúig chréamatóiriam in Éirinn: Glas Naíon i mBaile Átha Cliath, Rinn an Scidígh i gCorcaigh, Cluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath, Iostáin Chrois Araild i mBaile Átha Cliath agus Rose Lawn i mBéal Feirste. Níl aon chréamatóiriam ar chósta an Iarthair ar chor ar bith, cé go bhfuil roinnt fiosrúchán réamhphleanála déanta faoi. Más mian le daoine i nGaillimh nó i nDún na nGall an rogha seo a bheith acu, caithfidh siad an corp a thabhairt go Baile Átha Cliath nó go Béal Feirste, rud a chuireann leis an gcostas. Deir Frank Murphy, bainisteoir Island Crematorium i gCorcaigh, "Tá ardú de thimpeall 25% in aghaidh na bliana feicthe againne ó d'oscail muid in 2006."

Ach, cén sórt seirbhíse a bhíonn i gceist le créamadh? Deir Frank Murphy, "Nuair a thagann clann chugainn chun seirbhís a chur ar fáil dóibh, iarrann muid orthu dhá phíosa ceoil a roghnú don tseirbhís. Casann muid ceann amháin acu nuair atá an chónra ag teacht isteach san ionad agus an ceann eile ag deireadh na seirbhíse. Sna seirbhísí sin nach bhfuil bainteach leis an reiligiún, go hiondúil deir duine éigin cúpla focal nó píosa filíochta." Maireann na seirbhísí in Island Crematorium timpeall 15-20 nóiméad agus níorbh fhéidir le haon seirbhís maireachtáil níos mó ná leathuair an chloig mar gheall ar chomh gnóthach a bhíonn siad. "Díreach cosúil le haon sochraid eile, tarlaíonn sé 99% den am go niompraíonn muintir an duine mhairbh an chónra isteach go dtí an 'catafalque', an áit a leagtar an chónra le linn na seirbhíse. Ní bhogtar an chónra in aon áit i rith na seirbhíse," arsa Frank. "Ní dhéantar aon chréamadh a fhad agus atá muintir an duine mhairbh san

tú ag smaoineamh ar rogha chréamadh, nó 'resomation'?



ionad. Tógann an créamadh féin idir 3 ½ agus 4 uair an chloig."

Mar sin cén chaoi ar féidir le daoine a bheith cinnte gurb iad a ngaol féin atá á gcréamadh agus go bhfaighidh siad an luaithreach ceart ar ais? De réir dlíthe créamtha in Éirinn, ní osclaíonn aon chréamatóiriam an chónra riamh san ionad ina mbíonn an tseirbhís ar siúl ar chúinsí éagsúla, ceann acu sin ná sláinte agus sábháilteacht. Deir Frank, "Ní féidir leis an gcréamatóir ach cónra amháin a thógáil ag an am, fiú má tá fear agus bean atá pósta ar a chéile ag iarraidh a bheith créamtha le chéile, ní féidir linn é seo a dhéanamh. Is féidir duine ón gclann a ainmniú chun an chónra a fheiceáil ag dul isteach sa chréamatóir má thugann siad réamhfhógra dúinn." Caithfidh lucht bainistíochta an chréamatóiriam a chinntiú nach dtiteann an teas sa chréamatóir mar sin ní bhíonn ach 3 shoicind acu chun an chónra a chur isteach sa chréamatóir agus ansin dúnann na doirse arís. Feidhmíonn an créamatóir féin trí chóras ríomhaireachta agus bíonn teas de 800 céim Celsius ann ag an tús agus téann sé chomh hard le 1250 céim Celsius.

Tá Frank ag obair san earnáil seo le os cionn 30 bliain. Cháiligh sé mar bhalsamóir (embalmer) agus d'oibrigh sé i dteach sochraide i Londain ar feadh 17 mbliana. Ní shíleann sé féin go bhfuil mórán difríochta i gceist idir corp a chur agus corp a chréamadh. "Má chuirtear tú, le tionchar an nádúir níl fágtha ach cnámha na creatlaí, agus is é an rud céanna é le créamadh. Ní thuigeann a lán daoine, ach nuair a dhéantar corp a chréamadh, tá tú fágtha le cnámha an choirp, na tairní agus scriúnna ón gcónra agus rudaí mar an cromán bréige (artificial hip). Faigheann muid na nithe miotail ón gcréamatóir le lámh mhaighnéadach agus baintear na nithe nach bhfuil maighnéadach amach de láimh. Ansin, cuirtear na cnámha isteach i meaisín ar a dtugtar 'cremulator' agus is sa mheaisín seo a dhéantar luaithreach as do chuid cnámh." Tá créamadh á dhéanamh leis na mílte bliain ach níor glacadh in Éirinn go hiomlán leis ach le roinnt blianta anuas.

Cé nach bhfuil fáil go forleathan ar chréamatóiriamaí in Éirinn, ní hé sin le rá nach bhfuil an chuid eile den domhan ag bogadh ar aghaidh ó thaobh modhanna sochraide de, agus b'fhéidir go mbeidh sé in am ag Éireannaigh an rud céanna a dhéanamh go luath.

Tá 6 cinn de stáit Mheiriceá tar éis 'resomation' a cheadú, modh sochraide atá in úsáid san Astráil, sa Bheilg agus tá Sasana ag smaoineamh faoina thabhairt isteach faoi láthair. Is éard atá i gceist leis ná go n-úsáidtear nítrigin leachtach (liquid nitrogen) chun an corp a fhuarú go dtí -196°C agus ansin déantar an corp a shiocreo (freeze-dry) chun fáil réidh leis an maothas uile sa chorp. Ansin cuirtear an corp isteach i málaí síoda agus cuirtear iad faoi uisce i dtuaslagán alcaileach (alkaline solution) ag 160°C agus tuaslagann sé seo an corp taobh istigh de 3 huaire an chloig. Fágtar leacht atá sórt dubhghlas agus dusta bán agus é i bhfad níos éasca chun fáil réidh leis - d'fhéadfaí fáil réidh leis fiú sa chóras séarachais. Ar ndóigh d'fhéadfadh muintir an té atá marbh an luaithreach a thabhairt leo i síothal (urn) díreach mar a dhéantar tar éis créamtha. Nuair a chréamtar corp scaoileann sé 573 punt de dhé-ocsaíd charbóin san atmaisféar agus dar leo siúd atá ar son 'resomation' tá sé i bhfad níos fearr don timpeallacht. Sa Bheilg úsáideann siad an córas seo agus caitear fuílleach an duine mhairbh isteach sa chanáil.

Deir Frank Murphy ó Island Crematorium, "Cé go bhfuil muidne lonnaithe i gceantar le líon mór daoine, ní raibh aon fhadhbanna againne leis go dtí seo. Ach, tá córas scagacháin (filtration) in úsáid againn chomh maith agus é ar fad faoi smacht an ríomhaire. Tugann sé tuairisc dúinn tar éis gach créamadh agus má tá aon cheo aisteach déanann muid an scéal a fhiosrú."

An síleann sé go bhfeicfidh muid 'resomation' go luath in Éirinn? "Tá roinnt comhlachtaí tar éis teacht chomh fada linn le roinnt blianta anuas agus ceist a chur orainn an mbeadh muid sásta 'resomation' a chur ar fáil mar rogha do dhaoine. Ní shílim go bhfuil muintir na hÉireann réidh le haghaidh 'resomation'. Níl siad ach díreach tar éis glacadh leis an gcréamadh. B'fhéidir go mbeidh suim ag an nglúin óg sa mhodh sochraide seo, ach níl sé i gceist againne é a thabhairt mar rogha do dhaoine anseo go fóill."

Ar ndóigh tá modhanna éagsúla sochraide in úsáid ar fud an domhain. Sa Spáinn agus i Meicsiceo, cuirtear an corp in almóirí i mballa ar feadh roinnt blianta. Íocann tú as spás áirithe sa bhalla ar feadh roinnt blianta agus ina dhiaidh sin cuirtear sa reilig choimín tú. Sa Tibéid creidtear gur cheart do na mairbh rud éigin a thabhairt ar ais don Domhan agus fágtar na coirp ar bharr cnoic chun go mbeidh na bultúir in ann iad a ithe. In a lán de na stáit Arabacha creidtear nach bhfuil aon cheo fágtha sa chorp nuair a fhágann an t-anam é agus dá bharr cuirtear roinnt mhaith corp i reiligí nach bhfuil aon mharc orthu.

Tá a lán roghanna éagsúla sochraide nach bhfuil aon bhaint ag an reiligiún leo, agus roghanna éagsúla eile á bhforbairt an t-am ar fad. Ar ndóigh más ag iarraidh a bheith curtha in uaigh thraidisiúnta, i reilig traidisiúnta atá tú, bí cinnte do spás a chur in áirithe go luath, mar tá gach seans ann gur gearr nach mbeidh spás ar bith fágtha duit!

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Gaillimh

Aerfort na Gaillimhe agus Aerfort Shligigh sábháilte go dtí deireadh na bliana

Treasa Bhreathnach

TÁ gach seans ann go ndúnfar Aerfort na Gaillimhe mar gheall ar chinneadh an rialtais chun deireadh a chur le maoiniú an aerfoirt. Is é seo barúil stiúrthóir bainistíochta an Aerfoirt, Joe Walsh.

Tá cinneadh déanta ag an Aire Iompair, Leo Varadkar, an tseachtain seo chun maoiniú breise de €5.9 milliún a chur ar fáil do shé cinn d'aerfoirt réigiúnacha. Beidh 1.25 milliún i gceist d'Aerfort na Gaillimhe in 2011 ach deir an tAire Varadkar nach mbeidh aon mhaoiniú ar fáil don aerfort tar éis 2011. Tá an €5.9 milliún seo sa bhreis ar mhaoiniú de €13.4 a cuireadh ar fáil d'aerfoirt réigiúnacha cheana féin i mbliana.

Dar le stiúrthóir bainistíochta Aerfort na Gaillimhe, faoin bplean gnó atá acu beidh maoiniú rialtais ag teastáil uaidh an Aerfort go dtí 2014. Tá foireann oibre de 62 duine in Aerfort na Gaillimhe agus 110,000 paisinéir ag dul tríd an aerfort gach bliain.

Deir an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, cé go bhfáiltíonn sé roimh "an fhuascailt ó bhuille an bháis" do na haerfoirt réigiúnacha an tseachtain seo, go mbeidh ar an Aire Iompair, Leo Varadkar, "dul ag tóraíocht maoiniú arís sula mbeidh an bhliain caite."

Deir an tAire Varadkar go mbeidh béim á leagan le tacaíocht mhaoinithe an rialtais ar na haerfoirt i gCnoc Mhuire, i bPort Láirge, i nDún na nGall agus i gCiarraí.

Cás eile faoi Scoil Cheartúcháin Leitir Fraic ar na bacáin

Máirtín Ó Catháin

TÁ cás eile a bhaineann le Scoil Cheartúcháin Leitir Fraic ceaptha a theacht ós comhair na Cúirte as seo go ceann cúpla mí. Fear a bhí ina Bhráthair Críostaí sa Scoil Cheartúcháin mhícháilliúil tuairim agus dhá scór bliain ó shin, a bheidh ar a thriail.

Tuigtear go bhfuil cuid mhaith de dhá scór cúis a bhaineann le drochíde ar ghasúir le freagairt ag an bhfear seo sa gCúirt Choiriúil Chuarda. Ní féidir é a ainmniú ag an bpointe seo mar gheall ar chúinsí dlí.

Ní cosúil go bhfuil aon mhórchúis eile a bhaineann leis an bhfiosrúchán faoi Scoil Cheartúcháin Leitir Fraic i gcóras na gCúirteanna anois – sin tar éis an fhiosrúcháin a rinneadh idir 1999 agus 2005. Cuireadh foireann láidir Gardaí ag obair ar an bhfiosrúchán sna blianta sin tar éis do lear mór fear a bhí ina ndaltaí sa Scoil Cheartúcháin gearáin a dhéanamh gur tugadh drochíde dóibh ansin. Cúisíodh agus ciontaíodh riar Bráithre Críostaí agus iar-Bhráithre Críostaí a bhí i mbun dualgais i Leitir Fraic chomh fada siar le 1950 mar gheall ar an bhfiosrúchán sin. Osclaíodh Scoil Cheartúcháin Leitir Fraic in 1885 agus dúnadh é i 1974. Ba faoi scáth Ard-Deoise Thuama a osclaíodh é agus bhí sé ceaptha cúram a dhéanamh de bhuachaillí a raibh deacrachtaí sa mbaile acu nó a rinne rud éigin as bealach.

Tuigtear go bhfuil gearáin ag teacht isteach anois agus arís fós ó dhaoine a deir gur tugadh drochíde dóibh i Leitir Fraic. Tá na Gardaí ag fiosrú na ngearán sin i gcónaí.

Ar chuireadh ó Chomhar Dhún Chaocháin Teo thug an Dochtúir Stefan Bergh ó Roinn na Seandalaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh cuairt ar pharóiste Chill Chomáin le scrúdú a dhéanamh ar chuid de na hiarsmaí seandalaíochta atá sa gceantar. In éineacht leis ar an turas staidéir bhí (ó chlé) Treasa Ní Ghearraigh, Terence Ó Conbhuí, Niall Ó Cionga agus Diana Ní Thailliúir. PIC: UINSÍONN MAC GRAITH

Comhpháirtíocht Scannánaíochta i nGaillimh

Treasa Bhreathnach

SHEOL an tAire Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, togra úrnua, Film Galway Partnership, inné i Músaem na Gaillimhe. Bhí Ardmhéara na Gaillimhe, Michael Crowe agus príomhfheidhmeannach Bhord Scannán na hÉireann, James Hickey, i láthair chomh maith le méara Chontae na Gaillimhe, Jimmy McClearn.

Is éard atá i gceist leis an gcomhpháirtíocht seo ná roinnt eagraíochtaí ag obair le chéile chun léiriúchán scannán agus teilifíse a chur chun cinn i nGaillimh. Tá sé d'aidhm ag Film Galway Partnership tacaíocht léirithe a chur ar fáil le haghaidh léiriúchán náisiúnta agus idirnáisiúnta trí theagmhálacha agus eolas a chur ar fáil; cabhair riaracháin a chur ar fáil do lucht léiriúcháin; Gaillimh a chur chun cinn mar áit a bhfuil neart áiseanna ann; imeachtaí a eagrú a chuirfidh an t-iarthar chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; baill na heagraíochta a spreagadh le rátaí iomaíocha a chur ar fáil san earnáil, go mórmhór rátaí lóistín, cothabhála agus iompair; a chinntiú go mbeidh Gaillimh i gcónaí mar áit atá 'cairdiúil don scannánaíocht'; straitéis margaíochta scannánaíochta i nGaillimh a shocrú.

Dar le tuairisc de chuid Price Waterhouse Coopers ar earnáil na teilifíse agus na scannánaíochta le déanaí, tá dhá shuíomh lárnacha don earnáil teilifíse agus scannánaíochta in Éirinn, Gaillimh agus Baile Átha Cliath. Dar leo tá 10% den earnáil lonnaithe i gceantar na Gaillimhe. In 2010, de bharr na hearnála teilifíse agus scannánaíochta, caitheadh €225 milliún go háitiúil de bharr scannán agus araile a bheith á dtaifead i gceantar áirithe. Bhí tionchar dearfach ag an earnáil ar thurasóireacht chultúrtha chomh maith. In 2009 thug 18% de thurasóirí cuairt ar Éirinn tar éis dóibh scannáin Éireannacha a fheiceáil.

Oíche cheoil agus shiamsaíochta ar mhaithe le Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann

Caroline Ní Chualáin

BEIDH oíche cheoil agus shiamsaíochta ar siúl Dé hAoine 17ú Meitheamh in Óstán na Páirce sa Spidéal ar mhaithe le lúthchleasaithe a bheidh ag glacadh páirte sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta an mhí seo. Tá coiste áitiúil ag eagrú na hoíche agus beidh ceoltóirí áitiúla ag seinm ceoil ar an oíche. Tosóidh an oíche cheoil agus shiamsaíochta ag an 8.00 in agus beidh na ticéid a chosnaíonn €5 le fáil ar an doras ar an oíche.

Beidh 126 lúthchleasaí Oilimpeacha Speisialta agus 49 cóitseálaí as Éirinn ag taisteal chuig na Cluichí Oilimpeacha a bheidh ar siúl ag deireadh na míosa san Aithin. As Connachta beidh 12 lúthchleasaí ag glacadh páirte. Más mian leat tuilleadh eolais faoin oíche cheoil agus shiamsaíochta a fháil, téigh i dteagmháil le Pearse Ó Tuathail ag 086 0215412.

'Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn'

BA mhór ag Comhairle Bhéaloideas Éireann tú a bheith i láthair nuair a sheolfaidh Róisín Nic Dhonncha 'Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn' le Ciarán Ó Con Cheanainn (nach maireann), in Óstán na Páirce, an Spidéal ar an Domhnach, 12 Meitheamh 2011 ag 6 in.

Rath ar ógánaigh Chois Fharraige i gCluichí Pobail Chontae na Gaillimhe

REÁCHTÁLADH Cluichí Pobail Chontae na Gaillimhe i mBaile an Doirín an deireadh seachtaine seo caite agus d'éirigh le beirt ó cheantar Chois Fharraige boinn a bhuachaint.

Bhain Rónán Ó Direáin ó Bhaile an tSagairt, an Spidéal bonn óir sa rás rothaíochta faoi 12 do bhuachaillí. Thug Aoife Nic Cormaic, as Seanadh Mhóinín sa Spidéal bonn cré-umha léi sa rás rothaíochta do chailíní faoi 12.

Sa rás ceannais 60 méadar faoi 8 chríochnaigh Tommy Lee Ó Fátharta (Saile Thúna, an Spidéal) sa 4ú háit. Chomh maith leo sin cháiligh Conal Ó Caoimh (Sidheán, an Spidéal) agus Éanna Ó Cualáin (Cor na Rón) sa rás ceannais 600m faoi 12 agus cháiligh Vitor Cruz Ó Fátharta don rás ceannais 800m faoi 14.

Mar bhuaiteoir na Gaillimhe sa rothaíocht beidh Rónán Ó Direáin i dteideal dul ar aghaidh go Cluichí Pobail na hÉireann a bheas ar bun in Áth Luain i lár mhí Lúnasa.

Maigh Eo

Féile Erris Beo

Katie McGreal

I MBLIANA, beidh Féile Erris Beo ar siúl 14-19 Meitheamh i gceantair in iarthuaisceart Mhaigh Eo: Béal an Mhuirthead, an Fód Dubh agus Dumha Thuama go háirithe. Beidh imeachtaí de gach saghas ar siúl le linn an deireadh seachtaine.

Chun tús a chur leis, beidh Comórtas Gailf Lá Oscailte ar siúl sa dumhach gailf (golf links) in Carna, Béal an Mhuirthead 14-16

Moltóirí ag ócáid Strictly Come Dancing chun airgead a bhailiú do charthanas ailse leanaí san iarthar, Hand in Hand. Eagraíodh an ócáid in Óstán Bhaile Chláir na Gaillimhe le déanaí. Ó chlé: Ania Sapala, múinteoir damhsa bálseomra, Eibhlín Ní Choisdealbha, Nuacht TG4, Máirtín Dáibhí, láithreoir ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus Maureen O Connell, ambasadóir Hand in Hand. Bhailigh siad €5,00 0 ar an oíche don charthanas.

Foireann rithíochta faoi 10 ó cheantar Chois Fharraige a ghlac páirt i gcomórtais luthchleasaíochta na gCluichí Pobail do Chontae na Gaillimhe, a eagraíodh i mBaile an Doirín ar an Domhnach seo caite. Ó chlé: Eoin Ó Domhnaill (Páirc Thoir, An Spidéal); Brianna Pfeiffer (An Lochán Beag, Indreabhán); Caomhán Ó Féinneadha (An Chré Dhubh, An Spidéal) agus Aisling Ní Chonghaile (Baile Liam, An Spidéal).

Meitheamh. Is féidir le haon duine imirt sa chomórtas. Tá táille €6 le híoc ag baill agus €30 ag gach duine eile.

Beidh seans ag daoine dhá shiúlóid threoraithe a dhéanamh ar 15ú Meitheamh, ceann amháin sa pháirc náisiúnta i mBaile Chruaich. Tóchar Dhaithí Bháin is ainm don tsiúlóid agus tógann sé thart ar uair an chloig an dá chiliméadar a shiúl agus is siúlóid oiriúnach do gach duine í. Tá an tsiúlóid eile timpeall an chósta i gCeathrú Thaidhg. Tosóidh an dá cheann ag a 4in agus is ócáidí saor in aisce iad.

Chomh maith leis an gComórtas Gailf Lá Oscailte a bheidh fós ar siúl ar an 16ú lá sa dumhach gailf in Carne, beidh clinic gailf d'fhir ar siúl freisin. Is é an t-imreoir gairmiúil, Brian Cosgrave ón Golf Academy i gCill Dara a stiúrfaidh an clinic. Beidh an clinic céanna ar siúl do mhná an lá dar gcionn. Caithfidh tú áit a chur in áirithe trí ghlaoch a chur ar Bhrian ar 086 1052539.

Beidh dinnéar ann an oíche sin dóibh siúd ar mhaith leo é. Beidh fulacht (BBQ) ar siúl ó 8in sa bhialann agus sa bheár sa dumhach gailf in Carne. Bí cinnte glaoch a chur orthu roimhré chun d'áit a chinntiú.

Muna bhfuil suim agat i ngalf ná i siúlóidí, is féidir am a chaitheamh san aonach ceardaíochta agus sa mhargadh ar an 17 Meitheamh in Áras Inis Gluaire ó 11-6in. Beidh táirgí a rinneadh sa cheantar ar díol ansin ar feadh an lae. Chomh maith leis sin, beidh siúlóid/bogshodar(jog)/rith deich gciliméadar ar siúl i nDumha Thuama an lá sin. Tosóidh sé ag 6in agus is ócáid le haghaidh gach duine, de gach aois, í.

Beidh Cineclub na nÓg ar siúl in Áras Inis Gluaire ó 4-6 tráthnóna Dé hAoine, an 17ú lá. Is ócáid dhátheangach í seo do pháistí idir 5-12 bhliain d'aois agus beidh deis acu an scannán a phlé ina dhiaidh. Ar 18ú Meitheamh, beidh Super Splash Day ar siúl sa Choláiste Uisce. Beidh seoltóireacht, surfáil agus imeachtaí eile á reáchtáil ó 11.45 - 5in le páistí idir 10-17 mbliana d'aois agus beidh seisiún eile ar siúl níos déanaí le haghaidh daoine fásta. Caithfidh tú dul i dteagmháil leis an gColáiste Uisce ar (097) 82111 nó ag eolas@uisce.ie chun tuilleadh eolais a fháil. Freisin, beidh Family Team Fun Day ar siúl in ionad fóillíochta Gateway i mBéal an Mhuirthead. Beidh foirne teaghlaigh ag imirt gailf agus ag babháil (bowling) i gcoinne a chéile.

Beidh imeachtaí eile ar siúl freisin agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ó (097) 82292 nó info@errisbeo.ie.

Deontais Ealaíon Mhaigh Eo

Treasa Bhreathnach

TÁ deontais ar fáil do ghrúpaí nó d'eagraíochtaí atá lonnaithe i Maigh Eo agus iad ag obair sna healaíona.

Má tá sibh ag lorg cúnaimh i dtreo imeachtaí nó ócáidí a reáchtáil a spreagann spéis sna healaíona i measc an phobail, nó a chuireann eolas agus tuiscint ar na healaíona chun cinn, nó a ardaíonn caighdeán na n-ealaíon sa chontae, cuirfear na deontais seo ar fáil daoibh.

Déanfar na Deontais Ealaíon a bhronnadh ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair a réitíonn le beartais na Comhairle i leith fhorbairt na n-ealaíon sa chontae. Is é an t-uasmhéid a bronnadh go dtí seo ná €5,000 agus an t-íosmhéid, €150.

Is é an spriocdháta atá i gceist d'iarratas a dhéanamh ar dheontas ealaíon ná 17 Meitheamh agus is féidir foirmeacha iarratais, treoracha agus critéir iarratais a fháil ón Oifig Ealaíon i gComhairle Contae Mhaigh Eo.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Contae na Mí

10.9 acra le díol i Ráth Chairn

Treasa Bhreathnach

TÁ 10.9 acra talún le díol ag Comharchumann Ráth Chairn, i Ráth Chairn i gCo. na Mí. Tá an talamh seo ar an margadh le dhá mhí anuas agus is é an praghas atá siad a chuardach don talamh ná €100,000.

Deir Pádraic Mac Craith, bainisteoir Chomharchumann Ráth Chairn, "Tá spéis léirithe sa talamh ag beirt duine áitiúil go dtí seo. Is talamh feirmeora é i ndáiríre a bheadh feiliúnach d'fheirmeoirí a bhfuil togra éigin acu. Tá suíomh tí le díol leis chomh maith."

Bhí roinnt suímh tí eile in aice leis an talamh a díoladh le déanaí agus tá suíomh amháin tí fágtha arbh fhéidir go ndíolfaí é leis an talamh seo. Tá an talamh lonnaithe i lár an bhaile, trasna an bhóthair ón mheánscoil, Coláiste Pobail Ráth Chairn.

Deir Pádraic, "Bhí muid ag súil tamall ó shin go mbeadh an talamh úsáideach chun aonad tríú leibheál a thógail, ach ní bhreathnaíonn sé anois go dtarlóidh a leithéid. Tá an talamh seo feiliúnach do neart tograí eile, mar thalamh feirmeora mar shampla, ach bheadh sé feiliúnach ar neart bealaí eile chomh maith."

Má tá suim ag aon duine tuilleadh eolais a fháil amach faoin talamh, nó b'fhéidir tuilleadh eolais a fháil amach faoina bheith ina c(h)ónaí i nGaeltacht Ráth Chairn, is féidir dul i dteagmháil le Comharchumann Ráth Chairn ar (046) 9432381.

Ionad Ealaíon Dhroichead Átha

Treasa Bhreathnach

TÁ dhá dheireadh seachtaine spreagúla chruthaitheacha á n-eagrú san Ionad Ealaíon i nDroichead Átha agus iad dírithe ar pháistí.

Amárach a bheidh ceardlann de chuid an chomhlacht léirithe Cartoon Saloon á reáchtáil, agus é feiliúnach do pháistí 9-12 bhliain d'aois.

Is iad Cartoon Saloon an comhlacht a ainmníodh do ghradam Oscar don togra beochana The Secret.

Is ceardlann deartha agus léaráidí atá i gceist agus beidh maoirseoir léaráidí Cartoon Saloon, Fabian Erlinghäuser, i láthair chun cur i láthair a dhéanamh do na páistí. Díreoidh sé ar theicnicí anamúlachta chomh maith le comhdhéanamh beochana agus tabharfaidh sé eolas faoi chláir scéalta.

Tá costas €20 ar thicéad (ábhar san áireamh). Cuirfear tús leis an gceardlann ag 2in agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí 4.30in. Glaoigh ar (041) 9833946 chun do thicéad a chur in áirithe.

Beidh dhá cheolchoirm speisialta á reáchtáil in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha le scoth na gceoltóirí ar 17ú Meitheamh.

Tá cuireadh á thabhairt do scoileanna áitiúla chun freastal ar na ceolchoirmeacha seo a bheidh ar siúl ag 10rn agus 11.45rn.

Beidh Emer Mayock (feadóg / píb uilinn), Donal Siggins (giotár), Robbie Harris (bodhrán), Muireann Nic Amhlaoibh (amhránaí) agus Mick Donegan (damhsóir), ag seinm agus ag damhsa.

Tá costas €5 ar thicéad agus is féidir ticéid a chur in áirithe trí dhul i dteagmháil leis an oifigeach ealaíon pobail, Siobhán Rock ar (041) 9875140.

Laois

Cá bhfuil Wally?

Treasa Bhreathnach

AR an Satharn agus ar an Domhnach beag seo beidh Wallies, beag agus mór, ag tabhairt aghaidhe ar Phort Laoise mar chuid den Chraobh Domhanda i dTaibhiú Sráide (street performance). Is féile é seo a bheidh ar siúl i bPort Laoise, Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Táthar ag iarraidh an churiarracht dhomhanda don mhéid is mó Wallies ó 'Where's Wally' san aon áit amháin a shárú.

Beidh grianghraif á dtógáil ar an Domhnach ó chraenacha i bPort Laoise agus i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath ar an Domhnach seo chugainn. Déanfar iarracht grianghraif Where's Wally a chruthú agus beidh siad á gcur ar líne chun gur féidir leat do Wally féin a chuardach.

Is féidir leat féin páirt a ghlacadh sa bhféile agus sa gcuriarracht trí dhul chuig an suíomh idirlín www.spwc.ie chun culaith Where's Wally a cheannach ar chostas €12, ach tá líon na gcultacha srianta, mar sin, ba cheart d'ordú a chur isteach go luath. Beidh roinnt den bhrabús ó chostas na gcultacha á thabhairt don eagraíocht charthanachta Africa Aware a thugann cúnamh do pháistí a bhfuair a dtuismitheoirí bás de dheasca SEIF (AIDS).

Beidh éagsúlacht ollmhór de thaibheoirí i láthair sa trí chathair mar chuid den fhéile, lámhchleasaithe, cleasghleacaithe (acrobats), agus draíodóirí ina measc.

Is i bPáirc Mhic Gearailt i gCorcaigh agus in The People's Park i bPort Laoise a bheidh an fhéile ar siúl an deireadh seachtaine seo. Beidh an fhéile ar siúl i gCearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath ón Déardaoin seo chugainn go dtí 19ú Meitheamh.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Gaelscoil Uí Earcáin ag tabhairt faoin pheil le geansaithe nua

Caroline Ní Chualáin

TÁ Gaelscoil Earcáin i mBaile Átha Cliath tar éis urraíocht a fháil uaidh Atlas Auto Services, Fionnghlas chun geansaithe peile agus iománaíochta nua a cheannach. Deir Doireann Ní Loingsigh, "Tá lúcháir ar phobal Ghaelscoil Uí Earcáin a chur in iúl go bhfuilimid ag tabhairt faoin pheil, agus beidh an stíl ar ár ngeansaithe réidh le stíl ár scileanna a mheaitsáil."

Tá an scoil ar an bhfód ó 2005 ach níl siad ag imirt peile ach le bliain anuas agus tá súil acu tosú ag imirt iománaíochta go gairid. Deir Doireann, "I rith cúlú eacnamaíochta bhí sé iontach deacair an t-airgead a thabhairt le chéile le héadach spóirt ceart a chur ar fáil dár n-imreoirí, idir bhuachaillí agus chailíní. Tá an club áitiúil, Erin's Isle, tar éis a lán tacaíochta a thabhairt dúinn inár ndúshlán agus táimid ag súil go mbeidh ár bpáistí in ann leithéidí Keith Barr, Charlie Redmond agus na laochra eile a tháinig ón gceantar a leanúint."

Tháinig Sorcha Furlong (leathchúlaí ar fhoireann Bhaile Átha Cliath a bhuaigh craobh pheile na mban i mbliana) inné chun tús a chur le blitzchomórtas idir Gaelscoil Uí Earcáin agus a gcomharsana, Mother Of Divine Grace agus St.Canice's.

Feis na nGael sa Chonradh

Ciarán Ó Braonáin

BÁC : Tá clár iontach leagtha amach ag Club Chonradh na Gaeilge don Satharn seo chugainn (18 Meitheamh), lá ina dtiocfaidh cainteoirí Gaeilge na tíre seo agus cainteoirí Ghaeilge na hAlban le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar a gcultúr.

Cuirfear tús le himeachtaí an lae le ceardlann rince ar an sean-nós faoi stiúir Rónáin Uí Riagáin óna 10.00 go dtí 16.00 um thráthnóna (€20), le ceardlanna amhránaíochta i nGaeilge na hAlban le Mary Smith ar siúl idir a 14.00 agus 16.30 (€10).

I ndiaidh na gceardlann beidh rud éigin níos foirmiúla á reáchtáil ag a 19.00, le seoladh an leabhair Bright Star of the West - Joe Heaney, Irish Song Man.

Is leis an Dr Lillis Ó Laoire (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) agus an tOllamh Sean Williams (Ollscoil Evergreen, Olympia, WA) an leabhar seo ina ndéantar plé ar shaol, ar shaothar, agus ar oidhreacht Joe Éinniú, a bhí ar dhuine de na hamhránaithe seannóis ba thábhachtaí riamh.

Tiocfaidh buachphointe an lae ansin, agus an leabhar seolta, le hamhránaithe ón dá thaobh de Mhuir Éireann ag casadh ceoil. San áireamh beidh (as Albain) Mary Smith, Liam Crouse, Sineag MacIntyre, (as Éirinn) Brian Ó Domhnaill, Rónán Ó Riagáin, Larry Kinsella, Niall Crehan, agus Lillis Ó Laoire. Níl ach costas €5 ann do cheol na hoíche, margadh amach is amach dá leithéid de thaispeántas.

Beidh na himeachtaí ar fad ag titim amach ag Club Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, agus is féidir dul i dteagmháil leo ar (01) 475 1480, nó tuilleadh eolais a chuardach ar an suíomh gréasáin www.anclub.ie.

Imeachtaí Laighean

• Leanfaidh imeachtaí **Fhéile Chluain Dolcáin** (7-12 Meitheamh) ar aghaidh le linn an deiridh seachtaine le maidin oscailte, rang rince seite, seisiúin cheoil agus, ar an Domhnach, ceolchoirm amuigh faoin aer ar phríomhshráid an bhaile, idir a 2.00-5.00in. Tá an t-eolas go léir le fáil ar www.araschronain.ie, nó is féidir glaoch ar (01) 457 4847.

• Beidh céilí le cuidiú le Gaelscoil na Mí, scoil nua a bheidh ag oscailt i Meán Fómhair 2011, ar siúl i seomra ócáide CLG Dhomhnach Mór Chill Dhéagláin, Co. na Mí, 17 Meitheamh ó 8.30 - 11.30in. Tá €8 ar thicéid agus beidh spotduaiseanna agus crannchur i rith na hoíche. Is féidir dul i dteagmháil leis an gclub ar (01) 849 9140.

• Beidh **'Steeple Sessions'**, ceolchoirmeacha traidisiúnta d'ardchaighdeán, ar siúl gach oíche Mháirt agus Déardaoin i rith an tsamhraidh san Eaglais Úinitéireach, 112 Faiche Stiabhna Thiar, Baile Átha Cliath óna 8.00-9.30in. Beidh Clann Uí Mhongáin ag casadh an Mháirt bheag seo (14 Meitheamh) agus is féidir teacht ar thicéid ag www.steeplesessions.com. Is féidir breis eolais a fháil ach glaoch ar (01) 678 8470, nó ag dublin@steeplesessions.com.

• Beidh Dianchúrsaí an tSamhraidh á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, ar feadh tréimhsí trí seachtaine (5-12 Iúil agus arís 2-18 Lúnasa), le ranganna ar siúl óna 6.30-9.30in, dhá oíche sa tseachtain, ar chostas €180 (lascaine ar fáil - €140). Tá gach eolas faoi na leibhéil, cláir ama, agus clárúchán ar fáil ó www.cnag.ie, nó is féidir glaoch ar (01) 475 7401.

Criostoir, Sophie, Saoirse agus Daithí ó Gaelscoil Ui Earcain, Fionnghlas. [PIC: DOIREANN NI LOINGSIGH]

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Athbhreithniú breithiúnach á lorg faoi fhorbairt N22 Mhaigh Chromtha-Baile Bhúirne

Seán Ó Loingsigh

TÁ cead tugtha ag an Ardchúirt do bheirt áitritheoirí i gceantar Mhúscraí athbhreithniú breithiúnach a lorg maidir le forbairt bhóthar débhealaigh an N22 ó Mhaigh Chromtha go Baile Bhúirne.

I dtús mhí Aibreáin seo caite thug an Bord Pleanála cead do Chomhairle Chontae Chorcaí débhealach 22 ciliméadar ar a fhad a thógaint ó Chúil Chomhair ar an dtaobh thoir de bhaile Mhaigh Chromtha go Sliabh Riabhach ar an dtaobh thiar de Bhaile Bhúirne.

Bhí ocht seachtain ag páirtithe go raibh agóid acu maidir leis an bhforbairt athbhreithniú breithiúnach a lorg faoi chinneadh an Bhoird.

Tá athbhreithniú breithiúnach lorgaithe ag beirt áitritheoirí ó Charraig a' Phúca go raibh agóid acu maidir leis an bhforbairt nuair a reáchtáil an Bord Pleanála éisteacht phoiblí i Maigh Chromtha i mí Bealtaine anuraidh.

Tá an bheirt áitritheoirí, Eileen Stack Shanahan agus a fear céile Gerard Sheehan, buartha faoin ndroch-thionchar a mheasann siad a bheadh ag an bhforbairt débhealaigh ar láthair Chaisleán Charraig a' Phúca atá suite leathslí idir Maigh Chromtha agus Baile Bhúirne.

Bhí an caisleán ón 15ú haois agus an radharc atá le feiscint ina threo agus óna bharr mar chuid lárnach d'aighneacht na beirte ag éisteacht an Bhoird Phleanála anuraidh, agus cuireadh síos ar leacht náisiúnta eile lámh leis, ciorcal liag Charraig a' Phúca, chomh maith le suíomh luíocháin ó ré an Chogaidh Cathardha mar a bhfuil leacht cuimhneacháin ag Droichead Charraig a' Phúca. Rinneadar roinnt phointí dlí san aighneacht chomh maith.

San Ardchúirt i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite tugadh cead don lánúin athbhreithniú breithiúnach a lorg ex parte - is é sin le rá nach raibh ionadaithe os na páirtithe eile i láthair sa chúirt.

Is iad na cosantóirí atá ainmnithe sa chás ná an Bord Pleanála, Éire, an tArd-Aighne, an tAire Comhshaoil Pobal agus Rialtas Áitiúil, an tAire Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Chontae Chorcaí agus Údarás um Bóithre Náisiúnta.

Bhí cáipéisí dlí le seoladh go dtí na cosantóirí an tseachtain seo, agus táthar ag súil go mbeidh éisteacht maidir leis an gcás san Ardchúirt ag deireadh na míosa.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Duaiseanna Phobalscoil Chorca Dhuibhne

BHÍOS i láthair i bPobalscoil Chorca Dhuibhne an tseachtain seo caite nuair a bhí duaiseanna na bliana á mbronnadh ar mhic léinn na scoile. Bhí an príomhoide, Pádraig Feirtéar, lán de mhórtas as a fheabhas a chruthaigh scoláirí na scoile i rith na bliana. Is liodán fada a raibh buaite ag scoláirí na scoile. Seo cuid de na duaiseanna a ghnóthaíodar. I bpeil na mbuachaillí bhuadar Corn Uí Mhuirí A na Mumhan; Corn Ruiséal faoi 15 bliana, Coláistí Chiarraí; Sraithchomórtas an Chontae Bhliain I; comórtas rugair bhliain 1 agus 2, agus comórtas badmantain faoi 16 bliana. Bhuaigh na cailíní Craobh an Chontae faoi 19 sa bhadmantan. Bhuaigh foireann sóisir na scoile comórtas díospóireachta réigiúnach Gael Linn. Bhuaigh an scoil Scléip na Mumhan; an chéad agus an dara háit i Scoraíocht an Oireachtais, maraon le raidhse duaiseanna i gcomórtais eile Oireachtais mar Agallaimh Beirte, Lúibíní agus Litríocht. Bronnadh €5,000 agus gradam Scoil Fiontraíochta na Bliana orthu agus bronnadh gradam Fhiontraí Óg na Bliana ar Mháire Ní Mháirtín. Thug an banna ceoil an chraobh leo as ceol nuachumtha agus bhuaigh cailín ón Liotuáin duais as a héifeacht sa Ghaolainn. B'é Colm Ó Gealbháin ó Lios Póil scoláire na bliana.

Bhronn an file Bríd Ní Mhóráin, a bhí i mbun oibre sa scoil i réimse na filíochta, duaiseanna ar scoláirí a dhein gaisce san ábhar.

Mhól an Feirtéarach a fhoireann múinteoirí, tuismitheoirí, na heagraisí éagsula a thug cúnamh dóibh agus, thar aon dream, na scoláirí "dúthrachtacha" mar a dúirt sé. Ag caint dó le Gaelscéal dúirt Pádraig Feirtéar gur mheas sé go raibh a dtorthaí scrúdaithe chun cinn ar aon phobalscoil eile sa tír.

Is dócha go mba ábhar mór mórtais é don scoil gur bhuaigh Seán Ó Cinnéide an duais le haghaidh Coincheap Deartha do ríomhairí glúine sa chomórtas do dhaltaí dara leibhéal U-Design It atá ann chun scileanna deartha a spreagadh. Is é seo an chéad bhliain den chomórtas ina raibh breis agus 480 páirteach. Is dalta i mbliain 5 sa Phobalscoil é Seán.

Foireann S.N. na Rinne agus S.N. Bhaile Mhic Airt a bhuaigh Féile Peile Gael Linn a reachtáladh i gColáiste na Rinne an tseachtain seo caite. PIC: JAMIE Ó TUAMA, GAEL LINN

Féile Rásanna Bhéal Bán

BHÍ an aimsir faoi do Fhéile Chultúrtha Rásanna Bhéal Bán a bhí ar bun an deireadh seachtaine seo caite. Is é Paróiste Mhárthain a bhuaigh an comórtas 'Cic Glic'. Is ó chrosaire Bhaile Uí Bhaoithín go dtí an Buailtín a bhí an cúrsa ach ráinigh go raibh paróistí Dhún Chaoin, Fhionntrá cothrom le Márthain le 34 speach an fhoireann. Beartaíodh ansin comórtas ar cén fhoireann ab fhearr le pointí (cúilíní) a ghnóthú ó gach uile chaoch. Sa chlibit sin thug Márthain an lá leo.

Bhí an ghrian ag scalladh ar an Satharn agus ar an Domhnach, agus cé go raibh leoithne fhuar aduaidh ag séideadh ba léir nár chuir sé sin mórán carbhuaice ar lucht na rásanna. Slua réasúnta a bhí ann ar an Satharn; d'fhan go leor ar an mBuailtín, Baile an Fheirtéaraigh ach bhí sé ina Epsom beag ar an Domhnach le mná sárghléasta ó chian agus ó chongar ag siúl na trá agus fir óga níos tógtha leis na cailíní ná leis na capaill. Bhí an t-eagar agus an leagan amach ar an gcúrsa ar fheabhas dar leo siúd go raibh capaill acu. Níor fhéach sé go raibh aon bhreall ar na geallghlacadóirí ná ar mhórán de na cearrbhaigh. Cé nach saineolaí mise ar chapaill bhí an-choimhlint sna rásanna ina raibh scata capall ina bhformhór. Bhí ainmneacha suaithinseacha ar scata de na capaill, fiú iad siúd a bhuaigh. Rug an capall Trapattoni le Seán 'Tónaí' Ó Muircheartaigh ó Bhaile an Lochaigh ceann de na mór-rásanna ar an Satharn agus bhí an capall Che Guevara i dtosach ceann de mhór-rásanna an Domhnaigh. Rusky, le fear darb ainm Mícheál Ó Céileachair, an capall a bhuaigh Dairbí Bhéal Bán ina raibh fiche capall ar a dtriail don chiste €1,100. Ainmneacha eile, mar shampla, ab ea Torres, Medicine Woman, agus Oscar de la Hoya.

Fiche nóiméad a bhí idir gach rás agus bhí dianchoimhlint ina bhformhór, fiú sa rás asal, an rás is mó a bhain gáire as an slua.

"Caithfidh go bhfuair ár bpaidreacha éisteacht," arsa ball de choiste na féile, "mar nach raibh báisteach ná fiú scrabha báistí ann ó thosach deireadh ach grian gheal ghléineach." Bhí tábhairní agus óstán an Bhuailtín lán go doras i rith na féile agus níor chlos dom go raibh aon saghas achrainn, ach ceol, spraoi agus beagán den bhuan thart.

Caid na Gaeltachta

FOIREANN óg caide ón nGaeltacht a thug aghaidh ar Chloich Chionnaola agus iad lán de mhisneach, fiú is go raibh cuid acu fós gan a bheith slán ó ghortuithe. D'éirigh leo in aghaidh na Rinne agus Acla ar an Satharn, ach bhí Maigh Cuilinn rómhaith dóibh ar an Domhnach. Ní raibh uathu a bheith ag gearán, ach bhí an mí-ádh dearg orthu go raibh seisear gortaithe, san áireamh an t-ardimreoir Rónán Ó Flathartha, don chluiche leathcheannais. Déarfadh duine go raibh sé míchothrom go raibh orthu dhá chluiche a imirt ar an Satharn fad is gur cluiche amháin a bhí ag an gcuid eile. Nuair a luaigh mé é sin le hurlabhraí ón gcumann, dúirt sé nach raibh aon ábhar gearáin acu mar go raibh an fhéile sár-eagraithe agus gur creidiúint é do mhuintir Chloich Chionnaola agus gach duine a bhí bainteach léi. "Dhein gortuithe slad orainn, ach cuireadh an-chóir orainn. Tá súil againn bheith i nGaoth Dobhair don chomórtas an bhliain seo chugainn," ar sé.

Le deireanas bhíos ag tagairt do na foirne éagsúla caide atá ag an nGaeltacht, mar fhoirne faoi 12 bhliain srl, ach tá sé cloiste agam anois go bhfuil foireann, nó foirne, faoi 6 bliana acu. Deirimse tús maith leat.

Údarás na Gaeltachta

"CAITHFIMID cruinniú speisialta a bheith againn le plé a dhéanamh ar a raibh le rá ag an Aire Stáit Gaeltachta faoi thodhchaí Údarás na Gaeltachta agus an Plean Teanga," a dúirt urlabhraí de chuid Chumann Ceart Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne ar an Máirt seo caite.

"Beimid á phlé sara fada, ach san idirlinn táimid ag éisteacht agus ag scrúdú moltaí an Aire agus an rialtais," ar sé.

Na Prátaí!

FAD is a bhí daoine ag gearán faoin drochaimsir agus an scrios a dhein gálaí gaoithe ar ghais phrátaí le déanaí, níl an scéal sin chomh dona is a mheasamar. "Bhí na prátaí luatha ramhraithe faoi na gais sarar bhuail na gálaí agus an t-anaithe sinn," arsa fear go bhfuil barra breá de phrátaí luatha aige, "agus mura gcreideann tú mé ceistigh daoine eile," ar sé. Bhí an ceart aige.

Fad is go bhfuilimid ag caint faoin bpráta tháinig roinnt cásanna aisteacha chun cuimhne. Tamall beag ó shin bheartaigh an AE nach mbeadh aon chúnamh deontais le fáil ag feirmeoirí a rachadh i mbun próiseáil prátaí, glasraí ná aon táirge feirme mar iad feasta. D'fhéadfadh duine nach feirmeoir é tacaíocht a fháil as an obair chéanna ach ní bhfaigheadh feirmeoir dada.

Chuir duine de na daoine seo atá i mbun próiseála agus margaíocht prátaí in iúl dom go raibh an tír seo ag iarraidh an treoir a chur ar ceal ach nach raibh aon chor ná éisteacht fachta acu ar bhonn Eorpach. Bhí ionadh air nach raibh "na cumainn feirmeoireachta ag cur a gcosa uathu níos treise faoin treoir aisteach seo."

Tá costas mór tarraingthe ag an bhfear seo air féin, ag ceannach innill agus ag réiteach foirgneamh a thiocfadh le caighdeán ceart sláinte agus dá mbeadh iarratas déanta ar chúnamh aige bliain ó shin bheadh cabhair ar fáil. "Ní thuigim, agus scata mar mé, é seo," ar sé.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

Bua ag foireann Ghaeltacht na nDéise i bhFéile Peile Gael Linn

Seán Ó Loingsigh

BHÍ bua iontach ag cailíní agus buachaillí bunscoile Ghaeltacht na nDéise i bhFéile Peile Gael Linn a reachtáladh ar feadh dhá lá sa Rinn an tseachtain seo caite.

Fuair comhfhoireann áitiúil Scoil Náisiúnta na Rinne agus Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt an tSeanphobail an ceann ab fhearr tar éis ama breise ar churaidh 2010, Gaelscoil Bhríde ó Dhurlas Éile.

Ba iad foirne peile ós na bunscoileanna Gaeltachta agus ó Ghaelscoileanna i gcontaetha Phort Láirge, Thiobraid Árann, Luimnigh agus an Chláir, chomh maith le scoil amháin ó chathair Chorcaí - Gaelscoil an Ghoirt Álainn - a ghlac páirt sna cluichí agus in imeachtaí eile na féile i gColáiste na Rinne.

D'imir seacht bhfoireann i mbabhtaí na ngrúpaí ar pháirc imeartha Choláiste na Rinne. Ba iad Gaelscoil Mhichíl Cíosóg as Inis agus Gaelscoil an Ghoirt Álainn a chuaigh ar aghaidh go dtí na cluichí leathcheannais as grúpa ina raibh Scoil Gharbháin ó Dhún Garbhán chomh maith, agus bhí comhfhoireann na Rinne agus an tSeanphobail agus Gaelscoil Bhríde Dhurlas Éile sa chéad agus sa dara háit faoi seach i ngrúpa inar imir Gaelscoil Chluain Meala agus Modhscoil Luimnigh freisin.

Ghlac suas le 150 dalta bunscoile idir bhuachaillí agus chailíní, fir agus mná ionaid, páirt sna cluichí agus bhaineadar an-sult as oíche siamsaíochta i gColáiste na Rinne mar a raibh ceolchoirm agus céilí eagraithe ag Gael Linn tar éis chluichí an chéad lae.

Sna cluichí leathcheannais an lá dár gcionn fuair foireann Ghaeltacht na nDéise an ceann ab fhearr ar Ghaelscoil an Ghoirt Álainn agus bhuaigh Gaelscoil Bhríde Dhurlas Éile ar Ghaelscoil Mhichíl Cíosóg chun dul ar aghaidh go dtí an gcluiche ceannais.

Chríochnaigh foirne Phort Láirge agus Thiobraid Árann ar comhscór, 4-11 an taobh, i ngnáth-am sa chluiche ceannais ach d'éirigh le foireann na Rinne agus Bhaile Mhic Airt coimeád chun cinn in am breise chun cluiche iontach a bhuachan ar deireadh leis an scór deireanach 6-16 in aghaidh 6-11.

Ba é bainisteoir scéimeanna náisiúnta Gael Linn, Seán Ó Ceallaigh, a bhronn Corn Gael Linn ar chaptaen fhoireann na Rinne agus an tSeanphobail, Conchubhar Ó Curraoin. Bronnadh boinn óir ar an bhfoireann bhuacach chomh maith agus boinn airgid ar fhoireann Ghaelscoil Bhríde. Ba iad na múinteoirí, Pádraig Breathnach as Scoil Náisiúnta na Rinne agus Liam Ó Lonáin ó Scoil Bhaile Mhic Airt, a bhí i bhfeighil chomhfhoireann Ghaeltacht na nDéise.

Ghabh Seán Ó Ceallaigh buíochas leis na réiteoirí áitiúla a bhí i bhfeighil na gcluichí - Pádraig Ó Curraoin, Seán Ó Condúin agus Domhnall Ó Murchadha - agus le lucht Choláiste na Rinne mar ar fhan roinnt des an foirne ar lóistín, ball den fhoireann oibre Tomás Ó Cadhla ach go háirithe.

Ba é seo an dara féile peile a reachtáil Gael Linn i gCúige Mumhan le trí seachtaine anuas. Ghlac bunscoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileana ó chontaetha Chorcaí agus Chiarraí páirt i bhFéile Peile Gael-Linn a bhuaigh Gaelscoil Aogáin Oileán Chairraí i mBaile Bhúirne i ndeireadh na míosa seo caite.

Seán Ó Cinnéide, ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean,ag glacadh duaise sa chomórtas 'U-Design It' ó Dermot O' Connell, Bainisteoir, Dell Ireland i gCeanncheathrú Eorpach Dell i mBaile Átha Cliath.

PIC: BRENDAN MACGEARAILT

Scéalta Mhúscraí

Scannáin nua á lorg do chomórtas Mise Éire Freisin

Seán Ó Loingsigh

TÁ aighneachtaí scannáin á lorg ag lucht eagraithe fhéile chomórtha Sheáin Uí Riada maidir le comórtas scannánaíochta a bheidh á reáchtáil mar chuid den fhéile i gCúil Aodha an Fómhar seo chugainn.

Mise Éire Freisin atá mar theideal ar an gcomórtas i gcuimhne an scannáin úd Mise Éire a léirigh Gael Linn i 1960. B'é Seán Ó Riada a chum scór ceoil an scannáin a thugann an cumadóir cáiliúil chun cuimhne i gcónaí nuair a sheinntear é.

Is é stiúrthóir iomráiteach an scannáin, George Morrison, a bheidh mar mholtóir ar an gcomórtas atá oscailte do dhéantóirí scannáin atá ag teacht chun cinn agus dóibh siúd atá bunaithe cheana féin sa tionscal scannánaíochta.

Níl sé i gceist ag lucht eagraithe na féile gur ar bhóithrín na smaointe amháin a bheidh imeachtaí an Fhómhair seo chugainn mar tá sé beartaithe go mbeidh seimineáir agus cainteanna ar thodhchaí na tíre agus an domhain i gcoitinne.

Táthar ag lorg gearrscannán chúig nóimeat ar fhad a léireoidh gnéithe den tír sa lá atá inniu ann agus a chuirfidh tuairimí chun cinn maidir le cá bhfuil ár dtriall.

Caithfidh na scannáin a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh na míosa seo agus táthar ag súil go mbeidh na haighneachtaí go léir ar shuíomh idirlín an chomórtais ar You Tube roimh an 20 Iúil.

Beidh gradaim á mbronnadh ar an dtrí scannán is fearr ag searmanas i gCúil Aodha ar Lá Lúnasa, lá breithe an Riadaigh. Tá siméadracht ar leith ag baint le comóradh an Riadaigh i mbliana mar go bhfuil sé 80 bliain ó rugadh an sárcheoltóir ar an 1 Lúnasa 1931, agus 40 bliain ó cailleadh é in aois a 40 i dtús mhí Dheireadh Fómhair 1971.

Tá ullmhúcháin faoi lán seoil maidir le 'hAeríocht' a reáchtálfar sa pháirc peile i gCúil Aodha mar a mbeidh cur i láthair speisialta á dhéanamh ag scéalaithe, tráchtairí, ceoltóirí, amhránaithe, filí, rinceoirí agus ag aisteoirí.

Tá sé i gceist stáitse speisialta a thógaint, ceann a bheifear in ann casadh i dtreo luí agus éirí na gréine. Casfar an stáitse céim ar chéim ar deiseal agus tá socraithe á ndéanamh go gcasfaidh ceolfhoireann ollmhór ceol an scannáin Mise Éire le breacadh an lae ar Lá Lúnasa.

Is féidir breis eolais d'fháil faoin gcomórtas scannánaíochta Mise Éire Freisin ach dul i dteagmháil leis an lucht eagraithe ag miseeirefreisin@gmail.com.

Nótaí na Rinne

BEIDH Tráth na gCeist Boird ar mhaithe le Páirc Shúgartha na Rinne ar siúl i dTigh Uí Mhaonaigh sa Rinn ar an Aoine 10 Meitheamh. Tosnóidh Tráth na gCeist ag 9.30in, ceathrar ar gach foireann agus costas 20 Euro don bhfoireann. Duaiseanna breátha, craic iontach, bígí linn!

Beidh an Ciorcal Comhrá ar siúl gach oíche Mháirt i rith mhí an Mheithimh ag 7in i dTigh Mhuirithe, Heilbhic. Fáilte roimh chách.

Féach ar www.deiseabu.wordpress.com chun eolas atá suas chun dáta a fháil maidir le cad atá ar siúl sa cheantar. Fáilte roimh ghrianghrafanna, nuacht, scéalta áitiúla srl chun cur suas ar an suíomh idirlín. Seol isteach nótaí

Cuireann Comhlacht Forbartha na nDéise Teo. na nótaí seo ar fáil ar mhaithe le pobal agus cairde na Gaeltachta. Bí i dteagmháil le Cabríní ar 058-46664/087-6532044 nó cabrini@o2.ie má tá aon rud agat chun cur ins na nótaí.

Tús á chur le Tionól na Mumhan i mBaile Bhúirne

Seán Ó Loingsigh

CUIRFEAR tús le Tionól na Mumhan inniu i mBaile Bhúirne mar a mbeidh léachtaí, imeachtaí ceoil, turasanna go láithreacha stairiúla agus ceardlann scríbhneoireachta á reáchtáil ag coiste Dáil na Mumhan de Chonradh na Gaeilge.

Tá sé beartaithe go mbeidh turas ó Bhaile Bhúirne go hionad luíochán Bhéal na Bláth ar a 2.30 inniu (Dé hAoine) agus in Óstán Gobnatan ar a 8.00 a chlog anocht tabharfaidh an Dochtúir Neil Buttimer ó Ollscoil Chorcaí léacht dar teideal 'Éire agus an tArdoideachas'.

In ionad an Mhúsaeim sa Mhuileann ar a 12.30 amárach beidh léacht leis an Ollamh Pádraig Ó Riain a bheidh ag cur síos ar an stair agus an réamhstair a bhaineann le Naoimh Mhúscraí.

Ar a 3.00 amárach beidh turas go hionad luíochán Chill Mhichíl agus níos déanaí ag oíche cheoil sa Mhuileann beidh gradaim Laoch na Mumhan, Choiste Contae na Mumhan agus Chraobh na Mumhan 2011 á mbronnadh ag Dáil na Mumhan Chonradh na Gaeilge.

Beidh ceardlann scríbhneoireachta á reáchtáil in Óstán Gobnatan i rith an Tionóil, ceardlann a bheidh á stiúradh ag an bhfile agus an staraí, Pádraig Ó Snodaigh, eagarthóir Feasta Pádraig Mac Fhearghusa, agus an t-úrscéalaí Micheál Ó Ruairc. Is í seo an an cúigiú bliain go bhfuil a leithéid de cheardlann á reáchtáil ó chuir Dáil na Mumhan an tionól bliantúil ar bun i mBaile Bhúirne i 2007. Tá rátaí speisialta le haghaidh lóistín ar fáil i dtigh ósta An Muileann agus in Óstán Ghobnatan dóibh siúd a bheidh ag freastail ar Thionól na Mumhan.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Tír Chonaill

Ó Fhianna Fáil go Páirtí an Lucht Oibre

Anton Mac Cába

IS fear a bhí ina iarrthóir ag Fianna Fáil Neamhspléach agus ag Fianna Fáil an comhairleoir nua atá ag Páirtí an Lucht Oibre ar Chomhairle Contae Dhún na nGall. Ceapadh Michael McBride as Cill Mhic Réanáin sa suíochán a bhí ag an Seanadóir nuacheaptha Jimmy Harte.

Deir foinsí go bhfuil an-mhíshástacht sa Lucht Oibre ar bhonn áitiúil. Níl McBride ach díreach i ndiaidh clárú leis an pháirtí. Tá fearg ar bhaill sheanbhunaithe. Tá caint ar dhaoine éirí as.

Toghadh triúr comhairleoirí de chuid Pháirtí an Lucht Oibre ar Chomhairle Contae Dhún na nGall anuraidh. Is iarchomhaltaí d'Fhine Gael beirt acu, Harte agus Martin Farren.

Is í Veronica pearsa Ghaoth Dobhair na bliana

Eoin Mc Garvey

TÁ Veronica 'Ned' Nic Giolla Bhríde as an Sloitheán, Doirí Beaga ainmnithe mar Phearsa Ghaoth Dobhair na Bliana agus déanfar an gradam a bhronnadh uirthi ag ócáid mhór ar an Ghlasaigh ar an mhí seo chugainn.

Is ócáid bhliantúil atá anseo anois agus anuraidh ba ar Jim 'Chonaill' Ó Dónaill as Rann na Feirsde ach de bhunadh Ghaoth Dobhair a bronnadh an gradam. Bronnadh é ar Jim as an tsár-obair atá déanta aige thar na blianta ag troid agus ag labhairt amach ag cuardach seirbhísí ailse don chontae. Roimhe sin ba ar Mháire Rua Uí Ghallchóir a bronnadh an gradam.

Tá sáraithne ar Veronica Ned ní amháin i gceantar Ghaoth Dobhair ach thart ar an chontae uilig de bharr a cuid oibre ag tacú le Cairde Otharlann Leitir Ceanainn agus eagrais eile

Brat na hÉireann bainte anuas ag Gardaí ar an Fhál Carrach

Tomaí Ó Conghaile

CUIREADH mearbhall ar thacadóirí as Béal Feirste ag Comórtas Peile na Gaeltachta ag an deireadh seachtaine nuair a choigistigh (*confiscated*) baill den Gharda Síochána brat na hÉireann a bhí in úsáid acu le linn an chomórtais.

Bhí leagan mór den bhrat náisiúnta, ar a raibh na focail 'Laochra Loch Lao' scríofa, crochta ar chúl an tseastáin ag Páirc Peile Chloch Cheann Fhaola ar an Fhál Carrach Dé Domhnaigh le linn chluiche ceannais na mban idir An Tearmán, Dún na nGall, agus mná Laochra Loch Lao, Béal Feirste, ach bhain Gardaí an brat anuas sular thosaigh an chéad chluiche eile idir fir na Laochra agus Móin Dearg as Londain.

Dúirt Piarais Mac Alastair, duine de lucht tacaíochta na Laochra, nár mhínigh na Gardaí dóibh cén fáth ar ghlac siad an brat.

"Chuir muid an brat in airde ag deireadh chluiche na gcailíní agus ansin d'imigh muid uilig chuig an mhórphuball," ar seisean.

"Tháinig muid ar ais tar éis 15 nóiméad nó mar sin agus bhí an brat imithe.

"Dúirt na Gardaí a bhí i láthair gur ghlac siadsan é ach ní raibh siad sásta a rá linn cén fáth a ndearna siad amhlaidh agus dhiúltaigh siad é a thabhairt ar ais."

Tharla eachtra den chineál céanna ag Comórtas Peile na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead, Maigh Eo, anuraidh.

Ní raibh Gardaí ar an Fhál Carrach ar fáil le linn na seachtaine le míniú a thabhairt ar cad a tharla ag comórtas na bliana seo ach nuair a luadh an cás le Preasoifigeach na nGardaí ag an Cheannáras i mBaile Átha Cliath, thagair sé d'Alt 21 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, alt a phléann le bainistíocht sluaite ag ócáidí poiblí ach nach ndéanann aon tagairt do bhratacha.

Dar le Piarais gur eachtra é a shamhlófá le húdaráis thuaisceart na hÉireann seachas le húdaráis na Poblachta.

"Bhí muidne ansin le ceiliúradh a dhéanamh ar an pheil agus ar an fhoireann Ghaeilge as Béal Feirste, ní raibh aon rud as bealach leis an bhrat," ar seisean.

"Ní raibh aon rud cearr le brat na Breataine nuair a tháinig Elizabeth Windsor chuig an stát an mhí seo caite, cad chuige a mbeadh fadhb le brat na hÉireann féin?"

Imeachtaí Chúige Uladh

• Campa samhraidh Gaeilge do pháistí bunscoile sa Backyard, Eochaill, an Cabhán, 11-15 Iúil, 9.30-2.00in. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó Leabharlann an Chabháin, leabharlanna áitiúla agus ag http://forum.cavancommunity.ie/Glorbhreifne/. Má tá breis eolais uait, déan teagmháil le Glór Bhréifne. Teil: (049) 437 1530 / 087 640 1682. Ríomhphost: glorbhreifne@gmail.com.

• Beidh ciorcal comhrá á reáchtáil ag grúpa iarmhac léinn Gaeilge de chuid Ollscoil Uladh gach Máirt amach anseo 7-8in, i mBeár an Fhéinics, Sráid Margaret i lár an Iúir. Fáilte roimh chách. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir scairt a chur ar (0044) +7751 253361.

• Cúrsaí samhraidh ealaíne le Cló, Ceardlann na gCnoc, Gort an Choirce, Co. Dhún na nGall. Beidh réimse leathan cúrsaí ealaíne, don aos óg agus do dhaoine fásta, ar siúl ó 10.00 - 4.00in idir 9 Iúil-14 Lúnasa. Le breis eolais a fháil, téigh i dteagmháil le Cló, Ceardlann na gCnoc. Teil: (00353 74) 916 2800. Ríomhphost: cloceardlann@eircom.net, Suíomh gréasáin: www.clo.ie.

• Féile Idirnáisiúnta Scannáin Fhaisnéise 'Guth Gafa', 10-14 Meitheamh, Gort an Choirce, Contae Dhún na nGall. Tá ticéid, clár na scannán agus an t-eolas ar fad faoin bhféile dhátheangach, ilghnéitheach seo ar fáil ag www.guthgafa.com. Má tá breis eolais uait, is féidir dul i dteagmháil le Guth Gafa ar (00353 74) 918 0730 nó ag info@guthgafa.com.

san iar-thuaisceart. Bhí sí féin agus a deirfiúr Citi (nach maireann) iontach páirteach leis an fheachtas bailiú airgid don otharlann. Tá sí páirteach le blianta fada chomh maith le cumann Naomh Uinseann de Pól agus le gairid bhronn an cumann náisiúnta gradam uirthi ar son a cuid oibre.

Thug Veronica le fios go bhfuil lúcháir iontach uirthi as bheith ainmnithe don ghradam seo agus dúirt go bhfuil sí ag dréim leis an oíche mhór.

Déanfar an gradam a bhronnadh uirthi ag ócáid i dTeach Jack ar an Ghlasaigh ar an 23ú Iúil áit a mbeidh amhrán atá cumtha ag Citi Nic Aoidh ina honóir á cheol den chéad uair.

Scéalta Oirialla

Tomaí Ó Conghaile

Ciorcal Comhrá ar an Iúr

LE cúpla bliain anuas tá Dioplóma sa Ghaeilge de chuid Ollscoil Uladh á chur ar fáil in Iúr Cinn Trá trí Choláiste Réigiúnach an Deiscirt.

Bronnfar dioplómaí na bliana seo ar mhic léinn an ranga gan mhoill ach san idirlinn tá sé cheana féin beartaithe acu sin a d'fhreastail ar an chúrsa leanúint ar aghaidh leis an teanga mar go bhfuil ciorcal comhrá anois curtha ar bun acu sa chathair.

Gach oíche Mháirt ar 7in i mBeár an Fhéinics, Sráid Mhaighréide, tiocfaidh Gaeil le chéile chun líofacht chainte sa Ghaeilge a bhaint amach agus chun ócáid eile shóisialta a chur ar fáil do phobal na teanga sa dúiche.

Is deis iontach í seo do dhaoine feabhas a chur ar a gcuid cainte in atmaisféar neamhfhoirmeálta agus cuirfear fáilte roimh chách bualadh isteach chuig an chiorcal.

Deireadh seachtaine Gaeilge i lár Oirialla

IS fada clú ar Ard Mhacha Theas ó thaobh an chultúir Ghaelaigh de agus beifear ag cur leis sin an samhradh seo mar go mbeidh Dianchúrsa Gaeilge Oirialla ar siúl sa cheantar ag deireadh mhí Lúnasa.

Seo an chéad bhliain den dianchúrsa a bheas á reáchtáil i dTigh Chulainn ar an Mhullach Bán agus a dhíreoidh ar theagasc na teanga ag leibhéil éagsúla, le heolas ar leith á thabhairt ar shaintréithe chanúint oirdheisceart Uladh.

Beidh réimse leathan d'imeachtaí eile ann chomh maith ar nós turas treoraithe thart ar dheisceart Ard Mhacha, ar ceantar oifigiúil ard-áilleachta é, seisiúin amhránaíochta agus ceolchoirmeacha le ceoltóirí áitiúla.

Is é an fear óg gnó ón dúiche, Seán Mac Diarmada, atá ag eagrú an chúrsa agus mhínigh sé go bhfuil sé ag iarraidh deis a thabhairt do dhaoine eolas a chur ar Ard Mhacha Theas trí mheán na teanga.

"Tá mé féin ag freastal ar dhianchúrsaí Gaeilge ar fud na hÉireann, go mór mór i mBéal Feirste, agus rith sé liom gur cheart a leithéid a chur ar bun i mo cheantar féin," ar seisean.

"Tá oidhreacht an-saibhir ag ceantar Oirialla; ní gá ach na filí móra, Séamas Dall Mac Cuarta, Art Mac Cumhaigh nó Peadar Ó Doirnín a lua. Tá eachtraí Tháin Bó Cúailgne lonnaithe ann agus bhí cainteoirí dúchais Gaeilge anseo go dtí lár an chéid seo caite, mar sin tá an Ghaeilge agus an cultúr thart orainn i gcónaí."

Dar le Seán go mbíonn barúil ar leith ag daoine áirithe faoi dheisceart Ard Mhacha, mar gheall ar na Trioblóidí go príomha, ach go dtabharfaidh an dianchúrsa deis dóibh fíorchultúr na háite a bhlaiseadh.

"Tá an bealoideas, an ceol, an teanga, an oidhreacht sin ar fad, tá sé le mothú go soiléir sa cheantar agus níl aon áit níos fearr chun cúrsa den chineál seo a reáchtáil ná ar an Mhullach Bán ag bun Shliabh gCuillinn."

An Aoine 19 Lúnasa go dtí an Domhnach 21 Lúnasa dátaí an dianchúrsa agus beidh múinteoirí áitiúla i mbun na ranganna agus Gaeil ón cheantar ag treorú na dturas agus imeachtaí eile.

£25 an costas ar an chúrsa trí lá, a chlúdaíonn ranganna, lón, dinnéar agus ócáidí eile cultúrtha.

Tá breis eolais le fáil ach rphost a chur chuig seanmacdiarmada@gmail.com

Doire

Ceiliúradh Cholm Cille ag Cultúrlann Uí Chanáin

Tomaí Ó Conghaile

DÉANFAR ceiliúradh mór ar oidhreacht Cholm Cille i nDoire an deireadh seachtaine seo le himeachtaí Gaeilge agus ceoil, díospóireachtaí agus scannáin i gCultúrlann Uí Chanáin i lár na cathrach.

Seo an 11ú bliain de Scoil Samhraidh Cholm Cille a bhfuil sé mar aidhm aici tionchar an naoimh maidir le stair, cultúr agus féiniúlacht na nGael a chomóradh i gcomhthéacs nua-aimseartha.

Dúirt Joan Dempster, Oifigeach Forbartha Ealaíon Pobail le Comhairle Ealaíon an tuaiscirt, "Is sócmhainn ríthábhachtach í Cultúrlann Uí Chanáin don infreastruchtúr cultúrtha i dTuaisceart na hÉireann agus cuireann muid fáilte roimh Scoil Samhraidh Cholm Cille ar an chlár arís eile i mbliana. Tugann an Scoil Samhraidh deis do dhaoine áitiúla, chan amháin na scileanna teanga acu a fheabhsú, ach, fosta, oibriú le daoine proifisiúnta i réimse disciplíní ealaíne."

Cuireadh tús le himeachtaí fhéile na bliana seo Dé Céadaoin le ceolchoirm iontach le scoth na gceoltóirí Gaelacha as Éirinn agus Albain - ina measc Sheila Stewart, Kitty Seán Cunningham agus Lorcán Mac Mathúna - agus leanfaidh na himeachtaí ar aghaidh go dtí an Domhnach.

An oíche anocht ar 8in beidh béim speisialta ar chultúr na ngiofóg agus an lucht taistil nuair a thaispeánfar dhá scannán, Ceol na bhFánaithe agus Gypsy Caravan.

Is clár faisnéise é an chéad cheann a léiríonn an dóigh a ndeachaigh ceol an lucht siúil i bhfeidhm ar cheol na hÉireann agus is sórt Club Sóisialta Buena Vista don cheol giofógach é Gypsy Caravan.

Beidh dianchúrsa Gaeilge ag tosnú amárach, Dé Sathairn, agus Dé Domhnaigh cuirfear críoch leis an fhéile le turas allamuigh go Droim Ceat, Contae Dhoire, agus ansin ceolchoirm cheiliúrtha leis an aisteoir agus scéalaí Nuala Hayes, an cláirseoir agus cumadóir Anne-Marie O'Farrell agus an ceoltóir iomráiteach Albanach Griogair Labhruidh in Óstán an Radisson, Léim an Mhadaidh, baile ina raibh comhdháil ársa na bhfilí a bhain le Colm Cille. Imeoidh an bus don ócáid seo ó Chultúrlann Uí Chanáin ar 3.30in.

Tá an Scoil Samhraidh á maoiniú ag Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, Comhairle Cathrach Dhoire, Comhairle Baile Léim an Mhadaidh, an Comhairle um Chaidrimh Pobail agus Foras na Gaeilge.

Is féidir níos mó eolais a fháil ach cuairt a thabhairt ar www.culturlann-doire.ie nó glaoch a chur ar +44 28 7126 4132.

COMÓRTAS PEILE NA GAELTACHTA, 2011

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Foireann peile Naomh Muire leis an gcorn sóisir a bhuaigh siad ag Comórtas Peile na Gaeltachta. PIC: BÍID NIC SUIBHNE/EMG PHOTOS

Bairbre Uí Fhearraigh (Cathaoirleach Coiste CLG Pheil na mBan, Cloich Cheann Fhaola) agus í ag bronnadh bláthanna ar bhuaiteoir an Chailín Gaelaigh 2011, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh as Gaoth Dobhair. Comhghairdeas leat, a Bhrídín. PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN

Captaen Naomh Muire Owenie Mac Garvey, agus an cupa sóisir ina ghlac aige ag Comórtas Peile na Gaeltachta, i gcuideachta Stiofáin Uí Dhónaill, John Joe Uí Dhochartaigh agus Gavin Uí Dhónaill. PIC: BRÍD NIC SUIBHNE/EMG PHOTOS

Aodh Mac Gairbhe, Cathaoirleach, CLG Chloich Cheann Fhaola ag bronnadh Corn Sinsear na mBan ar chaptaen fhoireann an Tearmainn, Máirín Ní Dhomhnaill, i ndiaidh dóibh an ceann is fearr a fháil ar fhoireann Laochra Loch Laoi, Béal Feirste, le linn Chomórtas Peile na Gaeltachta. PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN

Mícheál Mac Caisleáin ó chlub CLG Chloich Cheann Fhaola, ag léim go hard chun greim daingean a fháil ar an liathróid le linn Chomórtas Sinsear Peile na Gaeltacha 2011 a bhí ar siúl ar an Fhál Carrach i dTír Chonaill. PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN

BEATHA NUACHT Litríochta

'Gabháil Syrinx'

Le hAifric MacAodha

An Sagart
Crua
€15

Léirmheas le Proinsias Mac a' Bhaird

IS doiligh a cheart a thabhairt don leabhar seo in imeacht léirmheasa bhig. Rith sé liom go minic agus an cnuasach seo, an chéad chnuasach filíochta ó pheann Aifric Mhic Aodha, á léamh agus á athléamh agam go bhféadfadh barraíocht anailíse a bhaint uaidh mar chnuasach. Uaireanta is fearr taiscéalaíocht aonair a dhéanamh ar dhánta, ligint dóibh seilbh a ghlacadh ar do shamhlaíocht, gan a bheith ag teacht chucu le tuairimí réamhdhéanta. Mothaím é sin go háirithe i gcás an chnuasaigh seo ó pheann Aifric. Braithim go bhfuil an fhilíocht atá istigh ann chomh leochaileach íogair sin go bhféadfaí í a bhá faoi ualach na tuairimíochta.

Dálta leaba an damháin alla atá ar chlúdach an chnuasaigh, tchítear domh go bhfuil sobhristeacht álainn ag baint leis na dánta agus gur gá domhsa a bheith cúramach le mo pheann féin. Ach ansin ritheann sé liom go mbíonn láidreacht neamhghnách nach mbítear ag súil leis in eangacha na n-araicnidí céanna agus gur gá domh a admháil liom féin gurb amhlaidh an scéal i gcás na ndánta seo, go bhfuil neart agus fuinneamh iontu a choinneos an cár iontu a fhad is a choinneofar cuimhne ar Syrinx í féin.

Gabha focal, má bhí a leithéid ann riamh, atá san fhile seo. Tá driogadh déanta aici ar an teanga, rogha fíorchúramach déanta aici ar gach aon fhocal, cumhacht agus macnamh domhain taobh thiar de gach ceann acu. Chuirfeadh an ghontacht inste chomh maith le struchtúr tomhaiste na rann seanfhilíocht na mbard i gcuimhne don léitheoir. Tarraingíonn Mac Aodha as an tobar sin le haghaidh inspioráide agus ábhair. Agus í ag trácht ar cheird an fhile, deir sí:

> "Ní iarrann sé de chothú
> Ach conablach an chait:
> Guíonn go mbeadh a ghoile
> Á chnaí ag fiacla bioracha."

Tá láidreacht sna línte sin a théann go smior chnámh na filíochta. Mothaím go bhfuil an tarraingt seo as an traidisiún ársa tábhachtach do Mhac Aodha. Dálta na seanfhilí, níl drogall uirthi miotaseolaíocht na tíre seo agus miotaseolaíocht chlasaiceach na Sean-Gréige a chur ag obair di. Is spéisiúil an úsáid a bhaineann sí as seanscéal Syrinx agus Pan - Pan, dia na cruthaitheachta a shantaíonn an nimfeach ghealgháireach, Syrinx. In aineoinn seiftiúlacht na nimfí a dhéanann iarracht éalú agus dul i bhfolach ó andúil Phan trí ghiolcaigh a dhéanamh dithe féin, beirtear uirthi. Cruinníonn Pan na luachra atá ag fás cois abhann chun píopaí a dhéanamh dó féin. Ar an bhealach sin, coinníonn Pan seilbh ar Syrinx ach feasta is go brách beidh ceol álainn uaithi.



Nach aoibhiúil an meafar é sin d'fhile óg atá ag dul i dtaithí ar an chruthaitheacht chéanna: an chontúirt, an ciapadh agus an crá a bhaineann léi, na hiarrachtaí a dhéantar éalú uaithi ach, ar deireadh, in aineoinn a bheith gaibhte agus i ngéibheann aici, i ndiaidh don chruthaitheacht an file a chloí, go mbíonn ceol binn álainn fós ann nach gcloífear go deo.

Déanann Mac Aodha iniúchadh ar an ghrá, ar an bhris, ar fhéiniúlacht an duine agus ar an tsaol é féin. Caitheann sí súil bhanúil shoghonta ar a bhfuil ag titim amach thart uirthi, ach is súil chosantach airdeallach i gcónaí í. Téamaí an fhile óig a déarfadh duine, ach téamaí uilíocha iad a láimhsíonn Mac Aodha le staidiúir agus le smacht. "Ná tógtar orm é, m'óige-", a deir sí ag pointe amháin, agus ní thógfar. Iad siúd a bhfuil an óige caillte acu is mó a cháineann í.

Dánta saothraithe snasta deachumtha atá roimh léitheoir an chnuasaigh seo, dánta a chuirfeadh léaspáin ar aon neach beo. Tá cuid de na dánta ann fíorphearsanta agus bhainfeadh siad deoir nó dhó ón chroí is crua; tá dánta eile ann a chaitheann solas i gcoirnéil dhorcha an tsaoil agus dánta eile fós a thugann guth do mhianta doráite an chroí. Ní leor an cnuasach seo a léamh uair amháin, is gá cónaí leis ar feadh tamaill, is gá am a thabhairt dó sileadh isteach ionat, chun go mbeidh rithimí na línte ag bualadh i dtiúin le rithimí chuisle do chroí féin. Is fada uaim an chéad chnuasach eile ó pheann an fhile chumasaigh seo!

'Aiséirí'

Alex Hijmans

Cois Life
Bog
€16

Leirmheas le Proinsias Mac a' Bhaird

NÍOR casadh Alex Hijmans orm riamh. Sin ráite, mothaím go bhfuil aithne de chineál éigin agam air. Chuir cuid mhór de lucht na Gaeilge sa tír seo suim ina scéalsan, Ísiltíreach a tháinig chun cónaí in Éirinn, a d'fhoghlaim an Ghaeilge, a bhog go Gaillimh agus a bhunaigh caifé dátheangach. Chuir muid aithne air fríd a chuid gníomhaíochtaí neamhghnácha réabhlóideacha agus fríd an obair a rinne sé sna meáin chumarsáide. Le bliain nó dhó anuas, agus é ag cur faoi sa Bhrasaíl, seolann sé cártaí poist chugainn go tráthrialta. Thug '*Favella*' a foilsíodh sa bhliain 2009 pictiúr spéisiúil dúinn den bhaile nua atá déanta aige dó féin thall.

Rith sé liom go minic agus a chéad úrscéal uaidh, *Aiséirí*, á léamh agam gur dírbheathaisnéis de shórt a bhí á léamh agam. Ealaíontóir óg ón Ísiltír, Rebekka, a thagann chun cónaí in Éirinn, a bhogann go Gaillimh, a théann ag obair i gcaifé dátheangach Aiséirí sa chathair sin. Bean óg a éiríonn tógtha le cúrsaí teanga, ar mhaith léi a chur ar shúile mhuintir na hÉireann an tábhacht a bhaineann léi mar theanga, ar mhaith léi réabhlóid teanga a chur ar bun agus ar deireadh a aimsíonn gealghrá a croí i Meiriceá. Is beag dabht a bhí i m'intinn go raibh Hijmans ag tarraingt go mór ar a thaithí féin agus é i mbun pinn.

Rud inmholta go maith é sin ar ndóigh. Is gá don úrscéalaí a bheith ina thráchtaire ar an saol atá thart air, is gá dó léargas 'úr' a thabhairt dúinn ar na scéalta a bhfuil seanchleachtadh againn orthu. Éiríonn go maith le Hijmans muid a thógáil isteach i saol na mná óige seo. Éiríonn leis mar tá máistreacht aige ar an ábhar. Tuigeann sé an Ísiltír, tuigeann sé saol an chaifé dhátheangaigh, tuigeann sé saol na Gaeilge i nGaillimh agus tuigeann sé cad atá i gceist le grá a aimsiú i Meiriceá. Tá sé in ann mioneolas sonrach a thabhairt dúinn agus cruthaíonn sé carachtar i Rebekka atá go hiomlán inchreidte. Bíonn bá againn léi mar charachtar agus suim againn inti mar dhuine de thairbhe sin.

Tá réimse fíorspéisiúil carachtar cruthaithe ag Hijmans san úrscéal seo. Cuid acu, tig siad isteach sa scéal ar feadh achair ghairid agus imíonn siad arís, cuid eile coinníonn siad cuideachta linn i rith an scéil uilig. Tá greann agus íogair ag baint le cuid acu. Beirt fhear aerach i ngrá leis an fhear 'díreach' céanna; Martán Mussolini a ólann deich gcupa caife gach lá, a fhad is atá siad déanta díreach mar is maith leis iad a bheith déanta; Indiaigh dhearga atá ar chamchuairt damhsa i nGaillimh... is cinnte nach ligtear don leadrán teacht thar thairseach an chaifé, in aineoinn na n-uaireanta fada oibre agus an strus a bhaineann leis an obair chéanna.

Bhí na carachtair chomh suimiúil sin gur bhraith mé díomá ar uairibh nach ndearnadh tuilleadh forbartha orthu, nach bhfuair muid seans aithne níos fearr a chur orthu. Cuid de nádúr shaol an chaifé, mar a mhínítear do Rebekka é agus í ag toiseacht ag obair ann, go mbíonn daoine ag teacht is ag imeacht go rialta. Nuair a chastar na carachtair orainn ar dtús, músclaítear spéis ionainn agus ba mhaith linn a fháil amach caidé mar a éiríonn leo, ach ansin go tobann bailíonn siad leo. Ar bhealach is trua nach bhfuil toirt bhreise leis an leabhar seo, chun scéalta na gcarachtar seo a iniúchadh níos mó.

Mar a bheifeá ag dréim leis ó Cois Life, tá dearadh agus clóchur an leabhair ar ardchaighdeán, cé gur shíl mé go raibh €16 ábhairín daor. Níor mhaith liom go gcuirfeadh praghas an leabhair seo duine ón doras mar b'fhiú go mór é a léamh. Ficsean éadrom atá ann a thiocfadh le duine a thabhairt leis ar eitleán nó chuig an trá - léigh mé féin cuid mhór de agus mé ar thuras bus - ach cé go bhfuil sé éadrom soléite, tá léargas maith tugtha ag Hijmans ar chúrsaí grá, ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí féiniúlachta. Fanann na rudaí seo leis an léitheoir i ndiaidh dó an scéal a léamh agus beireann siad ábhar machnaimh dó.

Mar chéad úrscéal tá an leabhar seo le moladh go hard. Tá rud nó dhó, cuairt an chigire sláinte ag deireadh an scéil cuirim i gcás, nár luigh go rómhaith liom, ach taobh amuigh de na rudaí bídeacha seo, bhain mé ansásamh as Aiséirí a léamh agus beidh mé ag tnúth go mór leis an chéad leabhar eile ón Ísiltíreach ildánach seo!

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

Tráchtaireacht dhátheangach ar na cluichí ceannais peile agus iomána?

NÍL cinneadh déanta go fóill ag TV3 maidir leis an teanga ina gcraolfar craobhacha sóisir na hÉireann sa pheil agus san iomáint i mí Mheán Fómhair. Chaill RTÉ na cearta chun na cluichí ceannais a chraoladh níos luaithe sa bhliain. An tseachtain seo caite labhair léiritheoir na sraithe CLG ar TV3, Ciarán O'Hara, ag seoladh na gclár. Dúirt sé, "Tá muid féin agus CLG ag obair as lámha a chéile agus muid ag iarraidh ár gcuid roghanna uile a mheas. Tá roinnt gnéithe a fanfaidh dílis don traidisiún. Mar dhuine ón nGaeltacht, tá roinnt acu sin atá an-tábhachtach dom." Go traidisiúnta bhíodh RTÉ ag déanamh tráchtaireachta i nGaeilge ar na cluichí ceannais peile agus iomána, ach deir Ciarán O'Hara gurbh fhéidir go mbainfeadh TV3 triail as tráchtaireacht dhátheangach. "Caithfidh muid labhairt faoi na rudaí seo uile. Caithfidh muid oibriú le CLG agus teacht suas le réiteach a bheidh inghlactha ag an lucht

féachana uile a bhfuil taithí acu ar na cásanna seo. Bheinn ag súil go mbeidh cinneadh againn faoin mhí seo chugainn, nó mar sin."

Scéim maoinithe do chraoltóirí pobail ag BAI

TÁ scéim maoinithe nua seolta ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus iad ag cur €40,000 ar fáil do thograí teilifíse agus raidió pobail. Tá súil ag BAI go dtabharfaidh an maoiniú deis do chraoltóirí léirmheas agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí.

Ag labhairt dó ag seoladh na scéime an tseachtain seo caite dúirt Michael O'Keeffe, Príomhfheidhmeannach BAI, "Tá BAI an-sásta leanacht ar aghaidh lena thacaíocht le craoltóireacht phobail tríd an scéim tacaíochta do chraoltóireacht phobail. Cuireann an scéim tacaíocht ar fáil d'forbairt na hearnála agus d'fhorbairt stáisiún neamhspleách pobail, agus an phobail uile. Creideann muid go gcabhróidh an maoiniú atá á chur ar fáil againn arís i mbliana le forbairt earnáil na craoltóireachta pobail."

Tá an scéim seo á reáchtáil ó 1998 i leith agus in 2010 tugadh maoiniú do 8 gcinn de stáisiúin theilifíse agus raidió.

Is é an spriocdháta d'iarratais don scéim ná 29ú Iúil.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó www.bai.ie

Scannáin á lorg ag Pigeon Field

TÁ féile scannán Pigeon Field ag lorg scannán dhá nóiméad ar fhad a chraolfar mar chuid den fhéile a bheidh á reáchtáil i mBéal Feirste ar 20ú Lúnasa.

Caithfear foirm iarratais agus do scannán dhá nóiméad i bhformáid Quicktime nó MPEG a chur chuig Pigeon Field Music and Film Festival, 26 Welllington Park, Belfast, County Antrim, BT9 6DL roimh 15ú Iúil.

Níl aon táille i gceist chun go mbeadh scannán san áireamh san fhéile agus is féidir le gach scannánóir suas le dhá scannán a bheith san áireamh acu.

Déanfaidh painéal moltóirí na scannáin uile a mheas agus roghnóidh siad na scannáin a thaispeánfar ag an bhféile. Ba cheart go mbeadh do scannán feiliúnach don teaghlach uile le breathnú air.

Is féidir na hiarratais iontrála a fháil ach dul chuig www.pigeonfield.com agus beidh deis agat £100 agus dearbháin deontais a bhuachan má bhronntar duais ar do scannán.

Scéimeanna Oiliúna de chuid Chiste Craoltóireachta na Gaeilge

TÁ fáilte á cur faoi láthair roimh iarratais ó dhaoine ar dhá scéim éagsúla oiliúna ag Ciste Craoltóireachta na Gaeilge (ILBF). Tá an Scéim d'Iontrálaithe Nua i scileanna léiriúcháin don teilifís dírithe ar dhaoine nár oibrigh san earnáil teilifíse roimhe seo. Tá an Scéim do Léiritheoirí faoi Oiliúint dírithe orthu siúd atá ag obair san earnáil ar feadh bliana ar a laghad. Is scéimeanna lánaimseartha atá i gceist leis an dá scéim seo agus beidh na hoiliúnaithe ag obair le comhlachtaí teilifíse agus leis an stáisiún teilifíse NvTV, stáisiún áitiúil atá lonnaithe i mBéal Feirste. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar aon cheann de na scéimeanna seo caithfear a bheith líofa sa Ghaeilge agus bheadh cáilíocht tríú leibhéal inmhianaithe sna hábhair seo a leanas: na meáin chumarsáide, an Ghaeilge, cuntasaíocht, staidéar gnó nó dlí. Tá pacáiste eolais le huaslódáil ón suíomh idirlín www.northernirelandscreeen.co.uk nó is féidir tuilleadh eolais a fháil trí theagmháil a dhéanamh le Brendan Hehir roimh an spriocdháta, 31 Meitheamh ag 5in. Is féidir glaoch a chur ar Bhrendan ar (028/048) 90232444 nó ríomhphost; brendan@northernirelandscreen.co.uk nó tríd an ghnáthphost ag Scáileáin Thuaisceart Éireann, 21 Sráid Alfred, Béal Feirste BT2 8ED.

Éist le



RTÉ Raidió 1: 'Seascapes' Labhraíonn Marcus Connaughton le Jim MacLaughlin, údar an leabhair Troubled Waters: A Social and Cultural History of Ireland's Sea Fisheries. Is é seo an leabhar is cuimsithí ar iascach na bhfarraigí in Éirinn go dtí seo. Dé hAoine @ 10.30in

Dublin City Fm 103.2: 'The Astronomy Show' Is é seo an t-aon seó in Éirinn dírithe go hiomlán ar an réalteolaíocht. Cuireann Ben Emmett agus a chomhláithreoirí, John Dickson agus Christy Creely, an nuacht ar fad i láthair mar aon le heolas faoi mhisin spáis agus eile. Gach Máirt @ 8in.

Clare Fm: 'Cúlchaint' Clár cainte curtha i láthair ag Donal Ó Loinsigh gach Satharn 9-9.30rn.

Féach ar

RTÉ Two: 'Nurse Jackie' Is sraith dhorcha ghrinn í Nurse Jackie bunaithe ar bhanaltra san aonad éigeandála. Sa chéad chlár seo den dara sraith caitheann Jackie roinnt ama lena clann ag an trá ach san ospidéal tá amhras ar Gloria faoi na drugaí uile atá in easnamh. Dé hAoine @ 9in

UTV: 'Love Your Garden' Sa tsraith úr seo tá Alan Titchmarsh agus a fhoireann saineolaithe ar thóir an spáis is deise faoin aer sa Bhreatain. Beidh sé ag taispeáint do dhaoine cén chaoi le hathchruthú a dhéanamh ar na stíleanna éagsúla a fheicfear sa chlár. Dé hAoine @ 8in

BBC One: 'The Apprentice' Sraith úr. Tá Alan Sugar ar ais arís agus é ag iarraidh duine amháin as an dá fhoireann, Logic agus Venture, a roghnú chun dul ag obair leis. Dé Céadaoin @ 9in.

Raidió Pobail nua i mBealach Abhra

TÁ raidió pobail nua ar an aer, Raidió Pobail Bhealach Abhra atá le cloisteáil ar 92.6fm. Tá fáil ag muintir an Rátha i gContae Chorcaí ar an stáisiún chomh maith le daoine atá ina gcónaí in achar 8 gciliméadar den áit agus in áiteanna áirithe i Luimneach Theas. Deir bainisteoir an stáisiúin Dee Collins, "Beidh BCR 92.6fm ag craoladh ar dtús ó 9rn go dtí 9in gach Satharn agus Domhnach agus beidh muid ag obair i dtreo sceideal iomlán a chraoladh seacht lá na seachtaine. Beidh idir cheol, spórt agus agallaimh againn." Mar raidió pobail, deir Cathaoirleach an stáisiúin, John Harrolds, go bhfuil siad ar thóir oibrithe deonacha. "Tá neart bealaí gur féidir le daoine a bheith mar pháirt den stáisiún agus cuirfear traenáil ar fáil dóibh siúd a bhfuil suim acu sa chraoltóireacht nó i ngné eile den stáisiún. Téigí i dteagmháil leis an stiúideo ar (063) 30033 chun na sonraí ar fad a fháil," a deir sé. Táthar ag iarraidh an fhoireann spóirt go mórmhór a leathnú amach. Má tá suim agat sa spórt áitiúil agus más maith leat a bheith mar rannpháirtí rialta nó mar láithreoir is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig Miriam ag miriam@bcradio.ie.

An glas i measc an ghoirm, an bháin agus an deirg

Labhair **Caitríona Ní Chadhain** le Ger Corrigan ó na **Corrigan Brothers** a bhfuil clú bainte amach acu lena gcuid amhráin thráthúla

Ní minic a dhéanann Uachtarán Mheiriceá tagairt do bhanna nó d'amhrán i bpríomhóráid. Is mar gheall air sin a bhí ríméad ar thriúr deartháireacha as contae Thiobraid Árann ar an 23 Bealtaine nuair a thug mac sinsearach Mhuine Gall cuairt ar ais ar an tír a d'fhág a shin-sin-seanathair, Falmouth Kearney, in 1850. Ag seasamh os comhair na sluaite ag Faiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath dúirt Obama: "Bhí a fhios agam go raibh fréamhacha agam trasna an Atlantaigh, ach go dtí go gairid ní fhéadfainn a rá go cinnte gur duine de na Gael-Mheiriceánaigh sin mé. Ach anois, má chreideann tú na Corrigan Brothers, níl duine ar bith chomh hÉireannach liomsa!"

Ger, Brian agus Donncha is ainm don triúr deartháireacha Corrigan agus tá siad ag seinm ceoil ó aois óg. Cúpla bliain ó shin tháinig siad le chéile faoin teideal 'Hardy Drew and the Nancy Boys' ach tar éis tamaill d'athraigh siad a n-ainm go dtí na 'Corrigan Brothers'. Fuair na deartháireacha Corrigan neart aitheantais thiar sa bhliain 2009 nuair a tháinig cáil ar an amhrán a scríobh siad dar teideal "*There's no one as Irish as Barack Obama*" ar an idirlíon. Thug sé fiche nóiméad ar an triúr an t-amhrán a scríobh in 2008 tar éis gur aimsíodh an ceangal idir Éirinn agus Obama. Bhí éileamh mór ar an amhrán i Meiriceá agus shroich sé uimhir a 77 sna cairteacha ansin ag pointe amháin. Go gairid ina dhiaidh sin shínigh siad conradh le Universal. Thosaigh nuachtáin ar fud Mheiriceá agus na hÉireann ag caint faoin triúr deartháireacha. "Fuair muid freagairt dhochreidte, ó na meáin Mheiriceánacha go háirithe. Bhí orm an fón a chasadh as mar bhí sé ag glaoch gan stop. Bhí fíor-fíor iontas orainn le gach rud, bhí sé iontach," a dúirt Ger.

I rith a fheachtais toghcháin in 2008 dúirt Obama: "Tá sráidbhaile beag in Éirinn as ar tháinig mo shin-sin-seanathair agus tá mé ag súil le dul ann agus pionta a bheith agam." Mar atá a fhios againn tharla sé seo i mBealtaine na bliana seo, ag scaipeadh dóchais agus dea-mheasa tríd an tír. Bhí meangadh gáire ar aghaidh na tíre nuair a thóg Barack a phionta in airde agus bheannaigh "Sláinte!" Bhí na Corrigan Brothers ina measc siúd a bhí ann chun fáilte abhaile a chur roimh Obama nuair a thug sé cuairt ar Mhuine Gall. Is iomaí uair atá an t-amhrán sin "There's no one as Irish as Barack Obama" seinnte acu i dteach ósta Ollie Hayes, áit ar stop Barack isteach i gcomhair pionta úr Guinness.

Ger, Brian agus Donncha is ainm don triúr deartháireacha Corrigan agus tá siad ag seinm ceoil ó aois óg. Cúpla bliain ó shin tháinig siad le chéile faoin teideal 'Hardy Drew and the Nancy Boys' ach tar éis tamaill d'athraigh siad a n-ainm go dtí na 'Corrigan Brothers'.

Tugadh cuireadh do na deartháireacha seinm ag trí cinn d'ócáidí oirnithe Obama in Washington. Beidh siad ar ais sna Stáit Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo i gcomhair Slógadh Daonlathach Obama in éindí le Henry Healy, Ollie Hayes agus an Canónach Stephen O'Neill, daoine a raibh baint mhór acu le teacht Obama go Muine Gall. Tá cúpla athrú déanta acu ar an amhrán chun an t-eolas a thabhairt chun dáta. "Taitníonn na hamhráin le daoine, tá siad greannmhar, sin an méid, níl aon duine ag rá gur ealaín den scoth atá iontu." Is léir nach mbeidh aon Grammys ag dul go dtí na Corrigan Brothers le haghaidh scríbhneoireacht nuálach ach is píosa craic atá sa cheol seo, agus cuireann sé áthas ar go leor daoine.

"Tá leanúint dhochreidte againn ó na hÉireannaigh thar lear, faigheann muid go leor poiblíochta taobh amuigh d'Éirinn", a dúirt Ger. Go gairid i ndiaidh na hóráide i mBaile Átha Cliath labhair Ger le feisire ó na Stáit Aontaithe a dúirt leis, "An dtuigeann tú an méid uaireanta a dhéantar ath-chraoladh ar óráid uachtaráin? Is rud mór é seo!" Beidh albam nua á chur amach ag na fir go luath, albam dar teideal "For Folks Sake". Scríobh siad amhrán nua in éindí le Shay Healy darb ainm 'The global hurling team', amhrán a bheidh ar an albam. Cuireann sé síos ar staid na tíre faoi láthair agus labhraíonn mar gheall ar pharóistí ag cailleadh a gcuid imreoirí is fearr ag an eisimirce. 'The ballad of Shane Long' is ainm d'amhrán nua eile atá acu atá á úsáid anois ag Reading FC; beidh na deartháireacha ag scríobh amhrán eile ar son Reading má shroicheann siad an Phríomhshraith i Sasana. Is cosúil go bhfuil an smaoineamh ceart ag an triúr, scríobh amhráin ar chúrsaí reatha agus ábhar tráthúil agus tabharfaidh daoine aird ort!



OIDEACHAS

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Obair Dheonach

Ceist: Chaill mé mo phost le déanaí agus tá mé ag smaoineamh ar obair dheonach a dhéanamh mar tá am saor agam. An mbeidh tionchar aige seo ar m'íocaíocht Sochar Cuardaitheora Poist? Cén chaoi a bhféadfainn rud éigin a aimsiú a mheaitseálann mo scileanna?

Freagra:



Is bealach maith atá in obair dheonach le coinneáil gníomhach, scileanna nua a fhoghlaim agus bheith páirteach i do phobal áitiúil. Tig leat roinnt oibre a dhéanamh mar oibrí deonach agus do shochar leasa shóisialaigh a choinneáil. Ach, caithfidh tú leanúint ort ag sásamh na gcoinníollacha ar fad a bhaineann le d'íocaíocht (lena n-áirítear an riachtanas go bhfuil tú ar fáil agus ag lorg oibre).

Déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta ag d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó an rannóg a íocann d'íocaíocht leasa shóisialaigh cinneadh de ghnáth an féidir leat d'íocaíocht leasa shóisialaigh a choinneáil agus oibriú mar oibrí deonach. Cuireann an tOifigeach Breithiúnachta roinnt tosca san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige an bhfuil an obair deonach. Áirítear leo seo:

- Aidhmeanna agus seasamh na heagraíochta deonaí (tig leo bheith ina ngrúpaí náisiúnta nó áitiúla)
- An cineál oibre atá i gceist
- An líon uaireanta a oibrítear sa tseachtain

D'fhéadfaí a áireamh le samplaí d'obair dheonach a dhéanfá cuidiú le clubanna óige, grúpaí cúraim, grúpaí spóirt, grúpaí eaglaise agus cumainn chónaitheoirí áitiúla.

Más mian leat obair dheonach a dhéanamh agus Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist a choinneáil, caithfidh tú iarratas a dhéanamh faoin rogha obair dheonach sula dtosaíonn tú aon obair dheonach. Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais (VW1), atá ar fáil ó d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh.

Is í 2011 Bliain Eorpach na hOibre Deonaí agus beidh go leor imeachtaí ar siúl timpeall na tíre le ceiliúradh a dhéanamh agus obair dheonach a chur chun cinn. Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin ag eyv2011.ie chun tuilleadh a fháil amach faoin mbliain. Tig leat teagmháil a dhéanamh chomh maith le Volunteering Ireland (volunteeringireland.ie) agus *Volunteer Centres Ireland* (volunteer.ie) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dheiseanna oibre deonaí nó féach ar shuíomh gréasáin Activelink (activelink.ie).

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

Teacht aniar Ghaeilge Mhanann

Seosamh Ó Riain

DE thoradh sárobair Unnid Ghaelgagh (Aonad Gaeilge Oileán Mhanann), tá athbheochan iontach ar siúl i nGaeilge Mhanann le blianta beaga anuas.

Tá breis is 1,000 páiste i mbun foghlama na teanga ag leibhéal na mbunscoileanna agus thart ar 100 dalta ag déanamh staidéir uirthi sna meánscoileanna.

Ní amháin sin, ach is féidir le daltaí Gaeilge Mhanann a dhéanamh sna scrúduithe GCSE agus A-leibhéil chomh maith.

Is amhlaidh go bhfuil an cháilíocht dhá bhliain A-leibhéil bunaithe ar scrúduithe Gaeilge agus tiocfaidh sí in áit an chúrsa a bhí ann roimhe seo a bhí dírithe ar chianfhoghlaim amháin.

Tá an Unnid Ghaelgagh gníomhach i 25 bunscoil agus i ngach ceann de na cúig mheánscoil atá ar Oileán Mhanann.

Bíonn múinteoirí de chuid an Unnid Ghaelgagh de shíor ag cruthú ábhar foghlama agus tá dhá théacsleabhar do na meánscoileanna ar na bacáin mar aon le leagan leasaithe den bhunchúrsa lárnach Bun Noa atá in ú sáid cheana i mbliana.

Is gearr go mbeidh suíomh idirlín Wiki ann don teanga ag www2.sch.im!

Crosfhocal 10.06.2011



NODANNA

TRASNA

1 Gan a bheith ar thaobh amháin nó taobh eile i gcogadh (8)
4 Clár scríbhneoireachta do mhúinteoirí? An clár ---- (4)
6 Toghcheantar nó toghroinn i mbaile nó cathair (5)
7 Costasach (4)
10 Ciallmhar, iontaofa (6)
11 Glac, iompair (3)
12 Amach, ag teacht amach ó (2)
13 Ná bí ag léiriú brat den dath seo do tharbh! (5)
14 Gníomh atá déanta in aghaidh rialacha morálta (5)
17 Bolgtha, méadaithe (3)
19 'Foirgneamh' nó ionad ina mbíonn daoine ag snámh (4)
21 Imeacht nach bhfuil ag dul ar aghaidh, tá sé curtha ar ---- (4)
23 Páirc, má (8)
24 Teocht íseal (4)
25 Bainne do-ólta le boladh a léiríonn go bhfuil sé imithe as feidhm? (4)
26 Áit stórála sábháilte (6)
27 Áit ard charraigeach ar bharr sléibhe (4)

SÍOS

2 Mothúchán a bhíonn ort nuair nach bhfuil bia ite agat (5)
3 Saghas scamall íseal a chúisíonn fadhbanna do thiománaithe (3)
4 Dán, amhrán (4)
5 Do lámha a chaitheadh thart ar dhuine go cairdiúil (6)
6 Scéalta nach bhfuil fíor (6)
8 Gur féidir meas a chur ar mar dhuine; measúil (5)
9 Braoi, an chuid den aghaidh os cionn na súl (5)
11 Áit a mbíonn turasóirí ar imeall na farraige (3)
15 Aithníonn ceann acu seo, ceann eile acu seo! (6)
16 Smaoinigh (3)
18 Go dtí an taobh eile, thar dhroichead mar shampla (6)
20 Gléas scríbhneoireachta a bhíodh ina úsáid ag múinteoirí (ar 4 trasna, b'fhéidir) (5)
21 Prios, almóir (5)
22 Thall, ar an taobh eile uait (5)

Crosfhocal
03.06.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Deirdre Ní Cheallacháin,
Co. Thiobraid Árainn

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 15.06.2011 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Ón Úll Mór go dtí na hÚlloird

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le **Johnny Murtagh**

AG an am seo anuraidh bhí Johnny Murtagh tar éis an t-aon chluiche sa chraobh a bhí le himirt aige a imirt.

Ní mór an éifeacht a bhí ag ceithre chúilín Murtagh nuair a chuir Gaillimh Nua-Eabhrac amach as an gcraobh.

D'iarr bainistíocht Nua-Eabhrac air fanacht bliain sa bhreis, ach bhí aigne fhear Chrois Mhic Lionnáin déanta.

Dúradh go raibh dallamullóg air má chreid sé go bhféadfadh sé imirt d'Ard Mhacha. Ach, chuir sé a cheann síos agus thosaigh sé ag traenáil i Van Cortlandt Park i Nua-Eabhrac chun a leibhéal aclaíochta a ardú. Cas an clog ar aghaidh 12 mí agus tá Murtagh ag déanamh traenáil chrua sa halla gleacaíochta le captaen Laoise, Colm Begley, fear atá ag roinnt tí leis. Tá a fhios aige nach bhfuil an obair chrua ach tosaithe áfach.

Tá Nua-Eabhrac curtha go cúl a chinn aige agus é ag imirt a chuid peile le Parnells i mBaile Átha Cliath agus é ar ais ar fhoireann idirchontae Ard Mhacha, le ceathrú uaire imeartha aige in aghaidh an Dúin sa chluiche ceathrú ceannais de Chraobh Uladh. "Bhí muinín agam go mbeadh an bua againn in aghaidh an Dúin. Ag leath-am bhí beagán amhrais orainn, bhíomar tar éis stopadh ag imirt, thógamar ár gcos ón ngás ar feadh deich nóiméad agus ligeamar isteach sa chluiche arís iad."



Johnny Murtagh, ag imirt ina gheansaí dúchasach, geansaí Chrois Mhic Lionnáin. PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE

"Dúramar linn féin ag leath-am céim in airde a thógáil agus sa cheathrú dheireanach bhí Ard Mhacha i gceannas. Ní raibh muid buartha faoi Marty Clarke. Bhíomar buartha fúinn féin. Bhí post le déanamh ag gach fear agus dhein siad an post sin. Cheap mé go raibh sé ionainn brú ar aghaidh. Ag caitheamh sracfhéachana siar, bhíomar i gceannas."

"Dá mba rud é gur thógamar roinnt cúilíní, bheadh an bhearna níos mó agus cluiche níos éasca a bheadh ann ar deireadh." Mar thoradh ar an mbua tugann siad aghaidh ar Dhoire seachtain ón Domhnach seo, ach tá a fhios ag Murtagh gur gá don fhoireann teacht chun tosaigh ag an am ceart. "Ó thaobh na traenála de, táimid ag cur leis diaidh ar ndiaidh, ag iarraidh an buaicphointe a sroichint ag an am ceart den bhliain. Nílimid buartha faoi Dhoire, nílimid ag smaoineamh ar Dhoire. Nílimid ach ag smaoineamh fúinn féin. Tá foireann á tógáil ag Ard Mhacha le roinnt blianta anuas, agus tá roinnt de na himreoirí ag teacht chun cinn anois. Táimid láidir agus is féidir linn brú ar aghaidh uaidh seo." Bhí Murtagh míshásta leis an méid a bhí le rá ag Pat Spillane tar éis an bhua a ghnóthaigh Ard Mhacha ar an Dún, 1-15 in aghaidh 1-10. Chreid an Ciarraíoch nach raibh an Dún tar éis staidéar a dhéanamh ar Ard Mhacha agus go raibh baint aige sin le bua Ard Mhacha. "Bhí sé sin beagáinín géar agus muid in aghaidh foirne a chaill amach ar Corn Mhic Uidhir le pointe amháin anuraidh (in aghaidh Chorcaí)." Ardaíonn sé sin an cheist: an gá d'fhoireann Ard Mhacha rud éigin a chruthú? Dar le Murtagh, níl faic le cruthú ag an ngrúpa seo faoi stiúir Paddy O'Rourke. "Tá an fhoireann seo tar éis roinnt craobhacha Uladh a bhuachaint agus ní dóigh liom go bhfuil aon rud le cruthú acu. Táimid ag baint taitnimh as an imirt faoi láthair le meascán idir óg agus taithí."

"Tugann Jamie Clarke agus Tony Kernan an 'Cross(maglen) factor' leo i dtaobh an 'anam buachana'. Tá Kieran Toner ag teacht in aois agus tá muinín againn asainn féin, nuair nach bhfuil muinín ag daoine eile asainn. Tá an-chuid taithí ag Steve McDonnell, Ciaran McKeever agus ag Willie Joe Padden agus cabhróidh sé sin linn." "Tá Aaron Kernan socraithe san fhoireann le tamall agus tá an-chuid taithí aige. Bhuaigh sé gradam imreoir na bliana cheana, ach ní faic iad na rudaí sin do Aaron. Tá Jamie ann anois chomh maith agus lán muiníne aige as féin. Níl ach beagán feicthe againn uaidh. Is eisean an chéad Gooch eile, a deir sé.

Faoi láthair tá Murtagh sásta fanacht ar a dheis. Dar leis beidh scuad láidir uaidh Ard Mhacha má tá siad ag iarraidh dul chomh fada leis na babhtaí deiridh den chraobh agus is cosúil gur céim eile i dtreo Sam a bheas i mbua in aghaidh Dhoire. "Is é an fhoireann an rud is tábhachtaí. D'imir na tosaithe go maith an uair faoi dheireadh agus tá mé ag faire ar mo dheis. Tá a fhios ag Paddy O'Rourke nuair nach bhfuil cúrsaí ag dul go maith go bhfuil mise ansin, agus tá Brian Mallon - díreach tagtha ar ais ó ghortú - ar an líne chomh maith. Is cluiche 20 imreoir atá ann anois agus má tá aon fhoireann le dul i bhfad, go háirithe don Sam Maguire, beidh breis is 15 imreoir uathu chun é sin a bhaint amach. Tá mé lánchinnte go bhfuil an fhoireann againn chun dul i bhfad. Tá sé léirithe againn, fiú amháin leis na gortuithe a chuir as dúinn."

An 10 Scannán Spóirt is fearr riamh!

Le scaoileadh an scannáin Senna tá cláir faisnéise spóirt eile tar éis teacht chun cuimhne arís. Is é guth Ayrton Senna atá ag déanamh athbhreithniú ar a shaol agus téann sé go mór i bhfeidhm ort toisc go bhfuair sé bás i rás F1 in Imola in 1994. Tá níos mó sa scéal ná an spórt. Feictear fear atá go hiomlán gafa ag an spórt agus é de shíor ag iarraidh bheith níos fearr. Cuireann **Cillian Ó Conchúir** na 10 gclár faisnéise spóirt is fearr leis, os bhur gcomhair.







10: 'Beyond the Mat' - Leanann sé na hiomrascálaithe Mick Foley, Terry Funk agus Jake Roberts ina saol lasmuigh den fháinne. Fiú amháin má tá gráin agus fuath agat don spórt, cuireann an clár faisnéise na hiomrascálaithe os comhair an lucht féachana ar bhealach go mbíonn baint agat lena saol.

9: 'Murderbal' - Scéal faoi lúthchleasaithe parapléigeacha a imríonn rugbaí lán-teangmhála i gcathaoir rothaí agus a chuireann na constaicí uilig i leataobh chun aghaidh a thabhairt ar na Cluichí Parailimpeacha sa Ghréig.

8: 'Kill The Referee' - Nochtar saol an réiteoira le linn Chraobh na hEorpa 2008, ina measc Howard Webb, agus cé mar a bhíonn réiteoirí ón Spáinn agus ón Iodáil ag fanacht ar an toradh idir an Iodáil agus an Spáinn sa chluiche leathcheannais le fáil amach an mbeidh siad ag réiteoireacht sa chraobh.

7: 'Magic & Bird: A Courtship Of Rivals' - Feictear an cairdeas ait a bhí ann idir beirt imreoirí de chuid an NBA i Meiriceá. Nochtar gur chabhraigh an choimhlint idir an bheirt leis an NBA maireachtáil tar éis dóibh teacht le chéile leis an ABA.

6: 'The Golden Team' - Scannán ar fhoireann na hUngáire a d'imigh chuig na cluichí Oilimpeacha in 1952 agus ar aghaidh chuig Corn an Domhain in 1954 le linn an Chumannachais. Deirtear gurb iad an fhoireann ab fhearr riamh nár bhain Corn an Domhain amach.

5: 'The Best That Never Was' - Ba chóir do gach ógánach a bhfuil suim aige nó aici i ngairm bheatha a ghnóthú tré spórt, féachaint ar an gclár seo. Scéal brónach atá ann faoi conas gur tháinig Marcus Dupree ar an láthair mar shár-imreoir ach conas nár éirigh leis an chéim is airde a bhaint amach de bharr easpa treorach.

4: 'Hoop Dreams' - Breathnaímid ar thuras beirt ógánach ar a mbealach tríd an ardscoil i Meiriceá thar achar cúig bliana. Bhí sé ceaptha bheith 30 nóiméad ar fad, ach ba scannán 171 nóiméad a bhí ann ar deireadh. Feictear na páistí óga ag dul trí dheacrachtaí baile mar aon le deacrachtaí scoile chun cispheil a imirt. Bhuaigh sé an duais don chlár faisnéise ab fhearr ag Sundance in 1994.

3: 'The Two Escobars' - Maraíodh peileadóir ón Cholóim, Andres Escobar, tar éis dó filleadh ó Chorn an Domhain. Seachtainí níos luaithe do chuir sé an liathróid isteach ina líon féin. Léirítear an nasc a bhí idir an pheil sa Cholóim agus cartel drugaí Pablo Escobar. Ar shlí feictear ardú agus titim fhoireann idirnáisiúnta na tíre in ardú agus titim Pablo Escobar agus an cartel drugaí Medellin.

2: 'The Thriller in Manilla' - Feictear an troid fhíochmhar idir Joe Frazier agus Muhammad Ali agus an t-aighneas idir an bheirt sa scanná n. Dhein Frazier iarracht fionraí Ali a chur ar ceal tré bhualadh le hUachtarán na Stát Aontaithe Richard Nixon. Uaidh sin tógann cairdeas na beirte casadh. Deir Ali go bhfuil sé ag troid ar son an fhir ghoirm agus go bhfuil Frazier ag troid ar son an chine bháin.

1: 'Senna' - Ní beag an t-éacht atá déanta ag an stiúrthóir Asif Kapadia chun saol Ayrton Senna a léiriú leis an tiománaí F1 é féin ag déanamh tagairt dá shaol. Is beag rannpháirtí, seachas Senna, a fheictear ag labhairt sa chlár. Faoin deireadh, is cuma an duine de lucht leanúna an spóirt tú nó muna bhfuil aon suim agat i rásaíocht carr, beidh tú iomlán gafa ag pearsantacht Senna.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meitheamh, 2011

Ar an gclaí

Tá an-deireadh seachtaine romhainn

John Allen

TÉANN seaimpíní iomána na Mumhan, Port Láirge, chun páirce an Domhnach seo i gcoinne sheaimpíní roinn a dó na sraithe, Luimneach.

Is deacair an cluiche seo a thomhas. Seo an chéad chluiche sa chomórtas don dá fhoireann agus mar dhuais mór téann an buaiteoir díreach isteach chuig craobhchluiche an Chúige.

Níl aon dabht ach go bhfuil dul chun cinn déanta ag an dá fhoireann le linn na gcluichí sraithe.

Bhuaigh Luimneach gach cluiche faoi stiúir na bainistíochta nua agus cé nár éirigh chomh maith san le fir na nDéise, caithfidh go raibh an bainisteoir Davy FitzGerald sásta go leor le dul chun cinn na foirne.

De réir mar a chloisim tá cúrsaí ciúin go leor cois Sionainne. Níl an tuafás cainte faoin gcluiche agus níl dóchas mór gur féidir leo an cluiche seo a bhuachaint.

Tá saoithe áirithe ag ceapadh go mbeadh Luimneach níos fearr as gan an cluiche seo a bhuachaint mar go bhfaigheadh said léasadh ceart ó Thiobraid Árann sa chraobh (sin má bhuann Tiobraid Árann ar an gClár sa leathchraobh).

Ní dóigh liom go bhfuil an fhoireann ag dul isteach sa chluiche leis an meon sin.

Caithfidh go bhfuil Dónal Ó Gráda agus a chomrádaithe sásta go mbeidh an fhoireann ag imirt arís sa phríomh-roinn an bhliain seo chugainn ach chun bheith fírinneach faoi níl fhios againn, ná b´fhéidir acu féin, cé chomh maith is atá siad.

Is mór an míbhuntáiste é bheith ag imirt i roinn a dó na sraithe agus ansin bheith ag iarraidh bheith iomaíoch i gcorn Liam Mhic Cárthaigh.

Sea, nuair a bheidh deireadh déanta ar an Domhnach beidh eolas níos fearr againn ar cá seasann iománaithe Luimnigh.

Tá foireann na nDéise ag treabhadh leo go ciúin freisin agus tá cuid maith réaltaí acu, leithéidí Eoin Murphy, Tony Browne, Brick Walsh, John Mullane agus Eoin Kelly. In éineacht leo tá scata maith d'imreoirí óga agus má éiríonn le Davy FitzGerald agus a roghnóirí an meascán ceart a chur chun páirce, ceapaim go mbeidh siad rómhaith do Luimneach.

Cuireann Cill Chainnigh chun bóthair ar an Satharn seo i gcoinne a gcomharsan, Loch Garman, agus, dár ndóigh, an rud is annamh is iontach mar is dócha go bhfuil ceisteanna á gcur faoin fhoireann iomráiteach seo agus iad ag tosnú amach ar bhóthar na craoibhe. Le tamall de bhlianta is faoi cé a thabharfadh dúshlán dos na Cait a bhíodh na ceisteanna ach bliain i ndiaidh bliana theip ar gach aon fhoireann, is é sin go dtí anuraidh nuair a chuir Tiobraid Árann deireadh leis an iarracht ar chúig chraobh i ndiaidh a chéile a bhuachaint. Agus cé gur shroicheadar craobh na sraithe i mbliana, ní raibh siad maith go leor sa chraobh agus ó shin tá níos mó ceisteanna fúthu.

Ach faraor, tá Cill Chainnigh agus a mbainisteoir Cody fós beo agus creid é nó ná creid tá siad sa dara háit i ndiaidh Thiobraid Árann mar rogha na coitiantachta ag na geallghlacadóirí do chraobh na hÉireann. Dar ndóigh ní haon iontas é sin mar, má bhíonn tromlach na n-imreoirí is fearr acu, saor ó ghortuithe, beidh sé an-deacair iad a bhualadh.

Tá an bua faighte ag Loch Garman ar Aontroim cheana féin agus is maith an rud é go bhfuil cluiche imeartha acu agus iad ag tabhairt aghaidh ar na Cait ach an bhfuil aon seans acu?

Ní dóigh liom é.

Ag tabhairt aghaidh ar chúrsaí peile, an deireadh seachtaine seo caite thaispeáin Corcaigh agus Ciarraí go bhfuil bearna ollmhór idir iad féin, leis an draíocht a bhain le chuid de scóráil a rinneadar, agus na foirne eile sa chúige i láthair na huaire .

Bhí tosaithe na Ríochta go hiontach sa chluiche i gcoinne Luimnigh. Bhí draíocht ag baint le cuid den scóráil a rinneadar. Ach tá ceisteanna faoi na cúlaithe. Ghéilleadar trí chúl agus ní bheidh Jack O'Connor agus a roghnóirí sásta leis sin in aon chor.

Ní dóigh gur fhoghlaim Corcaigh mórán óna gcluiche i gcoinne Phort Láirge ach caithfidh go bhfuil Conor Counihan sásta go bhfuil painéal fíorláidir aige agus a fhoireann ag díriú isteach ar chraobhchluiche na Mumhan i gceann trí seachtaine. Is dóigh go ndéanfaidh slua mór bealach chuig Cill Airne don chluiche sin.

I gcúige Laighean beidh dianchoimhlint idir BÁC agus Cill Dara sa leathchraobh ann. Thaispeáin foireann Kieran McGeeney go bhfuil mianach iontu, go bhfuil siad thar a bheith aclaí, go bhfuil plean acu agus go mbeidh sé deacair ar aon fhoireann iad a bhualadh. Ach cuireann siad an chaid ar fóraoil rómhinic. Má fhaigheann siad leigheas ar an fhadhb sin beidh siad ábalta d'aon dúshlán .

Ach tá BÁC ag feabhsú agus is dóigh go bhfuil tosaithe níos fearr acu ach ar deireadh ní bheidh mórán eatarthu.

Mar sin, agus an séasúr faoi lán tseoil, bainigí taitneamh as cluichí an deireadh seachtaine.

Beir Bua.

Kieran McGeeney, bainisteoir peile Chill Dara.
[PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Davy Fitzgerald, bainisteoir iomána Phort Láirge.
[PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Rí Rugbaí Laighean

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le **Joe Schmidt**, bainisteoir Laighean

Joe Schmidt, bainisteoir fhoireann rugbaí Laighean.
. PIC: RAY MCMANUS / SPORTSFILE

TAR éis bliana a thosaigh go mall dó, is léir go bhfuil rí nua i cúrsaí rugbaí Laighean. Ach in ainneoin Corn Heineken a bheith buaite aige ina chéad séasúr i mBaile Átha Cliath 4, tá aghaidh an fhir ón Nua-Shéalainn dírithe i dtreo chorn 2012 anois atá an tarraingt do na grúpaí déanta.

"Gan amhras tá mé ag súil go mbeidh sé níos éasca cosaint a dhéanamh ar an chorn ná mar a bhí sé é a bhuachaint - bhí coimhlint againn é a bhuachaint sa chéad áit - ach anois is tusa an sprioc do gach foireann ag iarraidh tú a bhualadh, tá tú i do shuí ansin chun go bainfear tú," a dúirt Joe Schmidt linn.

Tabharfaidh Laighin aghaidh ar Bath Rugby, Glasgow Warriors agus Montpellier nuair a thosóidh siad ar a gcuid iarrachtaí ar an gcorn a bhuaigh siad i gCaerdydd a athbhuachan in Twickenham i mí Bealtaine 2012.

Níl ach Tíogair Leicester tar éis an comórtas a bhuachaint dhá bhliain i ndiaidh a chéile agus tá fhios ag Schmidt go bhfuil obair chrua i ndán dó.

"Glactar le Toulouse mar sprioc - leagann siad síos an caighdeán atá le baint amach - mar aon le Leicester Tigers agus Cúige Mumhan toisc go raibh siad ar bharr na hEorpa le tamall fada agus tá fhios againn go mbeidh siad ag iarraidh na curaidh a chloí."

In ainneoin cuma éasca a bheith ar an ngrúpa i gcomparáid le Connachta (Toulouse, Harlequins agus Gloucester) níl Schmidt ag ceapadh go mbeidh sé éasca i ngrúpa 3.

"Is seanchuraidh Chorn Heineken iad Bath, tá cúlra fíorláidir acu sa chomórtas agus léirigh siad an bhliain seo caite go bhfuil siad ag teacht ar ais chucu féin agus mí-ádh orthu gan a bheith sna ceithre fhoireann tosaigh sa Phríomhroinn.

"Agus ní féidir beagán a dhéanamh de Ghlaschú - labhair le Wasps faoin bhagairt atá iontu - toisc gur foireann iad a bhíonn go rialta ag fáil na láimhe in uachtar ar na foirne atá ar barr.

"I dtaobh Montpellier, feictear dom gur foireann iad atá ag teacht chun cinn san Eoraip agus tá mórán measa agam ar chóitséalaí na foirne, Fabien Galthie, ach measaim go mbraitheann sé go mór ar conas mar a thugann siad aghaidh ar Chorn Heineken agus má tá siad ag iarraidh an chéad chéim eile a bhaint amach."

Tá an ceart ag Schmidt sa mhéid atá le rá aige. Gach bliain léiríonn na foirne Francacha laige sa mhéid is nach ndéanann siad tréaniarracht ar an Chorn Heineken a bhuachan. Is é Top 14 na Fraince an comórtas go gcuireann siad an méid is mó béime air. Dá bharr ní féidir brath ar aon fhoireann, seachas Toulouse, chun na babhtaí deireanacha den chomórtas a shroichinn gach bliain.

"Ar an iomlán, tá cosúlacht air gur tarraingt iontach atá ann leis na foirne scaipthe go maith agus tá comórtas dochreidte i ndán dúinn arís.

Dhá Chorn Heineken laistigh de thrí bliana aimsithe anois ag Cúige Laighean le bua 33-22 in aghaidh Naoimh Northampton an mhí seo caite, ach tuigeann Schmidt go méadaítear an brú air toisc an méid a bhain sé amach le linn a chéad séasúir i gceannas.

"I ndiaidh na craoibhe, d'fhéachamar ar na gnéithe a dhein muid go maith agus orthu siúd nach raibh muid sásta leo. Ach ní go dtí gur tháinig mé ar ais chuig an Nua-Shéalainn agus go bhfaca mé an cluiche arís, le beoir chiúin, a thuig mé go díreach cad a bhain muid amach," a deir Schmidt.

"Thuig mé ansin, an cluiche dochreidte a bhí ann, conas mar a thit cúrsaí amach agus an bronnadh - cad é mar thráthnóna iontach. Bhí orm liomóg a bhaint asam agus is é an fhadhb atá ann anois ná conas a dhéantar an ceann is fearr a fháil air sin toisc gurbh fhuath liom titim ón méid atá bainte amach againn."

SACAR

"Níl na himreoirí seo ar fad chun áit a fháil ar fhoireann Phoblacht na hÉireann": Jim Boyce

Cillian Ó Conchúir

BHÍ sé suimiúil Leas-Uachtarán FIFA, Jim Boyce, a chloisteáil agus é ag déanamh trácht ar líon na n-imreoirí ó thuaidh atá tar éis a fhógairt go bhfuil siad le himirt do Phoblacht na hÉireann seachas don Tuaisceart.

"Níl na himreoirí seo ar fad chun áit a fháil ar fhoireann Phoblacht na hÉireann," ar Boyce, "toisc go bhfuil rogha i bhfad níos mó acu ná mar atá againn." Lean sé leis a rá dá bhfanfaidís ó thuaidh go mbeadh siad ag imirt go rialta leis an Tuaisceart, rud a bheadh níos fearr ná bheith mar "bit-part players" don Phoblacht. Níl Boyce ag díriú ar an fhíorcheist atá á léiriú ag leithéidí Darron Gibson, Marc Wilson, Shane Duffy, Daniel Kearns agus Marc Wilson, áfach, imreoirí a roghnaigh an Phoblacht seachas Tuaisceart na hÉireann.

Cén fáth go dtéann imreoirí óga ó chlubanna in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, trasna na bhfarraigí go Sasana nuair a bheadh deis níos fearr acu imirt go rialta le Shamrock Rovers nó Linfield? Gan amhras tá difríocht idir an dá chás, ach baineann an prionsabal céanna leo beirt.

Jimmy Boyce

Tá na himreoirí ag iarraidh an sprioc is airde a bhaint amach. Cén fáth go n-imreoidís le Nigel Worthington agus le foireann nach bhfuil chun páirt a ghlacadh i gcomórtas seachas an Carling Nations Cup (nach gá cáiliú dó) go ceann 20 bliain eile muna n-athróidh cúrsaí?

De réir rialacha FIFA, is féidir le himreoir a bhfuil níos mó ná náisiúntacht amháin aige imirt do cibé foireann idirnáisiúnta is mian leis. Bhí sé sin ann i bhfad sular roghnaigh Gibson, Kearns nó Wilson imirt ó dheas. I gcás Kearns, thóg Cumann Sacair Thuaisceart Éireann (IFA) a chás chuig an Chúirt Eadrána Spóirt (CAS) ag gearán go dtugann rialacha FIFA cead d'imreoirí a rugadh i dTuaisceart Éireann imirt don Phoblacht mar go bhfuil siad i dteideal pas Éireannach. Chaill an IFA an cás agus is beag is féidir leo a dhéanamh ó thaobh na gcúirteanna amach anseo mar gheall air sin. Cheistigh Boyce imreoirí atá tar éis geansaí na Poblachta a tharraingt chucu féin a rá: "Ní cheapaim go bhfuil aon chúis ag imreoirí óga a rugadh i dTuaisceart Éireann gan imirt don tír inar rugadh iad."

Ach an aidhm atá ag aon imreoir nó lúthchleasaí ná bheith páirteach ag an leibhéal is airde dá bhfuil ann. Is mar gheall air sin atá Gibson fós le Manchester United. Tá gach seans ann go mbeadh sé san fhoireann tosaithe dá mbeadh sé le foireann níos laige, ach tá sé ag iarraidh an leibhéal is airde a bhaint amach.

Faoi láthair, níl foireann Worthington láidir. Dúirt Worthington le gairid gur chóir d'imreoir a rugadh i dtír ar leith imirt don tír chéanna. An fhadhb atá leis an tuairim sin, áfach - daoine a rá go bhfuil siad i gcoinne imreoirí ón Tuaisceart a bheith ag imirt d'Éirinn - ná an líon imreoirí a rugadh i Sasana atá ag imirt don Tuaisceart. D'imir Adam Thompson (18), arb as Harlow in Essex ó dhúchas dó, don Tuaisceart sa Carling Nations Cup i mí Feabhra. Is as Burnley do Oliver Norwood (20), Southampton do Josh McQuoid (21), Watford do Lee Hodson (19) agus is as Hammersmith ó dhúchas do Michael Bryan (21).

Is cosúil gur gné shuntasach atá le feiceáil, agus a bheidh le feiceáil amach anseo ná an rás idir tíortha chun debut maith iomaíoch a thabhairt d'imreoirí óga ionas nach mbeidís in ann aistriú níos déanaí. Is cosúil nach mó ná sásta a bheidh Worthington agus Boyce leis an nasc atá déanta ag Shane Ferguson (atá ag imirt do Newcastle) agus Daniel Devine (atá ag imirt do Preston) leis an Phoblacht. Fágann imreoirí slán le hÉirinn gach bliain mar, cosúil le Ferguson agus Devine, tá siad ag iarraidh dul chuig an áit is fearr ó thaobh sacair de.

Dar le daoine áirithe, léiríonn an méid atá tar éis tarlú do McCourt, McGinn agus Lennon an taobh diúltach den sacar ó thuaidh. Gné amháin atá soiléir - mar a léirigh FIFA - ní fada ón spórt an pholaitíocht.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal
● 10.06.2011

Na Conallaigh Caithréimeacha

Cloich Cheann Fhaola seaimpíní na bhfear sinsearach i gComórtas Peile na Gaeltachta

Ciarán Ó Braonáin

THÁINIG pobal na nGaeltachtaí le chéile ó cheithre hairde na tíre, agus níos faide fós, go dtí Páirc Naomh Fionnán in iarthuaisceart na tíre an deireadh seachtaine seo caite, chun ceiliúradh a dhéanamh ar a spórt agus ar a dteanga.

Ó thaobh na mbonn de bhí lámh in uachtar ag muintir Thír Chonaill agus clubanna an chontae ag buachan i ngach ceann de na ceithre chluiche ceannais.

D'éirigh le Baile na nGallóglach an ceann is fearr a fháil ar an bhfoireann áitiúil, Cloich Cheann Fhaola, i gcluiche ceannais na mban sa roinn sóisir, 5-9 i gcoinne 2-9, agus bhí bua cuimsitheach ag an Tearmann ar mhná Bhéal Feirste, Laochra Loch Lao, sa chluiche ceannais sinsir, 2-12 in aghaidh 0-00.

D'éirigh le Cloich Cheann Fhaola an cluiche mór a bhuachan, tar éis géar-iomaíochta ó pheileadóirí Mhaigh Cuilinn, agus corn Chomórtas Peile na Gaeltachta sinsearach a ghlacadh ar a bpáirc féin, an cluiche sin ag críochnú 0-11 in aghaidh 1-6.

Ní raibh muintir Thír Chonaill sásta géill-leadh riamh le linn an deiridh seachtaine. Fiú agus na peileadóirí ag ligint a scíthe rinne Brídín Ní Mhaoldomhnaigh cinnte de go raibh rith an rása iomláin acu agus an cailín as Gaoth Dobhair ag cur ghradam an Chailín Ghaelaigh le coirn na gConallach caithréimeach.

Buaiteoirí Chomórtas Peile na Gaeltachta 2011, Cloich Cheann Fhaola, a fuair an ceann is fearr ar Mhaigh Cuilinn i gComórtas na Sinsir. Is foireann iad Naomh Mhuire as Tír Chonaill a bhuaigh Comórtas na Sóisir in aghaidh Laochra Loch Laoi, Béal Feirste. Comhghairdeas leo ar fad. PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN

Bua drámatúil ag Naomh Muire ar na Laochra

Naomh Muire	**0-14**
Laochra Loch Lao	**0-13**

Tomaí Ó Conghaile

CHUAIGH Corn Sóisir Chomórtas Peile na Gaeltachta ar ais chuig Íochtar na Rosann den dara huair riamh i ndiaidh gur éirigh le Naomh Muire bua cúilín a fháil ar Laochra Loch Lao Bhéal Feirste sa chluiche ceannais Dé Luain.

Bhuaigh fir Aontroma go héasca sa dá chluiche a bhí acu go dtí sin sa chomórtas agus ba iad a bhí in uachtar sa chéad 20 bomaite, le réalta na foirne, Paddy Cunningham, ag aimsiú ceithre chúilín le cuidiú na gaoithe.

Choinnigh Ciaran McGinley agus Harry Harden imreoirí Thír Chonaill san iomaíocht áfach agus léirigh an fear ionaid Darragh de Faoite cumas ar leith chun buaiteoirí 2007 a chur chun tosaigh 0-7 i gcoinne 0-5.

Ní raibh an chéad tréimhse gan chonspóid mar gur léirigh ceamaraí TG4 gur tugadh cúpla buille san aghaidh do phríomhscórálaí na Laochra, Cunningham, rud a d'fhág go raibh air an pháirc a fhágáil de bharr go raibh sé ag cur fola.

Tugadh le fios i ndiaidh an chluiche gur chaill Cunningham dhá fhiacail san eachtra agus go raibh ceithre ghreim de dhíth ar an ghortú chomh maith.

Dhealraigh sé nach bhfaca an réiteoir Paddy Mac Giolla Bhríde cad a tharla áfach agus, ar atosú na himeartha, chinntigh scóranna deasa ó Dheaglán Mac Giolla Earnáin agus Eoin Ó Néill go rachadh na foirne isteach ag leath-am ar comhscór, 0-7 an taobh.

Bhí an choimhlint idir dhá cheann na meá mar sin ag tús an dara leath ach níorbh fhada gur oscail Laochra Loch Lao bearna idir na foirne le cúilíní ó Cunningham, Brendán Ó Brolcháin agus Deaglán Ó Loinsigh, a bhí ag imirt go maith i lár na páirce.

Agus ocht mbomaite fágtha ar an chlóg bhí foireann Bhéal Feirste cúig chúilín chun cinn, 0-13 in éadan 0-8, agus an chuma ar an scéal go mbeadh Corn na Sóisear ag dul go Béal Feirste den chéad uair riamh.

Lean Naomh Muire leo áfach, an lámh in uachtar á fáil acu de réir a chéile i lár na páirce, agus le scóranna eile ó McGinley agus Owen Grant, ní raibh ach cúilín idir an dá fhoireann ag dul i dtreo dheireadh an chluiche.

Sa deireadh ba é Shaun Boyle laoch mór na Rosann, é ag cur na liathróide thar an trasnán faoi dhó in am breise chun bua drámatúil a thabhairt do Naomh Muire.

Croíbhriseadh d'fhoireann lán-Ghaeilge na Ceathrún Gaeltachta ach dar leis an leatosaí láidir Feargal Mac Ionnrachtaigh go bhfuil na Laochra ag pleánáil cheana féin do chomórtas na bliana seo chugainn i nGaoth Dobhair.

Ach an uair seo ba ag captaen fhir na Rosann, Owenie McGarvey, a bhí an focal deiridh, é ag cur críche lena óráid leis an ráiteas tráthúil, "Is féidir linn!"

Owenie Mac Gairbheith, Captaen Naomh Mhuire as Íochtar na Rosann, Tír Chonaill, le Corn Sóisir na bhfear ag Comórtas Peile na Gaeltachta. PIC: BRÍD NIC SUIBHNE/EMG PHOTOS